CRIMINAL ASSETS BUREAU

# An Biúró um Shócmhainní Coiriúla
# Tuarascáil Bhliantúil



2019

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla
Cearnóg an Fhearchair
Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 PT89
Éire

Guthán: +353 1 666 3266
Ríomhphost: info@cab.ie
Twitter: criminalassets
Facebook: www.facebook.com/criminalassetsbureau.ie

www.cab.ie
www.anbiúroumschómhainnícoiriula.ie

Tá an tuarascáil seo ar fáil as Gaeilge freisin.
Tá an tuarascáil seo ar fáil as Gaeilge freisin.

© Cóipcheart Rialtas na hÉireann.
Rinne Coiste Tuarascála Bliantúla an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla 2019 an tuarascáil seo a ullmhú agus a dhearadh.

# Clár Ábhair

Clár Ábhar ........ i
Litir ó Choimisinéir an Gharda Síochána ag cur an tuarascáil ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt & Comhionannais ........ v
Litir ó Príomhoifigeach an Bhiúró ag cur an tuarascáil ar aghaidh chuig Coimisinéir An Garda Síochána ........ ix
Réamhrá ........ xiii

Cuid a hAon: Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh & a Fhoireann

*An Biúró* ........ *1*
*An Rialachas* ........ *1*
*Ceisteanna Comhshaoil agus Fuinnimh* ........ *2*
*Airgeadas* ........ *2*
*Cuspóirí agus Feidhmeanna* ........ *2*
*Príomh-Oifigeach an Bhiúró* ........ *2*
*Oifigeach Dlí an Bhiúró* ........ *3*
*Comhlacht Corparáideach* ........ *3*
*Struchtúr an Bhiúró* ........ *4*
*Oifigigh agus Foireann an Bhiúró* ........ *4*
*Soláthar Foirne Údaraithe* ........ *5*
*An Neamhainmníocht* ........ *5*
*An Oifig um Fhaisnéis & Measúnú* ........ *5*
*An Oifig um Bainistíocht Sócmhainní* ........ *6*
- *AFMS* ........ *6*
- *An Tionscadal Ríomh-Fhionnachtana* ........ *7*

*Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit* ........ *7*
*Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní* ........ *8*
- *Cur i láthair* ........ *8*
- *Imeacht FGL* ........ *8*
- *Cur i láthair CAB* ........ *9*
- *Cás 1* ........ *9*
- *Cás 2* ........ *10*

*Léarscáil Dáileacháin de Spriocanna CAB* ........ *11*
*An Oiliúint agus An Fhorbairt* ........ *12*
- *POCAI* ........ *12*
- *An Chuairt Staidéir a thug Oifig um Aisghabháil Sócmhainní na Moldóive Orainn* ........ *13*
- *Institiúid Taighde na Náisiún Aontaithe um an gCoireacht agus Ceartas Idir-réigiúnach* ........ *13*
- *An Chuairt Staidéir a Thug Breithiúna ón Úcráin Órainn* ........ *14*

*An Oiliúint Foirne* ........ *14*
*Airgeadraí Fíorúla* ........ *14*
*Cairt na hEagraíochta* ........ *16*

Cuid a Dó: Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla

Clár Ábhar


*Imscrúduithe* ... 17
*Alt 14* ... 17
*Alt 14A* ... 18
*Iarratais a rinneadh le linn 2019* ... 18
*Alt 17* ... 18
*Ionchúisimh Choiriúla* ... 19
*Cás 1* ... 19
*Cás 2* ... 19
*Cás 3* ... 19

Cuid a Trí: Gníomhartha faoin Acht um Fháltais ó Choireacht 1996 go 2016
*Réamhrá* ... 21
*Athbhreithniú ar Alt 1A* ... 22
*Eiseamláir* ... 22
*Cásanna Tosaithe* ... 23
*Athbhreithniú ar Alt 2(1)* ... 23
*Miondealú Luachála* ... 24
*Athbhreithniú Alt 3* ... 25
*Alt 3(3)* ... 26
*Miondealú Geografach* ... 26
*Réadmhaoin* ... 26
*Feithiclí* ... 27
*Só-Earraí* ... 27
*Cás 1* ... 27
*Cás 2* ... 28
*Alt 4(1) agus Alt 4A* ... 28
*Cás 1* ... 29
*Cás 2* ... 30
*Alt 6* ... 30
*Alt 7* ... 30

Cuid a Ceathair: Gníomhartha ioncaim arna ndéanamh ag an mBiúró
*Léargas Ginearálta* ... 33
*Feidhmeanna Cánach* ... 33
*Measúnuithe Cánach* ... 33
*Achomhairc chun na Coimisinéirí Achomhairc Cánach* ... 33
*Cinntí Ioncaim Suntasacha.* ... 34
*CAB v. Martin Foley* ... 34
*Ainm Folaithe v. CAB* ... 34
*Sheridan Snr & Chuid Eile v TAC & Duine Eile* ... 35
*Nithe a Bailíodh* ... 35
*Nithe a Aisghabhadh* ... 36
*Éilimh* ... 36
*Socraíochtaí* ... 36
*Imeachtaí Aisghabhála* ... 36

*Breithiúnas* ... *36*
*Morgáistí Breithiúnais* ... *36*
*Imscrúduithe* ... *36*
*Gadaíocht agus Calaois* ... *36*
*An Sciúradh Airgid san Earnáil Ghluaisteán Athláimhe* ... *36*
*Díol agus Soláthar Drugaí Neamhdhleathacha* ... *37*
*Feidhmeanna Custaim agus Máil* ... *37*
*Na Pointí Iontrála/Imeachta sa/ón Stát* ... *37*
*Earnáil an Ghnó Mhótar* ... *37*
*An Mionteagaisc & An Tacaíocht Oibríochtúil Náisiúnta* ... *38*
*Her Majesty's Revenue & Customs (HMRC)* ... *38*
*Táblaí Ioncaim* ... *40*

Cuid a Cúig: Gníomhartha Leasa Shóisialaigh glactha ag an mBiúró
*Léargas Ginearálta* ... *43*
*Coigilteas* ... *43*
*Ró-Íocaíochtaí* ... *43*
*Nithe a Aisghabhadh* ... *43*
*Achomhairc* ... *44*
*Alt 5(1)(c)* ... *44*
*Cás 1* ... *44*
*Cás 2* ... *44*
*Cás 3* ... *445*
*Cás 4* ... *45*
*Acmhainní Méadaithe* ... *45*
*Oiliúint CEPOL* ... *46*
*Táblaí um an Leas Sóisialach* ... *47*

Cuid a Sé: Imscrúduithe suntasacha a rinne an Biúró
*Réamhrá* ... *49*
*2019 Imscrúduithe* ... *49*
*Cás 1* ... *49*
*Cás 2* ... *49*
*Cás 3* ... *50*
*Cás 4* ... *50*
*Cás 5* ... *50*
*Cás 6* ... *50*
*Cás 7* ... *51*
*Cás 8* ... *51*
*Cás 9* ... *51*
*Cás 10* ... *52*
*Oibríocht Thor* ... *52*

Cuid a Seacht: Breithiúnais Chúirte Shuntasacha le linn 2019

Clár Ábhar


*CAB v. Daragh Ó hEidirsceoil, David Reilly & Tara Kershaw* ....................53
*CAB v. John Power* (nó Boylan, mar is fearr aithne air) *& Leonie Kinsella*..54
*Timothy Cunningham v. An Coimisinéir an Gharda Síochána, CAB, DPP agus Banc Danske…* ........................................................................56
*Komisia za protivodeystvie na korputsiyata I za otnemane na nezakonno pridobitoto imushtesto v. BP & Cuid Eile* ................................................57

Cuid a hOcht: Forbairtí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta
*An Ghné Idirnáisiúnta* ............................................................................59
*An Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (OAS)*............................................59
*Oibríochtaí Idirnáisiúnta* .........................................................................59
*Europol*.....................................................................................................59
*Interpol*.....................................................................................................59
*CARIN* ......................................................................................................60
*ALEFA* ......................................................................................................60
*Caidreamh le Gníomhaireachtaí Forfheidhmithe Dlí Seachtracha* ..........61
*An Chomhdháil um Choireacht Eagraithe Trasteorann* ..................61
*Comhdháil Bhliantúil Oifigeach Idirchaidrimh Coireachta Fioscach an HMRC*.............................................................................61
*HMRC, Comhdháil ar Fháltais ó Oibríochtaí Coireachta* .................62
*An Tascfhórsa Comh-Ghníomhaireachta Trasteorann (JATF)*..........62
*Clár Comhoibrithe an AE um Fiscalis 2020, Waincheisteanna faoin gCónaitheacht Chánach.* ................................................................62
*An Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta & Eorpacha (IIEA)*.....................63
An Phóilíneacht *Comhfhoirne Imscrúdaithe (JITS)*...........................63
*Cás 1*...........................................................................63
*Cás 2*...........................................................................63
*EMPACT*.........................................................................63
*Cuairteanna fugadh chuig an mBiúró*.....................................................64
*Chuairt a aireacht Dlí agus Cirt agus Slándála Poiblí na hIorua*.......65
*An Chuairt a Thug Ard-Rúnaí agus Leas-Ard-Rúnaí na Roinn Dlí agus Cirt & Comhionannais.* ................................................................65
*Agallaimh leis na Meáin*...........................................................................66
*Claire Byrne Live* ..............................................................................66
*Richard Curran, The Business ar RTÉ Raidió 1* .................................66
*Pat Kenny, Newstalk*..........................................................................67
*Na Nuachtáin Náisiúnta* ....................................................................67

Cuid a Naoi: *An Tuarascáil Bhliantúil um an Nochtadh Cosanta*.................................69

Cuid a Deich: *Conclúidí* .........................................................................................71

Aguisín A: *Cuspóirí agus Feidhmeanna an Bhiúró* ....................................................73

Aguisín B: *Ráiteas maidir leis na Rialacháin Inmheánaigh* .......................................75

# Litir ó Choimisinéir an Gharda Síochána ag cur an tuarascáil ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

A Aire, a chara,

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla don bhliain 2019 a chur faoi do bhráid ar aon dul le forálacha alt 21 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996.

Bliain an-ghnóthach ar fad a bhí ann don Bhiúró in 2019. Thug an Biúró tríocha haon chás fáltais ó choireacht in 2019, an líon is airde ar tógadh go dtí seo, le linn na tréimhse ceithre bliana is fiche dó a bheith ann.

Tugaim faoi deara go ndearna an Biúró seacht n-oibríocht chuardaigh is caoga, déanta suas de dhá chéad fiche a seacht cuardach i bhfiche contae agus fuair sé orduithe ón Ard-Chúirt faoin Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996 maidir le sócmhainní maoine a bhí lonnaithe i gceithre chontae dhéag.

Tá an comhoibriú den scoth atá ann idir an Biúró Sócmhainní Coiriúla agus na Rannáin uile sa Gharda léirithe sa líon sin d'oibríochtaí cuardaigh atá gan fasach.

Tá an Biúró tar éis a chuid iarrachtaí a athdhíriú ar chomhoibriú láidir a dhéanamh i gcomhar le Próifílí Sócmhainní an Gharda atá oilte ina n-ionad oibre féin agus tá ag sé ag leanúint ar aghaidh le naisc le pobail áitiúla a chothú agus le tacaíocht a thabhairt do Bhainistíocht an Gharda Síochána chun feabhas a chur le ról na bPróifíleoirí Rannach um Shócmhainní.


Chomh maith leis sin, aithním an comhoibriú forleathan atá déanta i gcomhar le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí i dTuaisceart na hÉireann, lena n-áirítear Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI), Her Majesty's Revenue and Customs (HMRC) agus an National Crime Agency (NCA).

Ar bhonn idirnáisiúnta, leanann an Biúró le dul i mbun idirchaidrimh agus, nuair is cuí, imscrúduithe le húdaráis forfheidhmithe dlí agus le húdaráis bhreithiúnacha ar fud na hEorpa agus an ar fud na cruinne agus feidhmíonn sé go héifeachtach freisin ar an mbonn idirnáisiúnta ina ról mar an Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (OAS) ainmnithe in Éirinn.

Chuir an Biúró a chuid ghníomhaíochtaí chun tosaigh trí Oifig Preasa an Gharda Síochána agus na meáin shóisialta agus tá an dea-ghairmiúlacht den chéad rangú léirithe aige sa réimse seo, rud a théann chun leas na pobail áitiúla agus na meán araon.

Le linn 2019, dhírigh an Biúró ar na coireanna uile a bhain leis an bhfáltas maoine agus thug sé breis is €3.9 milliún ar ais don Státchiste.

Guím gach rath ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla amach anseo.



**J A Harris**
**COIMISINÉIR**
**AN GARDA SÍOCHÁNA**

## Litir ó Choimisinéir an Gharda Síochána ag cur an tuarascáil ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

*Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó*

# Litir ó Príomhoifigeach an Bhiúró ag cur an tuarascáil ar aghaidh chuig Coimisinéir An Garda Síochána

A Choimisinéir, a chara,

Is cúis áthais dom an 24ú Tuarascáil Bhliantúil ón mBiúró um Shócmhainní Coiriúla don bhliain féilire 2019 a chur isteach. Tá an tuarascáil seo curtha isteach chugat le bheith curtha faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, de bhun fhorálacha alt 21 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996. I gcomhréir leis na hoibleagáidí reachtúla atá curtha air, leagtar amach sa tuarascáil na bearta ar thug an Biúró fúthu le linn na bliana agus é ag díriú ar na fáltais ó choireacht.

Le linn na bliana, lean an Biúró ar aghaidh ag díriú ar fhorbairt an Líonra Phróifíleora Rannaigh um Shócmhainní. Tá suntas déanta againn sa Bhiúró don mhéid a chuireann Próifíleoirí Sócmhainní atá oilte ina n-ionad féin chun spriocanna gniomhaithe oiriúnacha a shainaithint go luath don Bhiúró.

Le linn na bliana 2019, tugadh tríocha is a haon iarratas nua os comhair na hArd-Chúirte faoin reachtaíocht um Fháltais ón gCoireacht. Bhí tríocha iarratas dá leithéid ann in 2018 agus fágann sé sin gur tréimhse den fhás leanúnach sa líon cásanna nua atá á dtabhairt os comhair na hArd-Chúirte ag an mBiúró ó bhí 2017 ann.

Mar a tharla arís eile, tionscnaíodh formhór na n-imeachtaí sin i leith fáltas a tháinig ón ngáinneáil ar dhrugaí. Baineann an dara cineál den choireacht is minice lena mbímid ag plé le catagóirí éagsúla den chalaois agus den ghadaíocht. Is féidir leis an mBiúró tús a chur le himscrúdú más rud é go bhfuil aon haon iompar coiriúil lena mbaineann an fáltas maoine i gceist.

Faoin reachtaíocht a tugadh isteach in 2016, tá an tairseach chun an tAcht um Fháltais ó Choireacht a agairt laghdaithe ó €13,000 síos go dtí €5,000. Is ionann luach na sócmhainní faoi na cásanna nua d'fháltais choiriúla gurb é an Biúró a chuir tús leo in 2019 agus idir €5,010 agus €51.2 milliún. Mar thoradh ar ghníomhartha coireachta, mar aon le gníomhartha faoi na forálacha Ioncaim agus Coimirce Sóisialaí, d'éirigh leis an mBiúró níos mó ná €3.9 milliún a bhaint amach don Státchiste in 2019.

Lean an Biúró ag déanamh comhordú ar a ghníomhaíochtaí ar bhealach a aithníonn Pleananna Póilíneachta An Gharda Síochána agus straitéisí Oifige na gCoimisinéirí Ioncaim, na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, agus na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Le linn 2019, lean an Biúró ag tacú leis an tionscnamh frith-bhuirgléireachta ar fud na tíre ar a dtugtar Oibríocht Thor.

Bíonn gné idirnáisiúnta ag baint le go leor de himscrúduithe an Bhiúró a ciallaíonn go bhfuil comhoibriú idirnáisiúnta idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe i ndlínse eile de dhíth. Faoi láthair, tá an Biúró ag glacadh páirte sa chéad dá cheann de chomhaontuithe um Chomhfhoireann Imscrúdaithe (JIT) a bhfuil Éire tar éis dul isteach leo.

Leanann an Biúró le forbairt a dhéanamh ar an gcaidreamh atá aige le Interpol, le Europol agus le Gréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN) agus tá an Biúró ag leanúint leis ionadaíocht a

dhéanamh ar Éireann ar ardán na nOifigí um Aisghabháil Sócmhainní.

Faigheann an Biúró tacaíocht den scoth i gcónaí ó reachtóirí, ón bpobal agus ó na meáin. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don chabhair ghairmiúil atá faighte ag an mBiúró ó Oifig Preasa An Gharda Síochána.
Tá láithreacht shuntasach ar na meáin shóisialta forbartha ag foireann an Bhiúró ar Facebook agus Twitter agus mar thoradh air sin cuireadh gníomhaíocht an Bhiúró chun cinn agus fuarthas faisnéis luachmhar ón bpobal. Ba mhaith liom m'aitheantas a thabhairt d'fhoireann an Biúró as an obair a dhéanann siad a chur chun cinn sna meáin shóisialta.

Chomh maith leis sin, is mór dom an tacaíocht agus an chomhar a fuair an Biúró ó na comhlachtaí seo a leanas le linn na bliana: an Garda Síochána, Oifig na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Airgeadais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Ar an dóigh chéanna, ba mhian liom aitheantas a thabhairt freisin do shaineolas agus do dhúthracht na n-aturnaetha agus na mball foirne a chuir an Príomh-Aturnae Stáit ar fáil dúinn sa Bhiúró. Ní féidir dóthain béime a chur ar luach na comhairle inmheánaí neamhspleáiche dlí agus na tacaíochta a cuireadh ar fáil chun cur le rath an Bhiúró.

Tá a fhios agam go bhfuil brú sa bhreis ar fhoireann Oifigí an Phríomh-Aturnae Stáit atá comhshuite linn sa Bhiúró de bharr gníomhaíochtaí méadaithe an Bhiúró le trí bhliain anuas.

Aithníonn an Biúró go bhfuil níos mó éilimh ar sheirbhísí Oifigí an Phríomh-Aturnae Stáit mar gheall ar an aschur méadaithe gníomhaíochtaí atá ann. Dá bharr sin, tugaimid tacaíocht, ó thaobh comhchás gnó de, iarratas go gcuirfear leis an líon foirne atá san Oifig sin.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don rannchuidiú a rinne na hAbhcóidí Dlí a bhí fostaithe ag an mBiúró.

Bhí mórán athruithe pearsanra sa Bhiúró i mbliana, a tharla toisc go raibh roinnt bhall de chuid na foirne a d'imigh mar gheall ar ardú céime, ar scoir agus ar aistrithe. Níl aon bhealach ann chun an méid sin a sheachaint, de bharr struchtúr an Bhiúró, agus mar thoradh ar na hathruithe, táthar ag díriú anois ar chóras atá láidir agus a bhfuil acmhainní curtha ar fáil dó a choinneáil le haghaidh oiliúint na foirne, atá curtha i bhfeidhm le blianta beaga anuas.

Tá an Biúró tiomanta d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach na foirne ar fad.

Le linn 2019, rinneadh dul chun cinn suntasach chun faomhadh a fháil do Dioplóma Iarchéime san Imscrúdú um Fháltais ó Choireacht agus Sócmhainní. Chuaigh an Biúró isteach i gcomhpháirtíocht straitéiseach le hOllscoil Luimnigh agus tá pleananna curtha i bhfeidhm chun an cúrsa a bheith curtha ar fáil sa bhliain acadúil dar tosach mí Fhómhair 2020.

Cuirim fáilte roimh an Oifigeach Dlí nua atá againn, an tUasal Kevin McMeel, chun an Bhiúró, tar éis dó dul i mbun dualgais a

cheapacháin an 19 Iúil 2020, agus guím ádh mór air sa phost nua.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Oifigeach Dlí a bhí againn sa Bhiúró roimhe sin freisin, an tUasal Declan O'Reilly, agus lenár n-iar-Bhleachtaire Ceannfort Gearóid Begley as an obair dhian atá déanta aige, chomh maith leis an díograis dhílseach atá léirithe aige le roinnt blianta anuas. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun gach rath a ghuí orthu faoina bhfuil i ndán dóibh.

Tá áthas orm go bhfuil acmhainní méadaithe faofa don Bhiúró in 2019 agus méadú ar an líon Oifigeach Leasa Shóisialaigh atá sa Bhiúró, suas ó sheisear oifigeach go hochtar.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do dhíograis agus d'obair dhícheallach an phearsanra ar fad a bhfuil baint acu leis an mBiúró faoi láthair na huaire nó a raibh baint acu leis an mBiúró roimhe seo. De bharr chineál na hoibre a bhíonn i gceist, ní féidir aitheantas poiblí a thabhairt dóibh ina láncásanna mar gheall ar an riachtanas le neamhainmníocht agus mar gheall ar riachtanais slándála an phearsanra a bhaineann lena gcuid oibre.

Is mise, le meas,



**PATRICK CLAVIN**
**B/ARD-CHEANNFORT**
**PRÍOMH-OIFIGEACH AN BHIÚRÓ**

Litir ó Príomhoifigeach an Bhiúró ag cur an tuarascáil ar aghaidh chuig Coimisinéir An Garda Síochána

*Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó*

# Réamhrá

## Tuarascáil Alt 21

Is é seo an 24ú Tuarascáil Bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (dá ngairtear "an Biúró" anseo feasta) agus cuimsítear inti an tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019, agus an dá dháta sin san áireamh.

Rinneadh an tAcht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996, agus an tAcht um Fháltais ó Choireacht, 1996, a leasú roinnt uaireanta. Ba leis an Acht um Fháltais ó Choireacht (Leasú), 2005, a rinneadh an leasú ba shuntasaí díobh.

Chun críche na tuarascála seo, tabharfar "Acht an Bhiúró" ar an Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005, anseo feasta agus tabharfar "an tAcht um FC" ar an Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996 agus 2016, anseo feasta. Tá foráil déanta le hAcht an Bhiúró 1996, mar aon le hAchtanna 2005 agus 2016, do theideal comhchoiteann leasúchán lena rialaítear cumhachtaí agus feidhmeanna an Bhiúró.

Ullmhaítear an tuarascáil seo i dtoll a chéile de bhun alt 21 d'Acht an Bhiúró, lena gceanglaítear ar an mBiúró tuarascáil maidir lena chuid gníomhaíochtaí le linn na bliana 2019 a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, trí Choimisinéir an Gharda Síochána.

*Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó*

# Cuid a hAon
## *Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann*

### An Biúró

Cuireadh an Biúró ar bun go foirmiúil le hachtú Acht an Bhiúró ar an 15 Deireadh Fómhair 1996. Tá foráil déanta le hAcht an Bhiúró don mhéid seo a leanas (i measc ábhair eile):

- cuspóirí an Bhiúró;
- feidhmeanna an Bhiúró;
- Príomh-Oifigeach an Bhiúró;
- Oifigigh an Bhiúró;
- foireann an Bhiúró;
- Oifigeach Dlí an Bhiúró;
- neamhainmníocht fhoireann an Bhiúró;
- cionta agus pionóis i dtaobh foireann an Bhiúró agus teaghlaigh fhoireann an Bhiúró a aithint;
- cionta agus pionóis i dtaobh cúrsaí a bhac agus i dtaobh imeaglú a dhéanamh;
- Barántais chuardaigh an CAB;
- Orduithe soláthair an CAB.

### An Rialachas

Mar gheall ar struchtúr idirghníomhaireachta agus ildisciplíneach an Bhiúró, mar aon leis na bealaí rialachais agus cuntasachta ilshnáithe atá ann, ní thagann an Biúró faoin sainmhíniú traidisiúnta ar Chomhlacht Stáit de réir bhrí an Chóid Chleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Mar sin féin, tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú curtha i bhfeidhm ag an mBiúró, agus é oiriúnaithe aige dá struchtúr.

Tá na pleananna agus na dualgas atá ag an mBiúró don bhliain leagtha amach sa Phlean Gnó bliantúil don bhliain 2019. Tugadh aird sa phlean seo ar Ráiteas Straitéise 2017–2019. Tá Plean Straitéiseach nuashonraithe á dhréachtú faoi láthair chun na blianta 2020–2023 a chlúdach.

Tugann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais tacaíocht don Bhiúró maidir le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht shocruithe an Bhiúró i ndáil leis an rialachas, an mbainistíocht riosca agus na rialuithe inmheánacha.

Déanann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí iniúchadh neamhspleách ar bhonn bliantúil ar nósanna imeachta agus próisis an Bhiúró.

Tá "Comhaontú um Dhearbhú an Rialachais Chorparáidigh" maidir leis na blianta 2017-2019 sínithe ag Príomh-Oifigeach an Bhiúró agus ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Leagtar amach sa chomhaontú sin an creat leathan um rialachas agus cuntasacht ina bhfeidhmíonn an Biúró agus sainmhínítear ann na róil agus freagrachtaí ríthábhachtacha atá ina mbonn agus taca ag an gcaidreamh atá ann idir an Biúró agus an Roinn.

Tá Comhaontú Maoirseachta idir an Biúró agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais á dhréachtú lena gclúdófar an tréimhse 2020 - 2022. Tá Comhaontú um an Seachadadh Feidhmíochta ar leith ach atá gaolmhar leis á dhréachtú don bhliain 2020 freisin.

## Cuid a hAon

*Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann*

### Ceisteanna Comhshaoil agus Fuinnimh

Mar atá leagtha amach sa ráiteas faoi cheanglais i Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí 2017, rinne Príomhoifigeach an Bhiúró an Bleachtaire Ceannfoirt Gerard Egan a cheappadh mar an tOifigeach Feidhmíochta Fuinnimh don Bhiúró.

Faoi dheireadh na bliana, beidh an Biúró ag glacadh páirt i ngach uile thionscnamh a bhaineann le saincheisteanna comhshaoil agus fuinnimh, agus ag déanamh iad a chur chun cinn, a chur ar aghaidh agus a thuairisciú, ar aon dul le hAlt 426 de 2014 (Rialacháin (Éifeachtúlacht Fuinnimh) an Aontais Eorpaigh).

### Airgeadas

I gcaitheamh na bliana, chaith an Biúró airgead a chuir an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar fáil dó tríd an Oireachtas chun go bhféadfadh sé a chuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh agus a chuid cuspóirí reachtúla a bhaint amach.

Faoi mar a fhoráiltear dó sa Reachtaíocht, is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a dhéanann iniúchadh ar an airgead ar fad a chuireann an tOireachtas ar fáil, mar atá leagtha amach sa Reachtaíocht.

Comparáid idir na Cuntais i ndáil leis na blianta 2018 / 2019

| Bliain | Cuir Síos | Suim € | |
|---|---|---|---|
| | | **Foráil Bhuiséid** | **Iomlán Caite** |
| 2018* | Pá | 7,247,000 | 7,257,000 |
| | Neamhphá | 1,701,000 | 1,575,000 |
| | **Iomlán** | 8,948,000 | 8,832,000 |
| 2019* | Pá | 8,152,000 | 7,712,000 |
| | Neamhphá | 1,701,000 | **2,148,000 |
| | **Iomlán** | 9,853,000 | 9,860,000 |

**Ag fanacht ar Iniúchadh – Féadfar dó Athrú*

*** Baineann an caiteachas breise sa réimse Neamhphá le soláthar huirlis fóiréinice digití/Ríomh-Fhionnachtana digití go príomha a bhfuiltear ag súil leis le fada, rud a shábhálfaidh uaireanta oibre de chuid an Bhiúró go mór agus é ag déanamh anailíse ar shonraí.*

### Cuspóirí agus Feidhmeanna

Leagtar cuspóirí agus feidhmeanna an Bhiúró amach in Alt 4 agus in Alt 5 d'Acht an Bhiúró, faoi seach. Leagtar na cuspóirí agus na feidhmeanna reachtúla sin amach ina n-iomláine in Aguisín A agus is féidir iad a achoimriú mar seo a leanas:

1. Na fáltais a thagann ón iompar coiriúil a shainaithint agus imscrúdú a dhéanamh orthu;

2. Bearta a ghlacadh de réir an dlí chun na tairbhí a ghabhann le sócmhainní is fáltais a thagann ón iompar coiriúil a bhaint de dhaoine ach na sócmhainní sin a chalcadh, a chaomhnú agus a choigistiú;

3. Bearta a ghlacadh de réir na n-Achtanna Ioncaim chun a chinntiú gur faoi réir cánach atá na fáltais a thagann ón ngníomhaíocht choiriúil;

4. Imscrúdú a dhéanamh ar éilimh faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh agus cinneadh a dhéanamh ina leith.

### Príomh-Oifigeach an Bhiúró

Tá an Biúró faoi cheannas Príomh-Oifigeach an Bhiúró, arna cheapadh ag Coimisinéir an Gharda Síochána óna chuid comhaltaí atá ag céim an Ard-Cheannfoirt. Is é atá ag feidhmiú mar

Phríomh-Oifigeach an Bhiúró faoi láthair ná an Bleachtaire Ard- Cheannfort Patrick Clavin a chuaigh i mbun dhualgas an cheapacháin sin an 4 Lúnasa 2016.

Faoi alt 7 d'Acht an Bhiúró, tá freagracht fhoriomlán ar Phríomh-Oifigeach an Bhiúró as bainistíocht, as rialú agus as riarachán ginearálta an Bhiúró. Tá Príomh-Oifigeach an Bhiúró freagrach don Choimisinéir as comhlíonadh fheidhmeanna an Bhiúró.

Tá foráil déanta san alt sin, freisin, go gceapfar Príomh-Oifigeach Gníomhach chun an Bhiúró chun feidhmeanna Phríomh-Oifigeach an Bhiúró a chomhlíonadh sa chás dó a bheith faoi éagumais mar gheall air a bheith breoite, nó mar gheall air a bheith as láthair, nó ar aon chúis eile.

## Oifigeach Dlí an Bhiúró

Tuairiscíonn Oifigeach Dlí an Bhiúró go díreach do Phríomh-Oifigeach an Bhiúró, agus tá sé de dhualgas air faoi alt 9 d'Acht an Bhiúró cabhrú leis an mBiúró a chuid cuspóirí agus feidhmeanna a bhaint amach.

Is é Kevin McMeel Oifigeach Dlí an Bhiúró faoi láthair na huaire agus chuaigh sé i mbun dualgais an cheapacháin an 19 Iúil 2019 tar éis do Declan O'Reilly imeacht as nuair a d'fhill seisean go hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

## Comhlacht Corparáideach

Is comhlacht corparáideach neamhspleách é an Biúró, de réir mar a bhfuil foráil déanta leis faoi alt 3 d'Acht an Bhiúró. Rinne an Ard-Chúirt breithniú ar stádas an Bhiúró den chéad uair sa bhliain 1999 sa chás *Murphy -v- Flood* [1999] IEHC 9.

Is é an Breitheamh Onórach McCracken a thug Breithiúnas na hArd-Cúirte ina leith an 1 Iúil 1999. Tá an Breithiúnas sin an-tábhachtach chun tuiscint a bheith againn ar cad is ann, go díreach, sa Bhiúró.

Bhí an méid ag seo a leanas cruthaithe ag an gcúirt:

*"Comhlacht corparáideach is é an CAB, agus tá comharbas suthain aige. In ainneoin nach mór Príomh-Oifigeach an Bhiúró a cheapadh ó na baill de chuid an Gharda Síochána atá ag céim an Ard-Cheannfoirt, mar sin féin, tá an CAB neamhspleách ar an nGarda Síochána, cé go bhfuil an-chuid de na cumhachtaí a thugtar don Gharda Síochána, de ghnáth, ag an mBiúró.*

*...*

*Cruthaíodh an CAB le Reacht, ní ionann é is craobh de chuid an Gharda Síochána. Chuir an tOireachtas ar bun é mar chomhlacht corparáide chun a chinntiú nach mbainfeadh daoine tairbhe as aon sócmhainní a fhaigheann siad ó aon ghníomhaíocht choiriúil. Tá sé de chumhacht aige gach gníomh is gá a dhéanamh i leith sócmhainní a tháinig ó ghníomhaíocht choiriúil a urghabháil agus a ghnóthú agus tugtar cumhachtaí áirithe dó a chinntiú gur faoi réir cánach atá na fáltais ó ghníomhaíocht den sórt sin. Tá cumhachtaí áirithe aige freisin faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh. Mar sin féin, ní comhlacht ionchúisimh ná údarás póilíneachta, atá ann. Tar éis dó imscrúdú a dhéanamh agus na cumhachtaí suntasacha imscrúdaithe atá aige a*

*fheidhmiú, déanann sé iarratas chuig an gCúirt chun cúnamh a fháil maidir lena chuid feidhmeanna a fhorfheidhmiú.*
*Is soiléir gur chreid an tOireachtas, agus an CAB á chur ar bun aige, gur ghá, chun leas an phobail, comhlacht a bheadh neamhspleách ar an nGarda Síochána agus a ghníomhódh ar bhealach imscrúdaitheach a bhunú. Mar sin féin, ní cheapaim gurb ionann é agus an Garda Síochána a dhéanann imscrúdú d'fhonn daoine a ionchúiseamh i leith cionta. Déanann an CAB imscrúdú d'fhonn sócmhainní a fuarthas ó ghníomhaíochtaí coiriúla a ghnóthú agus na sócmhainní sin a thabhairt ar aghaidh don Stát."*

## Struchtúr an Bhiúró

A bhuí le struchtúr idirghníomhaireachta agus ildisciplíneach an Bhiúró, rud trína dtarraingítear scileanna éagsúla an phearsanra lena mbaineann le chéile, tá cumas imscrúdaitheach níos fearr ag an mBiúró a shainchúram reachtúil a bhaint amach. Féadfar é sin a dhéanamh faoi alt 5 d'Acht an Bhiúró, áit a bhfuil feidhmeanna an Bhiúró mionsonraithe.

## Oifigigh agus foireann an Bhiúró

Déantar foráil in alt 8 d'Acht an Bhiúró d'oifigigh a cheapadh chuig an mBiúró. Is faoi alt 9 d'Acht an Bhiúró a cheaptar baill foirne an Bhiúró.
Is iad seo a leanas Oifigigh an Bhiúró:

A. Baill an Gharda Síochána;
B. Oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim;
C. Oifigeach de chuid na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Tugtar na hoifigigh ar iasacht óna máthairghníomhaireacht. Leantar le cumhachtaí agus le dualgais a dhílsiú d'Oifigigh de chuid an Bhiúró beag beann ar a gceapadh mar Oifigigh de chuid an Bhiúró.

Ag seo a leanas, baill fhoireann an Bhiúró:

- Oifigeach Dlí an Bhiúró;
- Baill ghairmiúla;
- Baill riaracháin agus theicniúla.

Is ionann soláthar foirne údaraithe an Bhiúró faoi láthair agus trí dhuine is nócha, figiúr a chuimsíonn Oifigigh an Bhiúró agus na baill foirne eile araon.

I ndiaidh arduithe céime agus daoine ag dul ar scor le linn 2019, tá ocht bhfolúntas foirne fós sa Bhiúró ar an 31 Nollaig 2019.

I measc na bhfolúntas sin, tá dhá fholúntas le haghaidh triúr sáirsintí, folúntas TF agus folúntas amháin le haghaidh Cuntasóir Fóiréinseach. Tá an Biúró i dteagmháil leis na comhlachtaí ábhartha agus tá sé beartaithe go mbeidh na folúntais seo líonta faoi Ráithe 2, 2020.

## Soláthar Foirne Údaraithe

Leibhéil údaraithe Idirghníomhaireachta & ildisciplíneacha

| | |
|---|---|
| | 47 |
| | 8 |
| | 21 |
| Revenue Cáin agus Custaim na hÉireann Irish Tax and Customs | 17 |

## An Neamhainmníocht

D'fhonn sábháilteacht Oifigigh agus bhaill foirne áirithe an Bhiúró a chinntiú, foráiltear do neamhainmníocht na mball sin faoi alt 10 d;Acht an Bhiúró. Faoin alt sin, is in ainm an Bhiúró a chomhlíonann oifigigh agus baill foirne an Bhiúró a gcuid dualgas.

Foráiltear in alt 11 d'Acht an Bhiúró gur cion coiriúil é Oifigigh, baill foirne agus teaghlaigh bhaill foirne an Bhiúró a aithint.

Ní thagann na daoine seo a leanas faoin gcosc sin maidir le haitheantas: Príomh-Oifigeach an Bhiúró, Príomh-Oifigeach Gníomhach an Bhiúró, Oifigeach Dlí an Bhiúró agus Oifigigh Bhiúró ar bhaill den Gharda Síochána iad.

## An Oifig um Fhaisnéis & Measúnú

Bunaíodh an Oifig um Fhaisnéis agus Measúnú i mí Iúil 2017. Is é an sainchúram atá aici anailís a dhéanamh ar an méid gnó a chuireann na Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní isteach le haghaidh measúnaithe agus machnaimh, méid atá ag dul i méid i gcónaí.

Freastalaíonn Oifigigh de chuid an Bhiúró ar an IAO agus tagann siad ó gach aon gníomhaireacht laistigh den Bhiúró. Is é an bealach is fearr chun na méaduithe i líon na gcásanna in 2019 a léiriú ná leis an líon cásanna ar cuireadh faoi bhráid an Bhiúró iad le haghaidh breithiúnais a dhéanamh i gcomparáid leis an bliain inar bunaíodh é i.e., suas ó 500 cás go dtí níos mó ná 1,200 cás.

Chomh luath is atá na cásanna sin measta, cuirtear isteach iad go hoifigiúil faoi bhráid Ghrúpa Iontrála, a ndéanann an lucht bainistíochta i ngach aon ghníomhaireacht seirbhísiú orthu agus a nglactar leo nó a dhiúltaítear iad mar spriocanna don Bhiúó de réir fhiúntais gach aon chás ar leith. Más rud é go nglactar leo mar spriocanna, déantar iad a shannadh do sheomra foirne le

haghaidh imscrúdaithe ilghníomhaireachta.

Faigheann gach aon seomra foirne oibríochta cásanna nua bunaithe ar an bpróiseas roghnúcháin seo uair sa tseachtain. Dá airde an líon cásanna a phróiseáiltear tríd an IAO, is mó an líon cásanna a théann isteach i ngach aon seomra foirne oibríochta.

Tá Gardaí breise tar éis a bheith ceaptha ar an IAO chun aghaidh a thabhairt ar an líon méadaithe de na cásanna atá atreoraithe ann.

## An Oifig um Bainistíocht Sócmhainní

Bunaíodh an Oifig um Bainistíocht Sócmhainní in 2017 chomh maith chun na sócmhainní uile faoi rialú an Bhiúró a bhainistiú. Is gá go leor acmhainní a úsáid chun an réimse leathan sócmhainní atá faoi chúram an Bhiúró a bhainistiú ar bhealach a áirithíonn go gcoinnítear a, a chomhlíonann oibleagáidí dlíthiúla an Bhiúró, agus a áirithíonn an luach is fearr don sócmhainn nuair a íoctar a luach réadaithe don Státchiste.

Faoin am seo, déanann an AMO bainistíocht iomlán ar aisghabháil sócmhainní do gach gníomhaireacht laistigh den Bhiúró. Mar thoradh ar an méadú ar fháltais ó chásanna coireachta tá méadú tagtha ar an méid sócmhainní a bhfuil ar an fhoireann seo a bhainistiú.

Éilíonn an tAcht um Fháltais ó Choireacht go gcoinnítear sócmhainn ar feadh tréimhse seacht mbliana i ndiaidh chinneadh na hArd-Chúirte (ach amháin má fhaightear comhaontú ó na páirtithe lena mbaineann maidir le diúscairt láithreach). Sa chleachtas, is féidir leis an tréimhse sin a bheith i bhfad níos faide mar gheall ar achomhairc ar orduithe dá leithéid agus agóidí ina gcoinne. I gcás sócmhainní áirithe, amhail ionaid réadmhaoine, féadfaidh acmhainní leanúnacha a bheith i gceist chun iad a choinneáil, agus i roinnt cásanna bíonn ar an mBiúró feidhmiú mar thiarna talún.

Chomh maith le sócmhainní inláimhsithe arna gcoinneáil ag an mBiúró, tá roinnt mhaith sócmhainní a bhaineann le fiachais ó cháin agus aisíoc ar éilimh leasa shóisialaigh atá iníoctha don Bhiúró freisin. Déanann an Oifig um Bainistíocht Sócmhainní na fiachais seo a bhainistiú freisin d'fhonn réadú a dhéanamh ar a luach. Cuireann an oifig seo leibhéal rialachais níos airde ar fáil do shócmhainní faoi cheannas an Bhiúró.

### An Córas Bainistíochta Airgeadais um Shócmhainní (AFMS)

Thug an Biúró Córas Bainistíochta Airgeadais um Shócmhainní isteach a ndéantar sócmhainní atá tagtha faoi smacht an Bhiúró mar thoradh ar ghníomhaíochtaí oibríochta a thaifeadadh, a bhainistiú, agus a thuairisciú ann, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh orthu. Is é príomhfheidhm an chórais cuidiú leis an AMO sa Bhiúró chun sócmhainní an Bhiúró a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu ar bhealach atá éifeachtach agus éifeachtúil araon.

Tá an fheidhm airgeadais a chuidíonn leis an AMO Cuntais Glacadóireachta a chothabháil ar cheann de gnéithe bunúsacha den chóras seo.

Ceanglaítear ar an AMO tuarascáil airgeadais deiridh a sholáthar i ndáil le gach aon sócmhainn, lena gceadófar do na cistí a bheith íoctha leis an Státchiste, a luaithe is atá sé faofa. Tá sé ceadaithe faoin fheidhm airgeadais chomh maith tuairisciú a bheith déanta ar na gluaiseachtaí a bhaineann le gach uile chuntas bainc Glacadóireachta atá i seilbh an Bhiúró.

### An Tionscadal Ríomh-Fhionnachtana

Tá méadú mór tagtha ar líon na sonraí atá stóráilte ar ghléasanna digiteacha le deich mbliana anuas agus is dúshlán mór anois é an t-ualach atá ar na himscrúdaitheoirí scrúdú a dhéanamh ar na cáipéisí uile a ghabhann le haon chás amháin, gur féidir na mílte de cháipéisí i gceist.

Le linn na tréimhse ama chéanna, tá méadú mór tagtha ar mhéid agus ar líon na gcásanna a nglacann an Biúró leo agus mar thoradh air sin bhailigh an Biúró níos mó agus níos mó gléasanna digiteacha agus méideanna móra doiciméad páipéir le linn dó tabhairt faoi imscrúduithe.

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo, rinne an Biúró tairiscint i leith sholáthar uirlis fóiréinice digití/Ríomh-Fhionnachtana digití a bheadh in ann an fhaisnéis uile a ghabháil ó mhíreanna digiteacha ar urghabhadh iad le linn imscrúdaithe, agus í a chomhcheangal leis an stór cáipéisí páipéir uile a urghabhadh agus a chur i láthair imscrúdaitheoirí i formáid a bheadh comhleanúnach, inchuardaithe agus éasca le húsáid. Sábhálfar líon daonuaireanta nach beag é mar gheall ar an córas nua seo chun anailís a dhéanamh ar shonraí.

Tá an trealamh ceannaithe, tá na bogearraí á suiteáil faoi láthair agus tá sé beartaithe go mbeidh an uirlis Ríomh-Fhionnachtana nua ag feidhmiú i Ráithe 1, 2020.

## Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Cuireann Rannóg na Sócmhainní Coiriúla in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (dá ngairtear "OPAS" anseo feasta) comhairle dlí agus seirbhísí aturnae ar fáil don Bhiúró.

Déanann OPAS ionadaíocht don Bhiúró maidir le dlíthíocht a thionscnamh agus a chosaint araon i ngach dlínse chúirte, go príomha le cúnamh ó Abhcóidí, ach ní ar bhonn eisiach. Ina theannta sin, déanann OPAS ionadaíocht don Bhiúró i ngach ábhar cánach agus leasa shóisialaigh os comhair na gcomhlachtaí achomhairc lena mbaineann agus ós comhair na Cúirteanna Cuarda agus in Uaschúirteanna araon.

Ina theannta sin, cuireann OPAS comhairle ghinearálta dlí agus seirbhísí aturnae ar fáil ag gach céim de na cásanna, idir an chéim imscrúdaithe agus an chéim dhiúscartha, lena n-áirítear seirbhísí dréachtaithe conartha agus seirbhísí tíolactha a sholáthar.

Ag seo a leanas, comhdhéanamh fhoireann OPAS le linn na bliana 2019:

- 3 Aturnaetha
- 1 Fheidhmeannach Dlí amháin
- 2 Oifigigh Chléireachais

Cé gur cuid lárnach obair an OPAS do rath an Bhiúró, tugtar faoi deara nach leor an líon foirne anois chun aschuir an Bhiúró a choinneáil, mar gheall ar an aschur sin a bheith ag dul i méad, agus tá sé sin le brath go páirteach sa mhéadú atá tagtha faoi líon na gcásanna a bhaineann le fáltais ón gcoireacht in 2019.

Aithníonn an Biúró an gá atá le méadú ar an soláthar foirne sa CSSO chun tacú leis an líon níos airde cásanna le bheith glactha atá molta ag an mBiúró.

## Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní

In 2019, lean an Biúró lena chlár idirtheagmhála le Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní. Le linn na bliana, chuir an Biúró oiliúint ar céad is a cúig Próifíleoir Rannach um Shócmhainní breise chun folúntais a líonadh laistigh de Ranna an Gharda Síochána éagsúla a dtáinig chur chun cinn mar thoradh ar arduithe céime agus daoine ag dul ar scor. Ag deireadh na bliana, bhí trí chéad seachtó trí Próifíleoir Rannacha um Shócmhainní, san iomlán, agus, ina measc siúd, bhí:

- 448 Garda
- 17 Oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a bhí i mbun dualgais Chustaim agus Máil;
- 8 Oifigigh de chuid na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Anuas air sin, d'fhreastail ionadaithe ó na gníomhaireachtaí luaite ag seo thíos ar na Cúrsaí Rannáin do Phróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní:

- An tAonad um Chomhlíonadh Frith-Sciúrtha Airgid (AMLCU)
- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC)
- Her Majesty's Revenue and Customs (HMRC)
- An tSeirbhís Póilíneachta i dTuaisceart Éireann (PSNI)
- An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA)
- National Crime Agency (NCA)
- An tÚdarás Póilíneachta
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Mar chuid den fhorbairt atá á déanamh ar an gcúrsa, tá dualgas curtha ar Phróifíleoir Rannach um Shócmhainní ar cuireadh oiliúint air roimhe seo agus a bhfuil taithí aige ar phróifílí a chur isteach ar spriocanna áitiúla chun láithreoireachtaí a thabhairt ar an gcúrsa. Fuarthas aiseolas an-dearfach ar fad i ndáil leis an tionscnamh seo ó na daoine a d'fhreastail air.

### Cur i láthair

In 2019, chuir an Biúró roinnt cainteanna agus cur i láthair oiliúna ar fáil d'aonaid Bleachtaireachta Dúiche áitiúla agus don Aonad Drugaí Rannach i Rannán Garda Luimnigh.

### Imeacht FGL

Cuireadh seimineár ar fáil an 17 Meitheamh 2019 in Ollscoil Luimnigh a thionóil an Lárionad um Staidéar Coireachta,, Dlí agus Cirt é, ar *"Coireacht an Bhóna Bháin a Imscrúdú agus a Ionchúiseamh"*. Thug Príomhoifigeach an Bhiúró agus Oifigeach Dlí an Bhiúró cur i láthair.

Cur i láthair CAB

Le linn 2019, chuidigh an Biúró leis an Dámh Oiliúna maidir le Coireacht i gColáiste an Gharda Síochána sa Teampall Mór an Oiliúint do Bhleachtairí a chur ar fáil.

Chuir an Biúró sraith den chur i láthair ar fáil do bhaill de chuid an Gharda Síochána a bhí ag freastal ar an gClár Oiliúna do Bhleachtairí Garda agus ar an gClár d'Oifigigh Shinsearacha Imscrúdaithe.

Chuir an Biúró sraith den chur i láthair ar fáil don Chlár Oiliúna do Bhleachtairí Garda naoi huaireanta le linn 2019.

Seachadadh Clár na nOifigeach Sinsearach Imscrúdaithe dhá uair le linn 2019 agus d'fhreastail an Biúró ar chur i láthair agus rinne sé cur i láthair ann an dá uair sin.

In 2019, fuarthas dhá chéad ochtó is a ceathair próifíl shócmhainní ó Phróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní ar fud na hÉireann i gcomparáid le céad is a haon phróifíl shócmhainní a fuarthas in 2018. Leanfaidh le teagmháil leanúnach agus dlúthchomhoibriú sna Réigiúin agus sna Rannta le linn 2020.

I ndiaidh na rannpháirtíochta seo leis an lucht bainistíochta Rannach agus Réigiúnach, reáchtáladh roinnt cúrsa oiliúna athnuachana ar fud na tíre.

Le linn 2019, lean Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní ó Réigiúin éagsúla orthu teagmháil a bheith acu leis an mBiúró chun imscrúduithe a imríonn mórthionchar airgeadais ar choirpigh áitiúla a fhorbairt agus a chur chun cinn, agus dá thoradh sin, aiseolas dearfach a thabhairt laistigh de na pobail áitiúla sin a dtéann gníomhaíochtaí na gcoirpeach áirithe sin i bhfeidhm orthu.

In 2020, leanfar ar aghaidh le Gréasán an Phróifíleora Rannaigh um Shócmhainní a fhorbairt tuilleadh tríd an oiliúint a chur ar Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní breise.

Sna cásanna ag seo a leanas, tá samplaí léirithe d'imscrúduithe de chuid an Bhiúró a thosaigh mar gheall ar obair Phróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní ar dtús.

Cás 1

Tar éis atreorú ó Phróifílitheoir Rannach um Shócmhainní áitiúil, chuir an Biúró tús le himscrúdú ar shócmhainní duine aonair i gceantar Bhaile Átha Cliath 11 a raibh amhras ann go raibh baint aige le díol agus soláthar drugaí rialaithe.

Mar thoradh ar imscrúdú an Bhiúró, deonaíodh ordú faoi alt 3 d'Acht um FC ar os cionn €72,450 san airgead tirim, aonad maoine chónaithe i mBaile Átha Cliath 11 ar luach €250,000, agus árasán sa Bhulgáir ar luach €25,000.



Cás 2

## Cuid a hAon

*Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann*

Tar éis atreorú ó Phróifílitheoir Rannach um Shócmhainní áitiúil, chuir an Biúró tús le himscrúdú ar shócmhainní droinge coireachta eagraithe raibh amhras ann go raibh baint aige le cásanna den bhuirgléireacht.



Teach Soghluaiste

Le linn imscrúdú an Bhiúró, fuarthas amach freisin go raibh baint ag an OCG le hairgead a sraonadh ó chonraitheoirí tógála a bhí ag tógáil tithíochta sóisialta i gceantar Bhaile Átha Cliath 10. Bhí cuideachta Slándála agus Cothabhála Fál curtha i mbun ag na daoine aonair a bhí i gceist mar chlúdach chun airgead a fháil ó bheirt chonraitheoirí tógála.


Tharla roinnt eachtraí den damáiste coiriúil agus den imeaglú ar dhá láithreán tógála agus ina dhiaidh sin d'fhostaigh na conraitheoirí tógála seirbhísí na ndaoine aonair a bhí i gceist.

Mar thoradh ar imscrúdú an Bhiúró deonaíodh ordú faoi alt 3 den Acht um FC os cionn €259,352.95 a coinníodh i gcuntais bhainc atá nasctha leis na daoine aonair, teach soghluaiste ar luach €12,000 atá lonnaithe i gContae Loch Garman agus Bosca Capaill Ifor Williams ar luach €1,500.

Cuireadh gníomhartha ioncaim i bhfeidhm i gcoinne na ndaoine aonair freisin.




Bosca Capall Ifor William


Geographical Distribution of Targets under investigation by the Criminal Assets Bureau
(Persons & Organisations - end December 2019)
Total: 1367
Map 1: Targets of CAB by Garda Division
(Exluding Dublin Metropolitan Region)
0 - 29
30 - 59
60 - 89
90 - 119
120 - 149
150 - 180
Donegal 17
Sligo / Leitrim 16
Cavan / Monaghan 48
Louth 52
Mayo 7
Roscommon / Longford 24
Meath 52
Westmeath 16
Galway 23
Kildare 51
Laois / Offaly 32
Wicklow 37
Clare 23
Tipperary 43
Kilkenny / Carlow 33
Limerick 101
Wexford 49
Kerry 28
Cork North 6
Waterford 22
Cork West 12
Cork City 27
Map 2: Targets of CAB by Garda Division
Dublin Metropolitan Region
DMR North 117
Criminal Assets Bureau 42 (Non Resident Targets)
DMR West 243
DMR North Central 69
DMR South Central 43
DMR South 116
DMR East 18
CRIMINAL ASSETS BUREAU
An Biúro um Shócmhainní Coiriúla
Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, D02 PT89, Éire
Harcourt Square, Dublin 2, D02 PT89, Ireland

## An Oiliúint agus Forbairt

### Fáltais ó Choireacht & An Imscrúdú Sócmhainní (POCAI)

(Ar a dtugtaí TACTIC roimhe seo (An Cúrsa d'Imscrúdaitheoirí um Shócmhainní a Choigistiú agus a Rianú)

Ón tráth ar bunaíodh é in 1996, tá sé aitheanta gurb é an struchtúr ilghníomhaireachta atá ag an mBiúró an uirlis is cumhachtaí in arm an Stáit chun dul i ngleic le grúpaí coireachta eagraithe agus le coirpigh agus tá éad air san earnáil forfheidhmithe dlí ar fud an domhain.

Mar chuid dá fheidhm reachtúil fhorordaithe, soláthraíonn sé cúnamh agus oideachas ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon faoi láthair do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí / rialála eile agus do chomhlachtaí Stáit, lena n-áirítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí, aFederal Bureau of Investigation (FBI), an National Cyber Investigative Joint Task Force (NCIJTF) i Stáit Aontaithe Mheiriceá, Australian Federal Police (AFP) agus Gníomhaireacht Náisiúnta na hÚcráine chun Sócmhainní a dhíorthaítear ó Éilliú agus Coireacht Eile a Aimsiú, a Rianú agus a Bhainistiú.

Meastar anois go bhfuil forbairt na hoiliúna sa réimse, atá ilghníomhaireachta ó thaobh treoshuímh, ríthábhachtach chun seirbhís éifeachtach ghairmiúil a sholáthar, ar an mbonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Tar éis gur éirigh chomh maith sin leis an gCúrsa d'Imscrúdaitheoirí um

Shócmhainní a Choigistiú agus a Rianú (TACTIC), d'aithin an Biúró nach bhfuil cáilíocht a bhfuil aitheantas hacadúil air ag Oifigigh an Bhiúró dá tacar scileanna sa réimse seo.
Thug Oifigigh an Bhiúró faoin tasc suntasach aighneacht a dhréachtú chuig Ollscoil Luimnigh le haghaidh Creidiúnú Leibhéal 9 den tacar scileanna seo.

Mar thoradh air sin, rinne dréacht den chúrsa A*n Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla: Dioplóma Iarchéime san Fhálais ó Choireacht & Imscrúdú Sócmhainní* a ullmhú agus a chur faoi bhráid Ollscoil Luimnigh i mí na Nollag 2019. Leis an gclár oiliúna a thiocfaidh as seo, déanfar na hOifigigh sa Bhiúró a uasoiliúint tar éis dóibh a bheith ceaptha agus tabharfar cáilíocht atá aitheanta go hacadúil dóibh as a gcuid scileanna sa réimse imscrúdaithe um fháltas ó choireacht, san aithinteas sócmhainní, san urghabháil, sa choigistiú agus san aisghabháil.

Déanfaidh saineolaithe inmheánacha ón mBiúró agus saineolaithe seachtracha an clár seo a sheachadadh i réimsí leithéidí nósanna imeachta um fháltais ó choireachta, choireacht an bhóna bháin, na breabaireachta agus an éillithe, na fianaise agus an chomhoibrithe idirnáisiúnta.

Is clár luathaithe é an Dioplóma Iarchéime san Fháltais ó Choireacht & san Imscrúdú Sócmhainní a bheidh curtha ar fáil i gcúig mhodúl foghlama, eadhon:

1. Imscrúdú Ilghníomhaireachta um Fháltais ó Choireacht
2. Faisnéisiú maidir le Dark-Net & Open Source
3. An Chuntasaíocht Fhóiréinseach
4. An Dea-chleachtas Náisiúnta agus Idirnáisiúnta maidir leis an Imscrúdú um Fháltais ó Choireacht, an Dlí, an Nós Imeachta, agus an Beartas agus Cleachtas
5. An Modúl Foghlama Ó Thaithí

Déanfaidh an Biúró an clár nua seo a sheachadadh i gcomhar le hOllscoil Luimnigh i Meán Fómhair 2020 agus táthar ag súil leis go mbeidh an clár curtha ar siúl i Scoil Dlí Ollscoil Luimnigh faoi stiúir Stiúrthóir an Chúrsa, an tOllamh Shane Kilcommins.

Is mian leis an mBiúró buíochas ó chroí a ghabháil le hUachtarán Ollscoil Luimnigh, an Dr Des Fitzgerald agus leis an Ollamh Shane Kilcommins as an tacaíocht, as an gcomhairle agus as an díograis atá léirithe acu ina n-iarrachtaí chun cinnte a dhéanamh de go bhfuil an clár seo cuimsithe i gcuraclam 2020.

## Cuairt Staidéir: Oifig um Aisghabháil Sócmhainní na Moldáive

D'óstáil an Biúró cuairt staidéir d'Oifigigh ó Oifig um Aisghabháil Sócmhainní na Moldóive an 13 Bealtaine 2019. Bhunaigh toscaireacht na Moldóive Oifig um Aisghabháil Sócmhainní dá gcuid féin in 2018.



Príomhoifigeach an Bhiúró, Pat Clavin, agus an Bleachtaire Chigire Barry Butler in éineacht le comhghleacaithe ó Oifig um Aisghabháil Sócmhainní na Moldóive

## Institiúid Taighde na Náisiún Aontaithe um an gCoireacht agus Ceartas Idir-Réigiúnach (UNICRI)

Thug an Biúró cur i láthair do na hIonchúisitheoirí agus na Breithiúna ón Túinéis, ón Libia agus ón Éigipt maidir le cúrsa oiliúna a bhí eagraithe ag an UNICRI agus a bhí á reáchtáil acu an 11 Meán Fómhair 2019 i dTúinis, an Túinéis.

Ba é cuspóir an chur i láthair seo ná an fheasacht a mhéadú i measc na rannpháirtithe faoi na roghanna atá ar fáil dóibh maidir le sócmhainní coiriúla a aithint, a chalcadh agus a aisghabháil, a eascraíonn go príomha as an éilliú agus as an ngoid ó Rialtais náisiúnta. Thug an National Crime Agency agus Údaráis na Bulgáire cur i láthair ann freisin.



Cúrsa oiliúna eagraithe ag an UNICRI

## Cuairt Staidéir: Breithiúna ón Úcráin - An Ard-Chúirt Frith-Éillithe (HACC)

Chuir an Biúró fáilte roimh chuairt staidéir ón Ard-Chúirt Frith-Éillithe an 11 Nollaig 2019 d'fhonn go bhféadfaidís foghlaim faoin obair a dhéantar sa Bhiúró. Is é an sainordú atá ag an HACC ná breithniú a dhéanamh in imeachtaí coigistíochta i gcásanna ina líomhnaítear go bhfuil fáltais ó choireacht i seilbh an fhreagróra.



Príomhoifigeach an Bhiúró, Pat Clavin, agus an Bleachtaire Cheannfort Ger Egan in éineacht le comhghleacaithe ón Ard-Chúirt Frith-Éillithe, an Úcráin

## Oiliúint na Foirne

Le linn 2019, lean an Biúró ar aghaidh le riachtanais oiliúna Oifigeach agus Fhoireann an Bhiúró a uasghrádú agus a fheabhsú. Chuige sin, tá maoiniú curtha ar fáil ag an mBiúró le haghaidh rannpháirtíochta foirne sna cúrsaí seo a leanas:

- An Chuntasaíocht agus an tAirgeadas, Coláiste Griffith
- An Eitic Fheidhmeach agus Ghairmiúil
- An Choireacht Chorparáideach, Rialála & Coireacht an Bhóna Bháin, Óstaí an Rí
- Oiliúint san Earnáil Chorparáideach ar Dhlí na gCuideachtaí, An Coláiste Ollscoile, BÁC
- An Ríomhaireacht Fhóiréinseach agus An Imscrúdú Cibear-Choireachta, An Coláiste Ollscoile, BÁC
- Tástáil Treáite, Kali Linua
- Dlí na Meán Sóisialta agus Dlí na Meán, Óstaí an Rí
- An Cúrsa Ceannasaíochta Straitéisí, Coláiste na Póilíneachta, an Ríocht Aontaithe

Ina theannta sin, reáchtáladh roinnt cruinnithe faisnéise feasachta i rith 2019 do bhaill foirne uile an Bhiúró ar ábhair ábhartha lena n-áirítear oiliúint ar Chuardaigh Áitribh; ar an Fhianaise sa Seomra Cúirte; ar an tSláinte agus an Folláine; ar Threochtaí sa Sciúradh Airgid FIU agus ar athruithe reachtaíochta atá déanta le déanaí - an Maoiniú Sceimhlitheoireachta - bunachar sonraí nua tuairiscithe STR; FMS Business One, Oiliúint Lárnach an Chláir, Múnla Agallaimh an Gharda Síochána (GSIM) - Leibhéal 2 agus Leibhéal 3, Tiomáint CBD1, an Creat Feidhmíochta, Cuntasachta agus Foghlama (PALF) agus an Tromchoireacht in Ollscoil Luimnigh.

## Airgeadraí Fíorúla

Tá an Biúró ag coinneáil a chuid eolais agus a chumas imscrúdaithe ar criptea-airgeadra agus a n-úsáid in iompar coiriúil ar fud an domhain. Tá an Biúró chun tosaigh ar na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a d'aithin an cumas atá ag coirpigh leas a bhaint as saintréithe criptea-airgeadra chun fáltais ó choireacht a shaothrú agus a sciúradh.




De bharr a chuid imscrúduithe rinne an Biúró roinnt urghabhála ar chineálacha éagsúla criptea-airgeadra, an 'Bitcoin' agus 'Ethereum' ina measc. Seo an chéad uair a ghlacadh seilbh ar an criptea-airgeadra 'Ethereum' ag gníomhaireacht forfheidhmithe dlí ar bith ar fud an domhain.

In 2019, chuidigh an Biúró leis an Department of Homeland Security sna SA imscrúdú a dhéanamh ar an ngoid criptea-airgeadra ar na milliúin dollar agus d'éirigh leis cuid shuntasach de na cistí goidte a aisghabháil.

Chun seasamh an Bhiúró mar ceann de na gníomhaireacht forfheidhmithe dlí is iomráití maidir lena chumas imscrúdú a dhéanamh ar criptea-airgeadra, é a ghabhail a choinneáil agus a fháil réidh leis, cheadaigh Príomhoifigeach an Bhiúró Oifigeach de chuid an Bhiúró freastal ar fhóram oiliúna um Aisghabháil agus Coigistiú Sócmhainní CEPOL ag Lido Di Ostia (an Róimh) i mí Iúil 2019, a bhí dírithe ar an gcriptea-airgeadra agus ar an Darknet.

Tugann na fóraim seo deis don Bhiúró a chuid eolais sa réimse a roinnt agus a fheabhsú agus teagmháil a dhéanamh le saineolaí domhanda sa réimse seo chun tairbhe imscrúduithe de chuid an Bhiúró sa todhchaí.

Chuir an Biúró roinnt léirithe agus seimineáir ar fáil do baill den Gharda Síochána agus gníomhaireachtaí gaolmhara eile trí Choláiste an Gharda Síochána in 2019. Leo siúd, áirítear:

- Oiliúint Ghardaí sa Choláiste an Gharda Síochána
- Cúrsa do Phróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní.
- Sainaonaid atá ceangailte le hOibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta.
- Clár Oiliúna um Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí.


Tá an Biúró tiomanta go gcoimeádfar an stádas atá aige mar ghníomhaireacht imscrúdaithe a bhfuil clú air ar fud an domhain sa réimse seo mar gheall ar an saineolas atá san eagraíocht agus mar gheall ar chumas na heagraíochta chun buntáistí na gcoireachta a bhaint de choirpigh.



Cuid a hAon

*Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann*

Léaráid: Eagraíocht an Bhiúró:



# Cuid a Dó
## *Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla*

### Imscrúduithe

Le linn 2019, lean Oifigigh an Bhiúró leis na cumhachtaí agus leis na dualgais a dílsíodh dóibh faoi alt 8 d'Acht an Bhiúró a fheidhmiú.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur san alt sin a dhílsítear d'Oifigigh an Bhiúró na dualgais agus na cumhachtaí a mbronntar orthu de bhun iad a bheith ina mbaill dá máthaireagraíocht faoi seach.

Mar aon leis na cumhachtaí sin, tá cumhachtaí ar leith ar fáil don Bhiúró, gurb iad:

1. Barántais chuardaigh an CAB;
2. Orduithe chun ábhar a chur ar fáil don CAB.

Tá na cumhachtaí sin leagtha amach in alt 14 agus in alt 14A d'Acht an Bhiúró agus den Acht um FC faoi seach.

Thug an Biúró faoina chuid imscrúduithe i rith 2019 le comhoibriú agus le cúnamh ó phearsanra an Gharda Síochána ó Rannóga agus ó Aonaid Náisiúnta de chuid an Gharda Síochána, lena n-áirítear Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch (BGSCE), an Biúró Náisiúnta um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (BNDCE), an Biúró Náisiúnta um Imscrúdú Coiriúil (BNIC), an tAonad Práinnfhreagartha an tAonad Speisialta Bleachtaireachta (ASB) agus an Rannóg Slándála agus Faisnéise, Ceanncheathrú an Gharda Síochána. Fuarthas tacaíocht chomh maith ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Lean an Biúró de bheith ag comhoibriú le hAonaid Imscrúdaithe Speisialta na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí i ndáil lena gcuid imscrúduithe sa bhliain 2019.

Bhí an cúnamh leanúnach sin ríthábhachtach maidir leis an rath a baineadh amach as a bheith dírithe ar fháltais ó iompar coiriúil le linn 2019.

### Alt 14

Foráiltear in alt 14 d'Acht an Bhiúró do bharántais chuardaigh an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla. Faoi alt 14(1), féadfar Oifigeach Biúró ar ball den Gharda Síochána é iarratas a dhéanamh na Cúirte Dúiche chun barántas a fháil chun cuardach i gcomhair fianaise a bhaineann le sócmhainní nó le fáltais a tháinig ó iompar coiriúil.

Déantar foráil le halt 14(2) & (3) don tsaincheist do bharántas cuardaigh den chineál céanna i gcúinsí a bhfuil práinn ag baint leo agus a bhfuil iarratas don Chúirt Dúiche dofheidhmithe. Is féidir le hOifigeach de chuid an Bhiúró ar ball den Gharda Síochána é nó í agus nach ísle a g(h)rád ná Ceannfort an barántas seo a eisiúint.

I gcaitheamh na bliana 2019, ba chun na Cúirte Dúiche a rinneadh gach aon iarratas faoi bhun alt 14 agus níor eisíodh aon bharántais ar bith de bhun alt 14(2).

Is é atá i gceist le barántas cuardaigh alt 14 ná go dtugtar cead d'Oifigeach ainmnithe de chuid an Bhiúró ar ball den Gharda Síochána é ábhar sa láthair ainmnithe a chuardach, a urghabháil agus a choinneáil, in éineacht le cibé daoine eile a mheasann an Oifigeach an Bhiúró sin a bheith riachtanach. Baineann tábhacht leis sin toisc go dtugann sé cead don bhall den Gharda Síochána dul in éineacht le daoine eile a mheasann Oifigeach an Bhiúró a

bheith riachtanach, lena n-áirítear daoine atá cáilithe go teicniúil agus go gairmiúil, ar mhaithe le cúnamh a thabhairt dó/di le linn an chuardaigh.

Breathnaítear ar na barántais seo mar uirlisí tábhachtacha a ligeann don Bhiúró tabhairt faoi imscrúduithe de bhun a dtéarmaí tagartha reachtúla.

Le linn 2019, forghníomhaigh an Biúró seacht gcinn is dhá chéad is fiche de bharántais a bhí dírithe ar ghrúpaí coireachta eagraithe. Go háirithe, dhírigh an Biúró ar ghrúpa coireachta eagraithe i dTuaisceart na tíre a bhí aitheanta. Úsáideadh na barántais faoi alt 14 chun roinnt mhaith tithe príobháideacha chomh maith le hoifigí proifisiúnta agus gnólachtaí eile a chuardach. Gabhadh go leor airgid, seodra agus feithiclí dá bharr.

## Alt 14A

Cuireadh alt 14A isteach leis an Acht um FC 2005. Tá foráil déanta san alt seo go bhféadfar d'Oifigeach de chuid an Bhiúró ar ball den Gharda Síochána é iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche chun ordú a fháil lena dtreoraítear duine ainmnithe ábhar a chur ar fáil don Oifigeach sin.

Úsáideadh Orduithe ar Aird faoi alt 14A go príomha chun fianaise a ardú ó roinnt institiúidí airgeadais taobh istigh den Stáit. Baineann an ábhar le mionsonraí bainc agus go minic le lear mór airgid a aistriú idir cuntais.

Mar thoradh ar an eolas a fuarthas, bhí an Biúró in ann an t-eolas seo a úsáid in imscrúduithe leanúnacha ar roinnt daoine aonair ag creideadh go raibh sócmhainní a léiríonn, go díreach nó go hindíreach, fáltais coiriúla ina seilbh acu.

Le linn 2019, rinne an Biúró trí chéad nócha sé ordú a fhorghníomhú de bhun alt 14A.

## Iarratais a rinneadh le linn 2019

Le linn 2019, rinneadh an líon iarratas seo a leanas faoi alt 14 agus faoi alt 14A d'Acht an Bhiúró agus den Acht um FC faoi seach:

Iarratais faoi Alt 14 agus faoi Alt 14A den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005

| **Cur síos** | **Iarratais** | |
|---|---|---|
| | **2018** | **2019** |
| Barántais chuardaigh faoi alt 14 d'Acht an Bhiúró, 1996 & 2005 | 171 | 227 |
| Orduithe chun ábhar a chur ar fáil faoi Alt 14A den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 & 2005 | 275 | 396 |

## Alt 17

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010

Ceadaíonn an tAlt 17(2) den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheora), 2010 do bhaill an Gharda Síochána orduithe a fháil tríd an gCúirt Dúiche chun srian a chur le gluaiseacht airgid atá coinnithe i gcuntais bhainc.

Le linn 2019, d'úsáid an Biúró an t-ordú seo ar chúig chéad sé uair is daichead. Fuarthas na h-orduithe seo mar gheall ar dhaichead

a dó sprioc éagsúla atá faoi imscrúdú ag an mBiúró faoi láthair.

Fanann na horduithe seo i bhfeidhm ar feadh tréimhse ceithre seachtaine a thugann am don bhall imscrúdaithe oibriú amach an bhfuil an t-airgead seo in úsáid do sciúradh airgid nó do chionta maoinithe sceimhlitheoirí. I ndiaidh na tréimhse ama sin, is féidir leis an ordú sin dul i léig nó is féidir leis an mball imscrúdaithe athnuachan a dhéanamh air sa gCúirt Dúiche.

Tá méid iomlán na maoinithe atá srianta faoi láthair de bhun an fhoráil seo níos mó ná €1,820,978,61, £85,647.00 Steirling agus $13,000 Dollar.

Is féidir ordú faoi Alt 17(2) a rinne an Chúirt Dúiche a cheistiú trí iarratas a dhéanamh sa chúirt sin de bhun alt 19 nó alt 20 d'Acht 2010.

## Ionchúisimh Choiriúla

### Cás 1

Le linn oibríochta cuardaigh de chuid an Bhiúró i gContae Luimnigh, aimsigh Oifigigh de chuid an Bhiúró roinnt drugaí rialaithe. Rinneadh beirt daoine a ghabháil.

Ullmhaíodh comhad imscrúdaithe agus cuireadh é faoi bhráid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP). Ordaíodh ionchúisimh a bheith déanta agus tá beirt daoine aonair os comhair na Cúirte Cuarda faoi láthair faoi chúiseamh i gcionta faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1977 & 1984.

### Cás 2

Chuir an Biúró tús le himscrúdú coiriúil ar bhagairtí / imeaglú a bheith déanta i leith Oifigeach de chuid an Bhiúró le linn dó a chuid dualgas a chomhlíonadh. Gabhadh duine aonair as cion atá contrártha d'alt 13 den Acht CAB (Eagla a bheith á chur ar Oifigigh de chuid an Bhiúró). Coinníodh an duine seo faoi fhorálacha an Achta um Cheartas Coiriúil 1984, arna leasú.

Ullmhaíodh comhad imscrúdaithe agus cuireadh faoi bhráid an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é, ordaíodh cúisimh agus tugadh duine amháin os comhair na Cúirte Dúiche a cúisíodh i dhá chion contrártha d'alt 13 d'Acht an Bhiúró (Eagla a bheith á chur ar Oifigigh de chuid an Bhiúró).

### Cás 3

Chuir an Biúró tús le himscrúdú coiriúil ar chás ina gcuir duine a bhfuil baint aige le tionscal trádála na mótar athúsáidte cáipéisí falsaithe ar fáil don Bhiúró.

Ullmhaíodh comhad imscrúdaithe agus cuireadh faoi bhráid an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é, ordaíodh cúisimh agus tugadh duine amháin os comhair na Cúirte Dúiche, agus ina dhiaidh sin os comhair na Cúirte Cuarda, a cúisíodh i dhá chion atá contrártha le halt 6, alt 26 agus alt 29 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001 agus alt 2 (d) den ACC 1997.

*Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó*

# Cuid a Trí

## *Gníomhartha faoin Acht um Fháltais ó Choireacht 1996 go 2016*

### Réamhrá

Cuireann an tAcht um Fháltais ó Choireacht 1996 go 2016 ("An tAcht um FC") meicníocht ar fáil le go mbeidh an Biúró in ann iarratas a dhéanamh don Ard-Chúirt le hordú ("ordú eachtramach") a dhéanamh ag cur cosc ar dhuine / eintiteas déileáil le sócmhainn ar leith, i bhfocail eile, calctar an tsócmhainn ar leith.

Ina theannta sin, san Acht um FC, tugtar cead don Ard-Chúirt cinneadh a dhéanamh, agus an dualgas cruthúnais uirthi, ar cé acu a tháinig nó nár tháinig an tsócmhainn, go díreach nó go hindíreach, ó iompar coiriúil.

Leasaíodh an tAcht um FC sa bhliain 2005 chun go bhféadfaí na himeachtaí a thabhairt in ainm an Bhiúró in ionad ainm Phríomh-Oifigeach an Bhiúró. Ar an ábhar sin ó 2005, tugadh gach iarratas a rinne an Biúró in ainm an Bhiúró.

Cuirtear tús le himeachtaí na hArd-Chúirte trí iarratas a dhéanamh faoi alt 2(1) den Acht um FC atá bunaithe ar mhionscríbhinn a bheidh mionnaithe ag Príomh-Oifigeach an Bhiúró i gcónaí. Cuireann finnéithe ábhartha faoi mhionn i mionnscríbhinní eile agus i measc na finnéithe sin áirítear Oifigigh de chuid an Bhiúró agus baill foirne de chuid an Bhiúró, baill de chuid an Gharda Síochána nach leis an mBiúró iad, lena n-áirítear Próifílíeoirí Rannacha um Shócmhainní agus i gcásanna áirithe, oifigigh ó ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ó lasmuigh den dlínse.

Forálann an tAcht um FC gur féidir leis an tairiscint tosaithe a thabhairt do ex-parte. Fágann sé sin go ndéanann an Biúró a iarratas faoi alt 2(1) den Acht um FC gan an riachtanas chun an duine lena mbaineann (an freagróir) a chur ar an eolas. Maireann an t-ordú alt 2 (1) ar feadh fiche haon lá mura ndéantar iarratas faoi alt 3 den Acht um FC tugtha laistigh den tréimhse sin.

Forálann alt 2 den Acht um FC chomh maith gur cheart don té lena mbaineann a bheith curtha ar an eolas le linn an ama seo.

Le linn 2019, cuireadh tús le himeachtaí alt 3 i ngach uile chás a thug an Biúró agus ina ndearnadh ordú faoi alt 2(1). Ceadaítear do thréimhse níos faide chun sócmhainní a chalcadh faoi alt 3 den Acht um FC. Ní mór é a thabhairt faoi deara gur féidir tús a chur le himeachtaí faoin Acht um FC gan ordú calctha faoi alt 2(1) trí thairiscint tosaithe a eisiúint de bhun alt 3(1).

Cé nach mór tús a bheith curtha le cásanna faoi alt 3 taobh istigh d'fhiche haon lá d'ordú alt 2, i gcleachtas, is féidir go dtógfaidh sé am fiúntach sula mbeadh éisteacht tagtha os comhair na hArd-Chúirte faoi alt 3. Tugtar fógra don duine lena mbaineann (an freagróir) d'éisteacht faoi alt 3 agus tá an duine sin i dteideal freastal ar an éisteacht agus an tabhairt faoin gcás maidir le sócmhainn ar leith.

Sa chás nach bhfuil sé d'acmhainn ag an bhfreagróir íoc as ionadaíocht dhlíthiúil, is féidir leis an bhfreagróir iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt ar chúnamh dlíthiúil a fháil faoi Scéim um Chúnamh Dlí atá i bhfeidhm chun na críche sin. Sa bhealach sin, déantar cinnte de go gcomhlíontar an rochtain ar ionadaíocht dlí i gcásanna a bhaineann leis an mBiúró, ar choinníoll go gcomhlíontar na critéir riachtanacha don scéim.

Má thaispeántar chun sástacht na hArd-Chúirte le linn éisteacht alt 3 gur tháinig an tsócmhainn, go díreach nó go hindíreach, ó iompar coiriúil, déanfaidh an Ard-Chúirt

ordú lena ndéanfar an tsócmhainn sin a chalcadh. Mairfidh an t-ordú sin seacht mbliana ar a laghad. Le linn na tréimhse sin, féadfar don fhreagróir nó aon pháirtí eile a éilíonn úinéireacht a bheith aige ar an maoin iarratas a dhéanamh leis an t-ordú cúirte a dhéanamh ilchinéalach i leith na maoine sin.

Tráth a rachaidh an tréimhse seacht mbliana in éag, féadfaidh an Biúró tús a chur le himeachtaí ansin chun an tsócmhainn a aistriú chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nó chuig aon duine eile den sórt sin de réir mar a chinneann an Chúirt faoi alt 4 d'Acht an Bhiúró. Le linn na n-imeachtaí seo, tugtar fógra do gach uile pháirtí leasmhar den athuair agus is féidir leo iarratais a dhéanamh chun na cúirte.

Sa chás nach bhfuil an tréimhse seacht mbliana in éag, féadfar Ordú Toilithe Diúscartha faoi alt 4A d'Acht an Bhiúró a chur in éifeacht le toiliú ón bhfreagróir agus ón gcúirt.


## Athbhreithniú ar Alt 1A

Rinneadh an tAcht PoC a leasú faoin Acht um FC (Leasú), 2016. Déantar foráil leis an leasú seo, sa chás go bhfuil Oifigeach de chuid an Bhiúró in áit phoiblí, nó in áit eile atá sé údaraithe nó a bhfuil cuireadh faighte aige, nó áit ina bhfuil sé ag déanamh cuardach, agus go bhfaigheann sé réadmhaoin a cheapann sé atá ina fáltais choiriúla le luach nach lú ná €5,000, gur féidir leis an Oifigeach an réadmhaoin a urghabháil do thréimhse nach mó ná fiche ceathair uair an chloig.

a) Is féidir le Príomhoifigeach an Bhiúró, le linn na tréimhse fiche ceathair uair an chloig, an réadmhaoin a chur faoi choinneáil do thréimhse suas le fiche lá, ar choinníoll go bhfuil:
b) Sé sásta go bhfuil forais réasúnta ann a bheith amhrasach go sáraíonn an réadmhaoin, an réadmhaoin ar fad nó cuid de, go díreach nó go hindíreach, fáltais choiriúla.
c) Sé sásta go bhfuil forais ann a bheith amhrasach nach lú luach iomlán na réadmhaoin ná €5,000,
d) Sé sásta go bhfuil an Biúró ag déanamh imscrúdú ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil forais shuntasacha ann chun iarratais a dhéanamh don chúirt d'ordú eatramhach nó ordú idirbhreitheach maidir leis an réadmhaoin agus,
e) Forais réasúnta aige le creidiúint go bhfuil an réadmhaoin, ina hiomlán nó cuid de, a d'fhéadfadh, in éagmais údaraithe, a bheith curtha de láimh nó láimhseáilte ar bhealach eile, nó a luach a bheith laghdaithe, sula ndéantar iarratas mar seo.

Le linn 2019, ghair an Biúró na cumhachtaí ata aige faoi Alt 1A den Acht um FC ar thrí ócáid, agus tá sampla amháin de sin ag seo thíos.

Líon na gcásanna ina ndearnadh orduithe alt 1A





*Eiseamláir:*
Ghlac an Biúró seilbh ar dhá fheithicil (Volkswagen Arteon 191 agus Volkswagen Passat 151 ar luach de thart ar €60,000 san iomlán) i mí Dheireadh Fómhair 2019 ar le baill de chuid grúpa coireachta eagraithe atá lonnaithe i gceantar Chathair Phort Láirge a bhfuil baint acu leis an dáileadh

drugaí rialaithe. Le linn na tréimhse coinneála fiche haon lá, rinne an Biúró iarratas don Ard-Cúirt agus d'éirigh leis orduithe a fháil faoi Alt 2 & 7 den Acht um FC.

Liostáladh an t-ábhar ansin os comhair na hArd-Chúirte agus rinneadh ordú ina dhiaidh sin de bhun alt 3 den Acht um FC i leith na bhfeithiclí.

Cásanna nua FC a tugadh os comhair na hArd-Chúirte







## Athbhreithniú ar Alt 2 (1)

Agus an figiúr sin curtha i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2018, léirítear go raibh méadú ann i líon na sócmhainní a bhfuarthas ordú alt 2(1) ó chéad cinn is ceathair déag de shócmhainní in 2018 suas go dtí trí céad is fiche sé cinn in 2019.

Sócmhainní a ndearnadh orduithe alt 2 (1) ina leith




## Cásanna tosaithe

Cuireadh tús le tríocha is a haon chás nua le linn 2019. As na cásanna sin ar cuireadh tús leo, rinneadh gach aon cheann díobh a thionsnamh trí imeachtaí a eisiúint trí fhoriarratas tionscaimh faoi bhun alt 2 den Acht um FC.

Nótálann an Biúró gurbh é seo an méid is mó cásanna um an fháltas ó choireacht ar cuireadh tús leo in aon bhliain amháin ón tráth ar cuireadh an Biúró i mbun go dtí seo. Tá an Biúró i mbun obair fhorleathan chun na himscrúduithe seo a ullmhú ionas go mbeidh sé in ann na cásanna seo a sheoladh in 2019.


## Cuid a Trí

*Gníomhartha faoin Acht um Fháltais Ó Choireacht 1996 agus 2016*

Le linn 2019, rinne an Biúró imeachtaí i leith réimse de chineálacha sócmhainní a thionscnamh. Chun críocha próifílithe, miondealaítear na sócmhainní mar seo a leanas: seodra, maoin, feithiclí, earraí dearthóra agus eile.




Sócmhainní a ndearnadh orduithe alt 2(1) ina leith
*Miondealú ar shócmhainní de réir chineál na sócmhainne*




I gcás na bhfigiúirí a bhaineann le seodra le moin le feithiclí, le hearraí dearthóra agus le hearraí, tá siad bunaithe ar an luach réamhmheasta a chur an Biúró ar an tsócmhainn nuair a bhí iarratas á dhéanamh aige faoi alt 2(1) den Acht um FC.

Luach na sócmhainní atá calctha faoi alt 2(1)




## Miondealú Luachála

Is ionann luach na trí céad shócmhainn is fiche sé a calcadh faoi alt 2 den Acht um FC le linn na bliana 2019 agus €64,985,550.30. Is féidir an figiúr sin a mhiondealú mar atá léirithe sa tábla ag seo thíos.

Anailís ar na horduithe alt 2 de réir Chineál na Sócmhainne

| Cur Síos | € |
|---|---|
| Seodra | 185,730.00 |
| Réadmhaoin | 7,844,133.77 |
| Feithicil | 1,838,798.12 |
| Airgeadas | 54,650,943.92 |
| Earraí Dearthóra | 58,875.00 |
| Eile | 407,069.49 |
| **Iomlán** | **64,985,550.30** |

Léirítear sna torthaí don bhliain 2019 gur tháinig méadú de €56 milliúin ar luach na sócmhainní a calcadh faoi alt 2(1) i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2018, bliain inar calcadh sócmhainní dar luach €8,393,582.30 Tá an méadú mór seo mar gheall ar urghabháil shuntasach criptea-airgeadra ar luach €53,023,140.

Athraíonn luach na sócmhainní i ngach cás ag brath ar an sócmhainní de raon ard nó

de raon luacha arda atá i gceist leis an sprioc. Bhí na luachanna a bhí i gceist sna horduithe sin idir €5,010 agus €51.2milliúin.

Chuir laghdú na tairsí faoin reachtaíocht nua in 2016 le 186% breise de shócmhainní a urghabháil in 2019 i rith 2016.




## Athbhreithniú Alt 3

Déantar orduithe alt 3 (1) ag deireadh na héisteachta más rud é go bhfuil cinneadh déanta ag an Ard-Chúirt gurb ionann sócmhainn nó sócmhainní áirithe agus fáltais ón iompair choiriúil. Mar sin, is ceist don Ard-Chúirt é an dáta a mbeidh an éisteacht air, chomh maith le fad na héisteachta sin, agus níl aon smacht ag an mBiúró ar an gceist sin.

Le linn na bliana 2019, bhí orduithe faoi alt3(1) i bhfeidhm i dhá chás agus fiche a bhí os comhair na hArd-Chúirte, agus is ionann luach na n-orduithe sin agus €3,374,696.23.


Líon na gcásanna ina ndearnadh orduithe alt 3(1)




Tugann an Biúró dá aire an laghdú atá tagtha an líon cásanna ar éisteadh in 2019.

Tháinig laghdú ar líon na n-orduithe a rinne an Ard-Chúirt mar gheall ar shócmhainní de bhun alt 3(1) ó chéad shócmhainn is ceathair déag in 2018, síos go dtí seachtó sócmhainn in 2019.

Sócmhainní a ndearnadh orduithe alt 3(1) ina leith.





Anailís ar orduithe alt 3 de réir Chineál na Sócmhainne

| **Cur Síos** | **€** |
|---|---|
| Seodra | 25,000.00 |
| Réadmhaoin | 1,840,200.00 |
| Feithicil | 177,750.00 |
| Earraí Leictreonacha | 920.00 |
| Airgeadas | 1,302,826.23 |
| Eile | 28,000.00 |
| **Iomlán** | **3,374,696.23** |

Cuid a Trí

*Gníomhartha faoin Acht um Fháltais Ó Choireacht 1996 agus 2016*

Luach na sócmhainní arna gcalcadh iad faoi Alt 3(1)




## Alt 3(3)

Tá foráil déanta le halt 3(3) den Acht um FC go ndéanfar ordú alt 3 1) atá ann cheana a athrú nó a urscaoileadh. Maidir le cás ar thionscain an Biúró é faoi bhun alt 3(3), is féidir leis an fhreagróir nó le haon duine eile a éilíonn úinéireacht a bheith aige ar an maoin an t-iarratas sin a dhéanamh. Cé gur le hiarratas a thugann freagróir sa chás a phléitear in alt 3(3) go bunúsach, is féidir foráil a bheith déanta ann freisin deis a thabhairt d'íospartaigh choireachta a bhfuil sé cruthaithe acu go bhfuil leas dílseánaigh acu i sócmhainn chalctha, iarratas a dhéanamh chun an tsócmhainn sin a fháil ar ais faoina smacht.

Le hAlt 3 (3), tá foráil déanta deis a thabhairt do na daoine leasmhara sin ordú alt 3(1) a leasú nó a urscaoileadh nuair is féidir a chruthú, chun sástacht na cúirte, nach ionann an tsócmhainn atá faoi chaibidil agus fáltais ón iompar coiriúil. Ní dhearnadh orduithe dá leithéid faoi alt 3(3) den Acht um FC le linn 2019.



## Miondealú Geografach

Is é sainchúram an Bhiúró ná fáltais ó chásanna coireachta a imscrúdú beag beann ar láthair na sócmhainní sin.

Le linn na bliana 2019, fuair an Biúró orduithe a bhain le sócmhainní arbh fháltais ó choireacht iad i ngach aon cheann de na mórcheantair uirbeacha, i bpobail tuaithe agus i ndlínsí eachtracha.

Tá rún daingean ag an mBiúró go fóill díriú go gníomhach, agus a mhéid is féidir faoin Acht um FC, ar shócmhainní is fáltais ó iompar coiriúil, is cuma cén áit a bhfuil siad suite.

Tá an Biúró ag feabhsú an clúdach náisiúnta atá aige tuilleadh trí pholasaí athbhreithnithe Choimisinéir An Gharda Síochána ar Thascáil de Phróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní. Sa bhealach sin, déanfar cinnte de go bhfuil béim curtha ar thargaidí coiriúla áitiúla ar fud an Stáit ionas go mbeidh an Biúró in ann gníomhachtú ina leith.

## Réadmhaoin

Mar gheall ar na haidhmeanna agus ar na cuspóirí reachtúla atá aige, tá sé de dhualgas ar an mBiúró gníomh cuí a dhéanamh chun cosc a chur ar dhaoine a bhíonn páirteach i gcoireacht eagraithe

thromchúiseach tairbhe a bhaint as coireacht dá leithéid.

I gcásanna ina bhfuil sé cruthaithe gur fáltais ón iompar coiriúil atá sa mhaoin, áirítear leis an bhforáil reachtúil trína bhféadfar úsáid na maoine sin a dhiúltú do dhuine a bhaineann tairbhe as na fáltais sin, áirítear léi gur cheart an mhaoin a dhídhílsiú ón duine.

Mar chuid den bheartas sin, is féidir go mbeidh ar an mBiúró maoine a imscrúdú, fiú amháin i gcásanna ina bhfuil an mhaoin fós i gcothromas diúltach.

Is éard is aidhm don bheartas sin ná a chinntiú nach mbeidh daoine atá páirteach i gcoireacht eagraithe thromchúiseach in ann fanacht sa mhaoin agus, ar an mbealach sin, nach mbeidh siad in ann tairbhe a bhaint as na fáltais ó choireacht.

## Feithiclí

Leanann an Biúró le tabhairt faoi deara an spéis i bhfeithiclí ardluacha a bhíonn ag daoine a bhíonn páirteach i gcoireacht eagraithe thromchúiseach. Mar sin féin, dhírigh an Biúró ar roinnt feithiclí sa raon idir an meánchaighdeán agus an ardchaighdeán le linn na bliana 2019. Rinneadh amhlaidh, go páirteach, chun freagairt don iarracht a bhíonn á déanamh ag daoine a bhíonn páirteach in iompar coiriúil feithiclí lena mbaineann luach níos ísle a cheannach d'fhonn brath a sheachaint.

Bhí siad seo a leanas i measc na gcineálacha feithiclí ar urghabh an Biúró iad faoi alt 2(1) agus faoi alt 3(1) den Acht um FC le linn na bliana 2019:

- Audi A4, A6, Q7
- Ford Transit
- Citroen Berlingo
- Volkswagen Passat
- BMW 520, X5
- Mercedes E Class
- Peugeot Partner





## Só-earraí

Leanann an Biúró ag aimsiú gnóthachain neamhcheadaithe trí cheannach só-earraí maidir le teach soghluaiste, málaí láimhe dearthóra, cártaí siopa, éadaí agus coisbheart dearthóra, a bhfuil samplaí dóibh siúd léirithe thíos.

### *Cás 1*

Rinne an Tascfhórsa Speisialta Coireachta an duine aonair sa chás seo a tharchur chuig an mBiúró, tar éis €22,720 den airgead tirim a urghabháil le linn cuardaigh ar áitreabh cónaithe in Iarthar Bhaile Átha Cliath i Meán Fómhair 2016, mar chuid d'imscrúdú ar an díol agus soláthar drugaí rialaithe. Bhí fianaise ann go raibh nós maireachtála galánta ag an duine sa chás seo agus ag a mhuintir, cé go raibh siad ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

Le linn oibríochta cuardaigh a rinne an Biúró, ghabhadh Audi A5 131 ar luach €20,000; Audi A4 141 ar luach €14,000; Volkswagen Polo 2011 ar luach €6,000 agus só-earraí dearthóra éagsúla dar luach €46,190.

Mar thoradh ar an imscrúdú a rinne an Biúró, rinneadh ordú a dhéanamh faoi alt 2 an Achta um FC ar bhreis is €22,720 mar airgead tirim, chomh maith le Audi A5 131 ar luach €20,000; Audi A4 141 ar luach €14,000; Volkswagen Polo 2011 ar luach €6,000 agus só-earraí dearthóra éagsúla dar luach €46,190.




## *Cás 2*

Tháinig an duine aonair sa chás seo faoi aird an Bhiúró tar éis imscrúdú a rinne an Biúró ar dhaoine ina theaghlach sínte. Bhí sé léirithe san imscrúdú a rinne an Biúró go raibh sé soiléir go raibh nós maireachtála galánta ag an duine aonair i gceist ag an am nuair a bhí ioncam dlisteanach teoranta acu.

Mar thoradh ar imscrúdú an Bhiúró deonaíodh ordú faoi alt 2 den Acht um FC ar aonad maoine chónaithe in Iarthar Bhaile Átha Cliath ar luach €240,000; ar €146,945 coinnithe in ocht gcuntas airgeadais; ar cheithre mhótarfheithicil ar luach carnach de €77,000; ar €12,500 san airgead tirim agus ar shó-earraí dearthóra a bhí gaolmhar ar luach €63,000.




## Alt 4(1) agus Alt 4A


Tá foráil déanta in Alt 4(1) don aistriú maoine chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Baineann an t-alt sin le sócmhainní atá measta, ar feadh tréimhse nach lú ná seacht mbliana, a bheith mar thoradh ar iompar coiriúil agus nach bhfuil aon éileamh bailí déanta ina leith faoi alt 3(3) den Acht um FC.

**An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**
Department of Public Expenditure and Reform

Tá foráil déanta in Alt 4A go bhféadfaidh an freagróir in iarratas faoi réir an Achta um FC ordú toilithe diúscartha a dhéanamh, rud lena gceadófar aistriú na maoine chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtréimhse atá níos lú ná seacht mbliana. Tugadh é sin isteach san Acht um FC 2005.

Rinneadh fiche a dó chás faoi Alt 4(1) agus 4A a thabhairt chun críche agus a chur i gcrích in 2019.

Luach na sócmhainní arna gcalcadh iad faoi Alt 4(1) agus faoi Alt 4A




Le linn na bliana 2019, aistríodh €1,559,726.31 san iomlán chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um FC de bharr dhiúscairtí alt 4(1) agus alt 4A.

Miondealú Alt 4(1) & Alt 4A

| Cur Síos | Líon Cásanna 2018 | € 2018 |
|---|---|---|
| Alt 4(1) | 3 | 184,005.98 |
| Alt 4A | 19 | 2,087,793.94 |
| **Iomlán** | **22** | **2,271,799.92** |

| **Cur Síos** | **Líon Cásanna, 2019** | **€ 2019** |
|---|---|---|
| Alt 4(1) | 4 | 357,887.84 |
| Alt 4A | 13 | 1,201,838.47 |
| **Iomlán** | **17** | **1,559,726.31** |

Cé go bhfuil gníomhaíocht an CAB ag leanúint ar aghaidh ag dul i méid, féadfar fós féin go mbeadh an toradh don Státchiste síos leis in aon bhliain faoi leith. Cúis eile atá leis seo, go páirteach, ná an oibleagáid go bhfanfar seacht mbliana go dtí go dtugtar ordú alt 4 an Achta um FC chun críche, ach amháin sa chás go bhfuil Ordú Toilithe faoi alt 4A le teacht roimh na tréimhse seacht mbliana.

## *Cás 1*

*An Biúró um Shócmhainní Coiriúla –v- Routeback Media AB ag trádáil mar Local Mart agus Harry Zeman - Uimhir Thaifead 2018 Uimh. 1 CAB*

Fuair an Biúró ordú faoi alt 4 den Acht um FC ar os cionn $651,447.85 agus ús leanúnach a bhí á choinneáil i gcuntas bainc. Dheonaigh an tUasal an Breitheamh Feeney, nach maireann, an t-ordú alt 3 sa chás seo an 20 Eanáir 2011.

Ba é cás an Bhiúró, ar ghlac an Ard-Chúirt leis in 2011 sna himeachtaí bunaidh de bhun alt 3 den Acht um FC, gur bhain na cistí leis an gcalaois mórdhíola cárta creidmheasa ar líne a rinne an gcéad fhreagróir ainmnithe, cuideachta Sualannach faoi smacht an dara fhreagróra ainmnithe, in 2002.

Is éard a bhí sa chalaois ná muirearú neamhdhleathach $9.95 ar bhreis is nócha míle cárta creidmheasa, a raibh go leor díobh caillte nó goidte. Mhaígh an chuideachta, sa chosaint a rinne siad, go raibh seirbhísí ríomhphoist á soláthar aici dá custaiméirí.

Tar éis imeachtaí alt 4 a thionscnamh, rinne an dara freagróir ainmnithe iarratas de bhun alt 3 (3) den Acht um FC ag iarraidh ordú 2011 a chur ar ceal. Rinne an Breitheamh Stewart Uasal an dá iarratas a chomh-dhlúth agus a éisteach an 3 Nollaig 2019. Chuir an chúirt an breithiúnas ar forchoimeád agus luadh go dtabharfaidh é ar dháta níos déanaí.

*Cás 2*

Fuair an Biúró ordú faoi alt 4 d'Acht um FC os cionn €50,000 san airgead tirim a ghabh Gardaí áitiúla as Dún Dealgan é i mí na Samhna 2007. Bhí an t-airgead tirim i mála plaisteach nuair a rinne Gardaí cuardach ar charr in Óstán Carrickdale i nDún Dealgan. Bhí baint ag an tiománaí a bhfuil cónaí air i dTuaisceart Éireann leis an smuigleáil toitíní agus le díol agus soláthar drugaí rialaithe i dTuaisceart Éireann.

Fuarthas an t-ordú alt 2 sa chás seo in 2008, agus fuarthas an t-ordú alt 3 in 2011. Tugadh na himeachtaí atá tógtha ag an mBiúró sa chás seo chun críche críochnúil leis an ordú alt 4.

## Alt 6

Foráiltear in Alt 6 go bhféadfaidh an chúirt, le linn na tréimhse ina bhfuil ordú alt 2(1) nó alt 3(1) i bhfeidhm, ordú a dhéanamh an t-ordú a athrú ar mhaithe leis an bhfreagróir nó le haon pháirtí eile a chumasú:

1. Caiteachais mhaireachtála réasúnacha nó caiteachais riachtanacha eile a scaoileadh; nó
2. Gnó, trádáil, gairm nó slí bheatha eile lena mbaineann aon chuid den mhaoin a sheoladh.

Le linn 2019, rinneadh ceithre ordú dá leithéid, ar luach €11,292.

## Alt 7

Foráiltear in Alt 7 go bhféadfaidh an Chúirt Glacadóir a cheapadh, a n-áirítear leis na dualgais atá air luach na maoine a chaomhnú nó an mhaoin a dhiúscairt sa chás go bhfuil an mhaoin sin calctha cheana féin faoi orduithe alt 2 nó alt 3.

Sa bhliain 2019, fuair an Biúró orduithe glacadóireachta i ndáil le céad shócmhainn is ochtó ceathair. Ba é Oifigeach Dlí an Bhiúró an Glacadóir ar cheap an Chúirt é i ngach cás. Bhí aonaid mhaoine, an t-airgead tirim, airgead in institiúidí airgeadais, mótarfheithiclí, earraí leictreonacha, seodra agus uaireadóirí i gceist sna cásanna seo. I roinnt cásanna glacadóireachta, rinne an Ard-Chúirt orduithe le haghaidh sealbhú agus díol ag an nGlacadóir. Ní féidir ordú glacadóireachta a dhéanamh ach amháin sa chás go bhfuil ordú alt 2 nó ordú alt 3 i bhfeidhm cheana féin.

Ráiteas faoi Chuntais Ghlacadóireachta

| | Euro€ | STG£ | US$ |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh na gcuntas glacadóireachta amhail an 01/01/2019 | 12,417,452.57 | 208,045.48 | 655,167.27 |
| Suimeanna réadaithe, agus an t-ús agus réamhíocaíochtaí oibríochta san áireamh | 3,180,464.24 | 2.16 | 2,866.60 |
| Íocaíochtaí amach, lena n-áirítear íocaíochtaí leis an Státchiste agus an caiteachas um an nglacadóireacht oibríochta | 2,668,438.83 | 0.00 | 1,003.31 |
| Iarmhéid deiridh na gcuntas glacadóireachta amhail an 31/12/2019 | 12,929,477.98 | 208,047.64 | 657,030.56 |

## Cuid a Trí

*Gníomhartha faoin Acht um Fháltais Ó Choireacht 1996 agus 2016*

*Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó*

# Cuid a Ceathair
## *Gníomhartha ioncaim arna ndéanamh ag an mBiúró*

### Léargas Ginearálta
Is é an ról atá ag na hOifigigh Ioncaim a bhfuil baint acu leis an mBiúró ná dualgais a chomhlíonadh de réir an Achta Chomhdhlúthaithe Cánacha, 1997, an Achta Chomhdhlúite Cánach Breisluacha 2010, an Achta Chomhdhlúite Cánach um Fháltais Chaipitiúla 2003, an Acht Chomhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999, agus an Achta Chánach Maoine Áitiúil 2012 arna leasú (dá ngairtear na hAchtanna Cánach anseo feasta) chun a chinntiú gur faoi réir cánach atá na fáltais ó choireacht nó ó choireacht amhrasta. Is é atá i gceist leis sin an fhaisnéis ar fad atá ar fáil a bhailiú ó na gníomhaireachtaí gur páirtí-chomhlachta dár gcuid iad de réir fhorálacha alt 8 d'Acht an Bhiúró.

### Feidhmeanna Cánach
Is achoimre é seo ar na gníomhaíochtaí a ghlac an Biúró le linn 2019 agus nuashonrú ar stádas na n-achomharc ar seoladh iad de bhun measúnuithe cánach agus cinntí a rinne an Biúró.

### Measúnuithe Cánach
Tugtar de chumhacht d'Oifigigh Ioncaim an Bhiúró measúnuithe a dhéanamh faoi alt 58 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (dá ngairtear ACC 1997 anseo feasta) - an t-alt a bhaineann le muirir.

Le linn 2019, measadh caoga duine aonair agus chomhlacht chorparáide ina n-iomlán faoi fhorálacha na nAchtanna Cánach agus is é an toradh a bhí ar sin ná figiúir iomlán cánach de €11.7m.

### Achomhairc chun na Coimisinéirí Achomhairc Cánach
Bunaíodh an Coimisiúin um Achomhairc Chánach (TAC) ar an 21 Márta 2016 mar chomhlacht neamhspleách reachtúil, gurb é an feidhm is príomhúla atá aige ná déileáil le hachomhairc i gcoinne measúnaithe agus cinntí arna ndéanamh ag an mBiúró agus ag na Coimisinéirí Ioncaim ar ábhair a bhaineann le cáin agus le dleachtanna de réir na reachtaíochta ábhartha.

Le linn 2019, tháinig méadú breise ar an méid idirtheagmháil atá ann idir an TAC agus an Biúró. Mar thoradh ar an idirtheagmháil mhéadaithe, rinneadh líon suntasach achomharc nua a chur chun cinn sa bhreis ar roinnt cásanna leagáide. Leanann leis an mBiúró de bheith ag plé go dearfach leis an TAC d'fhonn gach aon achomharc cánach atá oscailte a chur ar aghaidh.

Tá achoimre ar na gníomhaíochtaí achomhairc don bhliain 2019 le fáil sna Táblaí Ioncaim 1 agus 2 atá ag deireadh na caibidle seo.

Amhail an 1 Eanáir 2019, bhí tríocha naoi gcás os comhair an TAC le bheith breithnithe. Le linn na bliana, atreoraigh an TAC tríocha a haon iarratas achomhairc chuig an mBiúró le haghaidh barúlacha maidir le sástacht na gceanglas reachtúil atá de dhíth le bheith bailí mar achomharc.

Ghlac an TAC le fiche achomharc, dhiúltaigh sé cúig cinn ina n-iomláine agus rinne sé trí achomharc eile a dhiúltú go páirteach. Seoladh trí éisteacht achomhairc le linn 2019 agus eisíodh cinntí i leith dhá éisteacht achomhairc.

Mar a bhí ar an 31 Nollaig 2019, bhí tríocha a naoi cás san iomlán ag fanacht ar éisteacht, ar chinneadh, nó ar bhreithiúnas i ndáil lena mbailíocht.

Amhail an 1 Eanáir 2019, bhí dhá achomharc maidir le cásanna ar diúltaíodh d'achomhairc ag fanacht ar chinneadh. Dhiúltaigh an Biúró don dhá iarratas achomhairc seo roimh an 21 Márta 2016.

Amhail an 31 Nollaig 2019, bhí an dá chás fós ag fanacht le bheith breithnithe ag an TAC.

## Cinntí Ioncaim Suntasacha

### An Biúrú um Shócmhainní Coiriúla v. Martin Foley [2019] IECA 287

Sa chás An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. Martin Foley [2019] IECA 287, rinne an Chúirt Achomhairc machnamh ar chinneadh na hArd-Chúirte a bhí déanta roimhe sin inar deonaíodh saoirse don Bhiúró breithiúnas críochnaitheach a thaifeadadh lena gcuimsítear €178,510.85 den cháin, móide suim €738,449.27 den ús reachtúil.

Bhí an t-achomharc dírithe ar an gceist faoin €738,449.27 breise a bhí á éileamh mar ús a raibh an t-achomharcóir tar éis dul ina coinne mar gheall ar an gclaontacht mhíchuí a tharla, de réir mar a mhaígh seisean, de thoradh an mhoill a bhí curtha air agus é ag cur isteach ar shaoirse chun breithiúnas a thaifeadadh, moill a raibh maíte aige go raibh sé iomarcach agus nach raibh sé inmhaite.

Rinne an Chúirt Achomhairc an cás a dhíbhe ar an mbonn nach raibh aon bhaint ag an tréimhse ama a bhí i gceist leis an gcáin a bhí dlite. Agus breithiúnas na cúirte á thabhairt aige, dúirt an tUasal an Breitheamh Edwards gur *"ceist den bheartas poiblí atá ann an cheart do dhaoine a gcánacha a íoc go tráthúil"* agus nach raibh aon fhoráil i reacht na dtéimhsí ann a chuir srian leis an tréimhse ama ina raibh an Biúró in ann imeachtaí a thionscnamh chun an cháin agus aon ús a fhabhraíonn de bharr íocaíocht dhéanach na gcánacha sin a aisghabháil.

Lean an Breitheamh léannta ar aghaidh leis agus dúirt go raibh sé *"go maith ar eolas ag an achomharcóir go raibh ús ag fabhrú"* ar a bhille cánach a bhí gan íoc agus go raibh sé faoina chumhacht *"an clog úis a stopadh óna bheith ag rith"* ach an tsuim cánach sin a raibh gan íoc a ghlanadh.

Ag glacadh leis go bhféadfaí a rá go raibh an mhoill sin i ngníomh bailiúcháin an Bhiúró ró-íseal, dúirt an tUasal an Breitheamh Edwards go raibh an dualgas an mhoill sin a bhunú neamhleor agus neamh-inúsáidte leis an bpáirtí ag iarraidh na himeachtaí a dhíbhe agus cur i gcoinne leanúint mar a leagtar síos sa chás *Primor Plc v Stokes Kennedy Crowley [1996] 2 IR 459*. Dúirt an tUasal an Breitheamh Edwards nach raibh sé sásta gur chomhlíon an tUasal Foley an dualgas seo *"go háirithe in imthosca ina raibh sé soiléir go raibh… imscrúdú ábhartha ar seoladh ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla".*

## Ainm Folaithe v. An Biúró um Shócmhainní Coiriúla - Cinneadh de chuid an Choimisiúin um Achomhairc Chánach - 23TACD2019

Sa chás *Ainm Folaithe v. An Biúró um Shócmhainní Coiriúla*, rinne an TAC breith ar achomharc i gcoinne measúnuithe a rinne an Biúró ar an mbonn nach raibh an t-achomharcóir ina chónaitheoir chun críche chánach agus nach raibh foinse ioncaim aige sa dlínse seo sna tréimhsí a bhí faoi chaibidil.

Agus an t-achomharc á chur isteach aige, dhearbhaigh an t-achomharcóir nach raibh an cháin inghearrtha air sa dlínse seo agus, mar gheall air sin, nár tháinig sé faoi réir fhorálacha Alt 959AH den ACC 1997. Níor chomhdaigh an t-achomharcóir tuairisceán cánach i dtaca leis an achomharc, dá bharr.

Tar éis dó fianaise a thabhairt ar aird le linn na héisteachta go raibh ioncam ag an achomharcóir a raibh foinse Éireannach aige agus a bhí inmhuirearaithe i leith cánach le linn na dtréimhsí faoi chaibidil, chinn an TAC go laghdófaí chandam na measúnuithe de réir chionroinnt bunaithe ar an am a chaitheann an duine sa dlínse i ndáil le gach aon tréimhse a ndearnadh measúnú air.

Tá iarratas déanta ag an mBiúró chuig an Ard-Chúirt chun imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a thionscnamh i leith an chinnidh seo agus d’iarr sé ar an TAC cás a shonrú agus a shíniú chun tuairim na hArd-Chúirte a fháil ina leith. Agus an tuarascáil seo á scríobh, tá an dá ábhar sin fós os comhair na gcúirteanna.

## Sheridan Senior & Chuid Eile v. An Coimisiún um Achomhairc Chánach & Duine Eile [2019] IEHC 266

Sa chás *Sheridan Senior & Chuid Eile v. An Coimisiún um Achomhairc Chánach & Duine Eile* [2019] IEHC 266, rinneadh machnamh san athbhreithniú breithiúnach san Ard-Chúirt ar an ndearna an Coimisinéir Achomhairc dochar do na hiarratasóirí cúiseanna a thabhairt leis an fáth gur cinneadh a achomhairc a dhiúltú.

Dúirt an Breitheamh Twomey go gcaithfidh fios a bheith ag na hiarratasóirí cén fáth a ndearna an Coimisinéir Achomhairc cinneadh ina gcoinne ar an mbonn nár chuir siad aon fhianaise ar fáil chun tacú lena n-argóint. Bhí ar an gCoimisinéir Achomhairc cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh le dearbhuithe loma an iarratasóra gan fiú *“blúire den fhianaise tacaíochta”* a bheith ann maidir lena gcónaitheacht cánach, nó nár cheart.

Ag admháil dó go bhféadfadh an Coimisinéir Achomhairc a bheith níos soiléire trína rá gur dhiúltaigh sé d’argóint an iarratasóra toisc nach raibh aon fhianaise ann chun tacú leis, lean an Breitheamh Twomey ar aghaidh ag rá go bhféadfaí feabhas dá leithéid a chur le haon chinneadh nuair is féidir breathnú siar ar tharluithe ina ndiaidh.

Dhiúltaigh an Ard-Chúirt an t-ordú le haghaidh certiorari i ndáil le cinneadh an Choimisinéara Achomhairc a dheonú. Ba chóir a thabhairt faoi deara go ndearnadh an cinneadh seo a aisiompú ina dhiaidh sin sa Chúirt Achomhairc ar an 13 Márta 2020 (Uimhir Thaifid: 2019/222).

## Nithe a Bailíodh

Tá sé de chumhacht ag Oifigigh Ioncaim an Bhiúró gach gníomh is gá a dhéanamh chun dliteanais chánach a thagann chun deiridh agus atá dochloíte a bhailiú. Tá cumhachtaí an Ard-Bhailitheora ag Oifigigh Ioncaim an Bhiúró agus bainfidh siad leas as gach modh is féidir chun fiachais chánach a shaothrú. Tá na nithe seo a leanas i measc na modhanna atá ann chun airgead a bhailiú:

- Éilimh a eisiúint – Alt 960E den ACC 1997;
- Cumhacht astaithe – Alt 1002 den ACC 1997;
- Gníomh sirriam – Alt 960L den ACC 1997; agus

- Imeachtaí Sibhialta – Alt 960I den ACC 1997.

## Nithe a Aisghabhadh

B'ionann agus €2.026m an cháin iomlán ar aisghabh an Biúró í ó seachtó is a chúig duine aonair / eintitis le linn na bliana 2019.

## Éilimh

Le linn na bliana 2019, b'ionann na héilimh chánach a seirbheáladh ar fhiche is a trí dhuine /eintitis de réir Alt 960E de ACC 1997agus €5.8m (ús san áireamh).

### Socraíochtaí

Le linn 2019, ghlan seachtar daoine aonair dliteanais chánacha gan íoc leis an mBiúró trí chomhaontú a dhéanamh ar fiú €0.6m é ina iomlán.

### *Imeachtaí Aisghabhála*

Chuir imeachtaí na hArd-Chúirte tús le haisghabháil cánach agus úis ar fiú €5m iad in ocht gcás.

| Cosantóir | Suim Euro |
|---|---|
| Cás 1 | 595,705.52 |
| Cás 2 | 171,764.98 |
| Cás 3 | 1,317,171.64 |
| Cás 4 | 535,563.25 |
| Cás 5 | 614,562.76 |
| Cás 6 | 266,753.78 |
| Cás 7 | 863,416.18 |
| Cás 8 | 691,667.00 |
| **Iomlán** | **5,056,605.11** |

### *Breithiúnas*

Fuarthas breithiúnas Ard-Chúirte i gcoinne aon duine aonair amháin i leith dhliteanais chánach de €281,938.72.

| Cosantóir | Suim in Euro |
|---|---|
| Tom Casey | 281,938.72 |
| **Iomlán** | **281,938.72** |

### *Morgáistí Breithiúnais*

Rinneadh Morgáiste Breithiúnais a chlárú i gcoinne réadmhaoine atá faoi úinéireacht thairbhiúil aon duine amháin.

| Cosantóir | Suim in Euro |
|---|---|
| Jason Macken | 103,428.65 |
| **Iomlán** | **103,428.65** |

## Imscrúduithe

### *Gadaíocht agus Calaois*

Le linn 2019, ag tacú le Oibríocht Thor agus straitéisí i gcoinne na coiriúlachta a úsáideann chomhgníomhaireachtaí, rinne an Biúró measúnuithe cánach i leith trí déag duine aonair maidir le coireanna gadaíochta agus calaoise. Ba é €3m an méid iomlán cánach, gan ús, a bhí i gceist sna measúnuithe.

Chomh maith leis na measúnuithe a rinneadh, bailíodh cáin agus ús de €0.9m ó sheacht duine déag agus ó cheithre eintiteas chorparáide a ghin brabúis nó tairbhí ó choireanna ghadaíochta agus chalaoise.

### *An Sciúradh Airgid san Earnáil Ghluaisteán Athláimhe*

In 2019, lean an Biúró ag díriú orthu siúd a bhí ag iarraidh fáltais ón iompar coiriúil a cheilt laistigh de ghnólachtaí atá ag trádáil i gcarranna athúsáidte. Rinneadh measúnuithe cánach ar €3.3m gan an t-ús a áireamh i leith sheisir duine aonair agus cheithre eintiteas corparáideacha a raibh baint acu le díol gluaisteán athláimhe.

Rinne an Biúró bailiúcháin ar fiú €145,000 ó triúr aonair agus cheithre chomhlacht a bhí bainteach le trádáil mótair. Bhí éifeacht ar leith ar ghabhadh feithiclí ag sirriamaí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim de réir fhorálacha Alt 960L ACC 1997 maidir le gníomhaíochtaí bhailiúcháin feidhmithe tugtha ag an Biúró in 2019.

Chomh maith le measúnuithe a dhéanamh agus bailiúchán cánacha a chur i bhfeidhm, d'aithin an Biúró líon rioscaí ag teacht chun cinn sa trádáil mótair agus chuaigh sé i ngleic leo trí bhannaí slándála, cuairteanna comhlíonta agus idirghabháil eile a chur i bhfeidhm ina leith.

*Díol agus Soláthar Drugaí Mídleathacha*

In 2019 rinne an Biúró measúnaithe ar dáréag aonair a bhain tairbhe ó bhrabúis agus gnóthachain ó dhíol agus ó sholáthar drugaí mídhleathacha. Rinneadh measúnuithe cánach dar luach €3.9m san iomlán, gan ús a áireamh, sna himscrúduithe seo.

Le linn 2019, bhailigh an Biúró €0.9m, trí fhorfheidhmiú agus trí mhodhanna bailithe eile, ó thríocha trí dhuine a raibh baint acu le díol agus soláthar drugaí mídhleathacha.

Dhírigh imscrúduithe cánach suntasacha eile a rinne an Biúró in 2019 ar bhrabúis nó ar ghnóthachain a dhíorthaítear ó smuigleáil agus coimeád drúthlann.

## Feidhmeanna Custaim & Máil

Déanann grúpaí coireachta tromchúisí agus eagraithe i ngach dlínse iarracht rialacháin Chustaim agus Mháil araon a shárú ar mhaithe le brabús suntasach a dhéanamh, agus cistí á mbaint acu den Státchiste agus ról diúltach á imirt acu ar an tsochaí i gcoitinne. Bíonn tionchar diúltach ag na gníomhaíochtaí seo ar an tsochaí trí chistí a bhaint den Státchiste agus na cistí sin a atreorú i dtreo stíleanna maireachtála coiriúla a shaibhriú.

Cuireann an Biúró raon leathan feidhmeanna Custaim i bhfeidhm, lena gcuimsítear an reachtaíocht, rialacháinagus faisnéis, chun aon saincheist a shainaithint a d'fhéadfadh sé tacú lenár n-imscrúduithe.

### Na Pointí Iontrála/Imeachta sa/ón Stát

Is iad na feidhmeanna Custaim ag calafoirt agus ag aerfoirt go príomha a thacaíonn le himscrúduithe an Bhiúró ar na gnéithe trasdlínse den choireacht agus den bhrabús ó ghníomhaíocht choiriúil. Úsáideann an Biúró na cumhachtaí go léir atá ar fáil chun cosc a chur ar fháltais na coireachta, i bhfoirm ar bith, a bhfuil coirpigh á n-aistriú trí chalafoirt agus aerfoirt.

I rith 2019, rinne an Biúró monatóireacht ar roinnt coirpigh agus a gcomhgleacaigh, agus rinne roinnt díobh a ghabháil. Mar thoradh ar aon oibríocht shuntasach amháin, a rinne an Biúró i mí na Samhna 2019 i gCalafort Bhaile Átha Cliath, gabhadh dhá leoraí altacha agus leantóir tráchtála, a gabhadh mar chuid d'imscrúdú leanúnach. Thascradh an Biúró roinnt allmhairí tráchtála gan tionlacan a coinsíníodh do ghnólachtaí le cumainn choiriúla freisin, lena n-áirítear trí charráiste capall-tharraingthe agus fearas le haghaidh fhaiche an aonaigh.

### Earnáil an Ghnó Mhótar

Le linn 2019, lean an Biúró ag aithint asraonta gluaisteán athláimhe atá á n-oibriú ag grúpaí coireachta eagraithe, nó thar a gceann, agus lean sé ag forfheidhmiú reachtaíochta CCF, ag cur urghabhálacha feithiclí le luach os cionn €250,000 i

bhfeidhm faoi fhorálacha Alt 141, An tAcht Airgeadais, 2001. D'éirigh leis an mBiúró ciontú a chur i gcrích faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001 freisin i gcoinne aon mhótar-thrádálaí amháin a chuir cáipéisí falsaithe ar fáil d'Oifigigh. Fuair an duine aonair pianbhreith dhá bhliain (ar fionraí) ina dhiaidh sin i gCúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath.

Leanann an Biúró ag imscrúdú insíothlú na ngrúpaí coireachta eagraithe san earnáil trádála gluaisteán athláimhe. Ag teacht sna sála ar urghabhálacha, cúlghairm údaruithe CCF, gníomhartha forfheidhmithe agus obair trasteorann a rinneadh in 2017/2018, d'óstáil an Biúró comhdháil i mí Iúil 2019, ar fhreastail Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI), Her Majesty's Revenue & Customs (HMRC), National Crime Agency an RA (NCA), an Garda Síochána agus na Coimisinéirí Ioncaim go léir air. Chuir an fóram seo béim ar roinnt saincheisteanna imní agus tháinig sé chun deireadh agus moladh déanta ann athrú reachtach a chur leis an réimeas Cánach Clárúcháin Feithicle (VRT).

Chomh maith le fócas leanúnach na ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ar dhá thaobh na teorann, d'óstáil Príomhoifigeach an Bhiúró cruinnithe le roinnt ionadaithe ó thionscal na mótar chun ábhair imní don dá thaobh a phlé.

### *An Mionteagaisc & An Tacaíocht Oibríochtúil Náisiúnta*

Cuireann an Biúró fáilte roimh chúnamh oibriúcháin a chur Seirbhís Cumas na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar líon n-oibriúcháin mhóra éagsúla CAB i rith 2019 agus go háirithe an tacaíocht 24 uair a thugann Aonaid Ghadhar na gCustam ar dhá shuíomh cuardaigh is fiche ar fud na tíre.

I mí na Bealtaine 2019, reáchtáil an Biúró seisiúin faisnéise ar leith maidir le treochtaí reatha agus míreanna comhleasa le hAonaid Bainistíochta Teorann Custaim ag Calafort Bhaile Átha Cliath, ag Ros Láir agus i bPort Láirge. Is mian leis an mBiúró aitheantas a thabhairt don tacaíocht atá léirithe d'Oifigigh de chuid an Bhiúró sna suíomhanna sin.

Bhí áthas ar an mBiúró folúntais ar ár gCúrsa Oiliúna Próifílithe Sócmhainní Rannáin a thairiscint do cheathrar Oifigeach ó Sheirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim in 2019.

In 2019, lean an Biúró ag soláthar faisnéise oibríochta maidir le roinnt iarrachtaí smuigléireachta ar leith a bhain le táirgí alcóil agus le táirgí ionaid díosail. I mí Mheán Fómhair 2019, nocht an Biúró saoráid sciúrtha ola le linn cuardaigh a rinneadh ar áitribh i gContae Mhuineacháin. Tar éis idirchaidrimh i gcomhar le Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim, tá muirir á saothrú ina gcoinne siúd a bhí páirteach ann.

### *Her Majesty's Revenue & Customs (HMRC)*

Chun comhrac in aghaidh grúpaí coireachta eagraithe a oibríonn thar dlínsí, is gá comhar dlúth a bheith ann idir na húdaráis inniúla ar an dá thaobh den teorainn. Tá idirchaidreamh láidir le fada anuas ag an mBiúró leis an HMRC agus go háirithe le hOifigeach Idirchaidrimh um an gCoireacht Fioscach an HMRC atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Is iomaí cineál den chomhoibriú i gcomhar leis an HMRC a bhí ann in 2019. Thug Príomhoifigeach Biúró spreagaitheasc ag Comhdháil Bhliantúil an HMRC *'d'Oifigigh Idirchaidrimh um Choireacht Fioscach (FCLO)'* in Northampton i mí na Bealtaine agus arís ag an gComhdháil '*Oibríochtaí i leith Fáltas ó Choireacht*' leis an HMRC in

Birmingham i mí Mheán Fómhair. Ghlac an Biúró páirt arís i mbliana i gComhdháil Bhliantúil Coireachta Eagraithe Trasteorann i mí Mheán Fómhair. D'fhreastail beirt Oifigeach sinsearach de chuid an HMRC ar ár gCúrsa Oiliúna do Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní in 2019, ar forbairt thábhachtach eile sa chaidreamh oibre atá againn leis an HMRC.

Neartaigh gach a bhfuil thuas malartú an-rialta agus tábhachtach na faisnéise coiriúla idir an Biúró agus an HMRC. Baineann an Biúró leas as gach uile ghné den reachtaíocht um chúnamh frithpháirteach, bíodh an cúnamh sin ar bun idir feidhm Custaim amháin agus feidhm Custaim eile nó idir seirbhís Póilíneachta amháin agus seirbhís Póilíneachta eile.

Tugann an Biúró dá aire deireadh le sannadh FCLO áirithe ar leith i mBaile Átha Cliath le linn 2019 a raibh an-rath air, agus guímid gach rath air agus é ag fágáil na hÉireann. Rinne an Biúró an ócáid a cheiliúradh le cur i láthair speisialta dó, i gcuideachta a chomhghleacaithe, ag comhdháil an FCLO in Northampton i mí na Bealtaine.

## Cuid a Ceathair
### *Gníomhartha ioncaim arna ndéanamh ag an mBiúró*

Tábla 1: Toradh na nAchomharc ag Céim an Choimisinéara Achomhairc

| Cur Síos | Líon Cásanna |
|---|---|
| Achomhairc Oscailte amhail an 01/01/2019 | 39 |
| Achomhairc tarchurtha ón TAC | 31 |
| Achomhairc Ceadaithe ag an TAC | 21 |
| Achomhairc Diúltaithe ag an TAC | 5 |
| Achomhairc ar tarraingíodh siar iad | 3 |
| Achomhairc Cinnte ag an TAC | 2 |
| *Achomhairc Oscailte amhail an 31/12/2019 | 60 |

**Níl na hachomhairc Ceadaithe ag an TAC san áireamh mar go bhfuil an figiúr seo san áireamh sa bhfigiúr d'achomhairc arna dtarchur iad ón TAC.*

Tábla 2: Toradh na nAchomharc ar dhiúltaigh an Biúró dóibh (roimh an 21/03/2016)

| Cur Síos | Líon Cásanna |
|---|---|
| Achomhairc Oscailte amhail an 01/01/2019 | 2 |
| Achomhairc ar tarraingíodh siar iad | 0 |
| Achomhairc Oscailte amhail an 31/12/2019 | 2 |

Tábla 3: Measúnuithe Cánach

| Ceannteideal Cánach | Cáin €M 2018 | Cáin €M 2019 | Líon na measúnuithe , 2018 | Líon na measúnuithe, 2019 |
|---|---|---|---|---|
| Cáin ioncaim | 9.341 | 8.013 | 324 | 291 |
| Cáin Ghnóthachan Caipitiúil (CGT) | 0.058 | 0.006 | 1 | 1 |
| Cáin Bhreisluacha (CBL) | 1.346 | 3.595 | 11 | 48 |
| ÍMAT/ÁSPC | - | 0.020 | - | 4 |
| Cáin Fáltas Caipitiúil (CAT) | 0.018 | 0.095 | 2 | 6 |
| Cáin Chorparáide (CT) | - | 0.001 | - | 1 |
| **Iomláin** | **10.763** | **11.730** | **338** | **351** |

Tábla 4: An Cháin agus an tÚs ar Bailíodh

| Ceannteideal Cánach | Cáin €M 2018 | Cáin €M 2019 | Líon Bailiúchán 2018 | Líon Bailiúchán 2019 |
|---|---|---|---|---|
| Cáin ioncaim | 2.585 | 1.413 | 42 | 74 |
| An Cháin Ghnóthachan Caipitiúil | - | 0.133 | - | - |
| An Cháin Chorparáide | - | 0.001 | - | 1 |
| ÍMAT / ÁSPC | 0.033 | 0.083 | 2 | 2 |
| Cáin Bhreisluacha | 0.445 | 0.200 | 5 | 5 |
| An Cháin Fáltas Caipitiúil | 0.034 | 0.169 | 1 | 1 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 0.027 | 0.027 | 44 | 42 |
| **Iomláin** | **3.124** | **2.026** | **94** | **125** |

Tábla 5: An Cháin agus an tÚs ar Éilíodh

| Ceannteideal Cánach | Cáin €M | | Ús €M | | Iomlán €M | | Líon Cásanna | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2018 | 2019 | 2018 | 2019 | 2018 | 2019 | 2018 | 2019 |
| Cáin ioncaim | 8.003 | 2.696 | 5.202 | 1.731 | 13.205 | 4.427 | 36 | 23 |
| CGT | - | 0.006 | - | 0.002 | - | 0.008 | - | 1 |
| CAT | 0.049 | 0.004 | 0.002 | 0.001 | 0.051 | 0.005 | 2 | 1 |
| CBL | 1.493 | 1.200 | 0.241 | 0.197 | 1.734 | 1.397 | 7 | 2 |
| **Iomláin** | **9.545** | **3.906** | **5.445** | **1.931** | **14.990** | **5.837** | **45** | **27** |

*Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó*

# Cuid a Cúig

## *Gníomhartha Leasa Shóisialaigh glactha ag an mBiúró*

### Léargas Ginearálta

Is é ról Oifigigh Leasa Shóisialaigh an Bhiúró (SWBOanna) gach beartas riachtanach a ghlacadh faoi réir an Achta Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005, i gcomhréir leis na feidhmeanna atá leagtha amach in alt 5(1)(c) Acht an Bhiúró. Le linn na feidhmeanna sin a dhéanamh, déanann SWBOanna imscrúdú agus cinneadh ar incháilitheacht chun íocaíochtaí leasa shóisialaigh ag aon duine a ghlacann páirt i ngníomhaíocht chóiriúil.

Tá cumhacht ag Oifigigh Leasa Shóisialaigh an Bhiúró chun imscrúdú a dhéanamh, faoi réir alt 5(1)(d) an Achta, má tá cúis réasúnach ann chun creidiúint gur féidir le hoifigigh de chuid an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a bheith curtha i mbaol bagairtí nó cineálacha eile den imeaglú. Le linn 2019, tarchuireadh dhá chás nua faoi bhráid an Bhiúró faoi réir alt 5(1)(d).

Mar thoradh díreach ar imscrúduithe a rinne SWBOanna, cuireadh deireadh le híocaíochtaí a rinneadh le líon áirithe daoine in 2019, é sin nó rinneadh na híocaíochtaí sin a laghdú. Bhí coigilteas de €2,336,430.15 i gceist mar thoradh ar na bearta seo. Is féidir é sin a mhiondealú níos mine mar seo a leanas:

### Coigilteas

Is ionann an coigilteas iomlán ar baineadh amach in 2019 mar gheall ar deireadh a bheith curtha le híocaíochtaí a bhí á ndéanamh le daoine nach raibh i dteideal íocaíochta, mar gheall ar imscrúduithe a rinne SWBOanna, agus €441,513.40. Tá liosta ar fáil leis na ceannteidil faoina raibh an coigilteas sin bainte amach le fáil ag deireadh na caibidle seo.

### Ró-íocaíochtaí

Mar thoradh ar na himscrúduithe a bhí déanta, aithníodh ró-íocaíochtaí le daoine de bharr na gníomhaíochta calaoisí, agus rinneadh measúnú orthu. Is ionann ró-íocaíocht agus aon íocaíocht a fhaigheann duine aonair thar tréimhse nó tréimhsí ama nach raibh siad i dteideal leis nó nach raibh go leor teidil acu chuige, agus mar sin, is fiachas é aon íocaíocht faighte mar gheall ar éileamh nó éilimh a dhéantar ar an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Mar thoradh ar imscrúduithe a rinne SWBOanna, eisíodh éilimh in aghaidh roinnt daoine aonair chun aisíocaíocht a dhéanamh i ndáil le fiacha leasa shóisialaigh ar luacha idir €36,70.80 agus €308,861.00.

Le linn 2019, is ionann luach na ró-íocaíochtaí a rinneadh measúnú orthu agus ar éilíodh iad agus €1,570,861.02. Tá miondealú air seo le fáil ag deireadh na caibidle seo.

### Nithe a Aisghabhadh

Tá cumhacht ag SWBOnna ró-íocaíochtaí a aisghabháil ó dhaoine aonair. Glactar le ró-íocaíocht mar fhiach atá dlite don Státchiste. Úsáideann an Biúró go leor bealaí chun fiacha a aisghabháil, lena n-áirítear íocaíocht chnapshuime agus/nó íocaíocht i dtráthchodanna arna socrú.

Le halt 13 den Acht Leasa Shóisialaigh 2012, rinneadh an Acht Leasa Shóisialaigh

(Comhdhlúthú) 2005 a leasú maidir le haisghabháil ró-íocaíochtaí leasa shóisialaigh trí asbhaintí seachtainiúla a dhéanamh i ndáil leis an teidlíocht leasa reatha shóisialaigh atá ag an duine. Leis an leasú seo, ligtear le hasbhaintí ar suas le 15% den ráta seachtainiúil pearsanta atá gan íoc gan chomhthoil a fháil ón duine.

Bhí ról lárnach ag an mBiúró i ndáil leis na cumhachtaí breise ar tugadh isteach iad chun fiachais leasa shóisialaigh a aisghabháil trí imeachtaí Fógartha Astaithe. Tugann an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2013 an cumhacht don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí chun suimeanna íocaíochtaí atá coinnithe in institiúid airgeadais nó atá ag seasamh mar fhiach ó fhostóir a cheangail leis an duine a bhfuil fiach aige atá dlite don Roinn.

Mar thoradh ar bhearta a ghlac SWBOnna, tugadh suim iomlán de €324,055.73 ar ais don Státchiste in 2019, a bhfuil miondealú air liostaithe ag deireadh na caibidle seo.

## Achomhairc

Bhain an Biúró páirt ghníomhach chun an t-athrú a chur chun cinn thar ceann na SWBOnna maidir le leasú a cuireadh leis na hAchtanna Leasa Shóisialaigh.

Tháinig achtachán d’alt 7 den Acht Leasa Shóisialaigh 2019 i bhfeidhm an 1 Samhain 2019. Leis an leasú seo, ordaíodh go gcuirfidh Príomhoifigeach Achomhairc na hOifige Achomhairc Leasa Shóisialaigh faoi deara go n-eiseofar treoir don duine a chuir isteach an t-achomharc nuair a dhéanann duine achomharc i gcoinne cinnidh a rinne Oifigeach an Bhiúró Leasa Shóisialaigh agus sa treoir sin go mbeidh ordú don duine an t-achomharc a chur isteach chun na Cúirte Cuarda tráth nach déanaí ná 21 lá ón treoir a fháil.
Is é éifeacht an leasaithe seo ar an Acht Leasa Shóisialaigh ná go n-éistfear gach Achomharc CAB (Cinntí Leasa Shóisialaigh) sa Chúirt Chuarda anois.

## Alt 5(1)(c) d’Acht an Bhiúró 1996

### *Cás 1*

D'éiligh teaghlach a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath ar íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh a dhéantar tástáil acmhainne ina dtaca idir 2012 agus 2017. Le linn na tréimhse ama sin, taisceadh os cionn €1.9 milliún i gcuntais bhainc a bhí ina seilbh acu.

Rinneadh athbhreithniú air agus cuireadh deireadh leis na híocaíochtaí. Rinneadh ró-íocaíocht a mheas agus a éileamh ar luach €122,000. Cuireadh isteach iarratas ar achomharc agus éistfear sa Chúirt Chuarda é.

### *Cás 2*

Bhí bean i gceantar Bhaile Átha Cliath ag fáil íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh a dhéantar tástáil acmhainne ina dtaca (Liúntas do Mháithreacha Neamhphósta / Íocaíocht Theaghlaigh Aontuismitheora / Liúntas Cuardaitheora Poist) le linn na tréimhse 1984 go 2016. Theip uirthi fógra a thabhairt gur phós sí in 2005. Anuas air sin, theip uirthi fógra a thabhairt faoin dara aonad réadmhaoine saor ó mhorgáiste a bhí ag a céile.

Rinneadh athbhreithniú ar na híocaíochtaí Leasa Shóisialaigh ar íocadh léi. Rinneadh ró-íocaíocht a mheas agus a éileamh ar

luach €147,000. Níor taisceadh aon achomhairc i dtaca le haon cheann de na cinntí go léir a rinneadh.

### *Cás 3*

Rinneadh athbhreithniú ar an teidlíocht a bhí ag fear atá ina chónaí i gceantar Bhaile Átha Cliath, agus Liúntas Míchumais á fháil aige. Bhí an íocaíocht seo a bhfuil tástála acmhainne de dhíth ina leith á fháil aige le ceithre bliana déag anuas. Le linn na tréimhse sin, cheannaigh sé maoin i gCo. Chill Dara agus chuir sé os cionn €190,000 isteach i dtaisce ina chuntas bainc. Bhí sé ag obair mar thiománaí tacsaí freisin. Níor tugadh aon fhógra i dtaca leis an tsuim airgid sin don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Ní raibh an duine aonair in ann cuntas a thabhairt ar a ghníomhartha agus theip air ráiteas iomlán macánta a dhéanamh maidir lena ghnóthaí airgeadais thar na tréimhse ceithre bliana déag lena raibh éileamh á dhéanamh aige. Cuireadh a éileamh ar ceal agus rinneadh ró-íocaíocht a mheas ar luach €308,000 agus iarradh ar an tsuim sin. Níor taisceadh aon achomhairc i dtaca le haon cheann de na cinntí go léir a rinneadh.

### *Cás 4*

Rinneadh athbhreithniú ar teaghlach atá ina chónaí in Iarthar na hÉireann i dtaca leis an teidlíocht atá acu ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh a bhfuil tástáil acmhainne le déanamh ina dtaca agus a raibh siad á fáil acu le linn na tréimhse idir 2009 agus 2015. Le linn na tréimhse sin, taisceadh breis is €229,000 ina gcuid cuntas bainc, gan na híocaíochtaí Leasa Shóisialaigh a áireamh. Níor tugadh aon fhógra i dtaca leis an tsuim airgid sin don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Ní raibh an teaghlach in ann cuntas a thabhairt maidir conas a fuair siad an t-airgead ná ar conas ar thaisceadh é i gcuntais bhainc.

Rinneadh cinntí athbhreithnithe maidir leis na híocaíochtaí seo agus rinneadh an ró-íocaíocht a bhí bainteach a ardú suas go dtí € 107,000. Tá éileamh déanta i dtaca leis an íocaíocht seo agus ní bhfuarthas aon achomharc ina gcoinne go dtí seo.

### Acmhainní Méadaithe

In 2019, d'éirigh leis an mBiúró lena iarratas ar cuireadh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun líon na SWBOnna a mhéadú. Fuarthas ceadú chun beirt oifigeach a chur leis an soláthar foirne. Measadh go raibh tábhacht le foireann bhreise riachtanach mar gheall ar leathnú an Bhiúró agus mar gheall ar an ualach oibre méadaithe a bhí aige. Ina theannta sin, tarraingíodh aird ar na saincheisteanna seo a leanas:

- An t-athrú ar an reachtaíocht ag laghdú na tairsí íosta atá i bhfeidhm chun an Acht um FC a agairt síos ó €13,000 go dtí €5,000.
- An Chlár Oiliúna do Phróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní a shíneadh amach ar fud na tíre.
- Oifig Faisnéise agus Measúnaithe tiomnaithe a chur i mbun, agus Oifig Bainistíochta Sócmhainní freisin.

Meastar go rachaidh na SWBOanna nua-leithdháilte i mbun dhualgas a bpoist go luath in 2020.

## Cuid a Cúig

## *Gníomhartha Leasa Shóisialaigh glactha ag an mBiúró*

### Oiliúint CEPOL

In 2019, tugadh cuireadh do dhuine gur SWBO é freastal ar sheimineár oiliúna CEPOL (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí) san Aisghabháil agus Coigistiú Sócmhainní. Bhí daoine ó gach uile Bhallstát ann a bhí ag freastal ar Scoil na bPóilíní Eacnamaíocha agus Airgeadais sa Róimh.

Ba é an Guardia di Finanza a rinne an cúrsa a riar. Is é an aidhm a bhí ag an gcúrsa ná chun cur leis an idirtheagmháil laistigh den AE d'fhonn an comhoibriú forfheidhmithe dlí agus an malartú faisnéise a bhaineann leis an aisghabháil sócmhainní, leis an Darknet agus le gach uile ghné den chriptea-airgeadra a fheabhsú.

Bhí an Biúró an-sásta glacadh leis an gcuireadh agus an deis atá i gceist leis an gcur chuige ilghníomhaireachta thapú agus a roinnt lena chomhghleacaithe san AE.

Tábla 1: Coigilteas Leasa Shóisialaigh

| An Cineál Scéime | Coigilteas 2018 € | Coigilteas 2019 € |
|---|---|---|
| Sochar Linbh | 14,280.00 | 14,280.00 |
| Liúntas Cúramóra | - | 14,892.00 |
| Liúntas Míchumais | 111,642.40 | 26,928.00 |
| Liúntas Chuardaitheora Poist | 112,656.40 | 186,112.40 |
| Íocaíocht Theaghlaigh Aontuismitheora | 35,577.60 | 186,569.60 |
| *BASI | 68,848.00 | - |
| Eile | - | 12,731.40 |
| **Iomláin** | **343,004.40** | **441,513.40** |

Tábla 2: Ró-Íocaíochtaí Leasa Shóisialta

| An Cineál Scéime | Ró-Íocaíocht 2018 € | Ró-Íocaíocht 2019 € |
|---|---|---|
| Sochar Linbh | - | - |
| Liúntas Cúramóra | 165,258.40 | - |
| Liúntas Míchumais | 21,020.00 | 558,659.40 |
| Liúntas Chuardaitheora Poist | 1,131,001.68 | 749,192.49 |
| Íocaíocht Theaghlaigh Aontuismitheora | 88,347.60 | 225,751.33 |
| *BASI & Eile | 148,453.34 | 37,257.80 |
| **Iomláin** | **1,554,081.02** | **1,570,861.02** |

Tábla 3: Aisghabháil Leasa Shóisialta

| An Cineál Scéime | Aisghafa in 2018 € | Aisghafa in 2019 € |
|---|---|---|
| Sochar Linbh | 1,100.00 | 1,200.00 |
| Liúntas Cúramóra | 11,887.36 | 18,893.89 |
| Liúntas Míchumais | 37,153.62 | 44,213.30 |
| Liúntas Chuardaitheora Poist | 165,874.24 | 175,455.53 |
| Íocaíocht Theaghlaigh Aontuismitheora | 90,117.20 | 79,371.22 |
| Eile | 16,952.04 | 4,921.79 |
| **Iomláin** | **323,084.46** | **324,055.73** |

*Leis an Liúntas Leasa Forlíontach (ar a dtugtar BASI de ghnáth), soláthraítear liúntas bunúsach seachtainiúil do dhaoine incháilithe atá ar bheagán ioncaim nó nach bhfuil aon ioncam acu.

Cuid a Cúig

*Gníomhartha Leasa Shóisialaigh glactha ag an mBiúró*

# Cuid a Sé
## *Imscrúduithe suntasacha a rinne an Biúró*

### Réamhrá

Mar thoradh ar imscrúduithe atá déanta ag an mBiúró, i gcomhréir lena shainchúram reachtaíochta, rinneadh imscrúduithe coiriúla agus cuireadh na comhaid imscrúdaithe faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúisimh Poiblí (a nglaoitear anseo "an DPP") i gcomhair treoracha maidir le cúisimh coiriúla.

Le linn 2019, cuireadh dhá chomhad faoi bhráid an DPP le chun treoir a fháil ina leith.

### 2019 Imscrúduithe

#### *Cás 1*

Rinne an Biúró oibríocht chuardaigh i gcontae Luimnigh, i gcontae Tiobraid Árann agus i gcontae Bhaile Átha Cliath, le cúnamh ó Aonad Freagartha Éigeandála an Gharda Síochána (ERU), ó Biúró Náisiúnta Drugaí agus Coireachta Eagraithe an Gharda Síochána (GNDOCB), ón Aonad Imscrúdaithe ar Ghoid Mótarfheithiclí (SMVIU), ó Bhiúró Teicniúil an Gharda Síochána agus ó Aonad Gadhar an Gharda Síochána, agus san oibríocht seo bhíothas dírithe ar shócmhainní agus ar ghníomhaíochtaí grúpa coireachta eagraithe atá lonnaithe i gceantair Chathair agus Chontae Luimnigh.

Bhí imscrúdú an Bhiúró dírithe ar ghrúpa coireachta eagraithe a raibh baint aige le díol agus soláthar drugaí rialaithe i réigiún na Mumhan agus a bhí ag sciúradh fáltais a n-iompar coiriúil trí asraon díolachán gluaisteán athláimhe i gCathair Luimnigh. Gabhadh céad agus cúig déag mhótarfheithicil mar aon le €43,000 san airgead tirim agus cáipéisí airgeadais éagsúla.

Mar thoradh ar an imscrúdú a rinne an Biúró, rinneadh ordú a dhéanamh faoi alt 2 agus faoi 7 den Acht um FC ar níos mó ná céad cheann is ceithre déag de mhótarfheithlí.





#### *Cás 2*

Agus é i mbun a aird a dhíriú ar shócmhainní agus ar ghníomhaíochtaí aon

ghrúpa coireachta eagraithe amháin ina bhfuil muintir aon theaghlach sínte amháin atá gafa leis an ngadaíocht, an chalaois, an meabhlaireacht agus leis an imeaglú i Réigiún na Mumhan, rinne an Biúró oibríocht

cuardaigh as ar gabhadh naoi bhfeithicil, naoi uaireadóir Rolex, ceithre fháinne diamaint, roinnt málaí láimhe dearthóra agus níos mó ná €34,000 mar airgead tirim.

Tá gníomhartha um Fháltais na Coireachta, chomh maith le gníomhartha Ioncaim agus Leasa Shóisialaigh i gcoinne baill den ghrúpa coireachta eagraithe seo fós ar siúl.



## *Cás 3*

Agus é ag díriú a aird ar shócmhainní agus ar ghníomhaíochtaí duine aonair a bhfuil baint aige le díol agus soláthar drugaí rialaithe i gceantar Bhaile Átha Cliath, fuair an Biúró orduithe faoi alt 2, faoi alt 3 agus faoi alt 4A den Acht um FC ar luach os cionn €44,000 in airgead tirim, Audi A4 2011 ar luach €6,000 agus Vean Citroen 152 dar luach €6,000.

## *Cás 4*

Agus aird an Bhiúró dírithe ar shócmhainní duine aonair ar tharchur Aonad Imscrúdaithe Speisialta Aonad Póilíniú Bóithre RCBÁC é chuig an mBiúró le linn an imscrúdaithe ar Chalaois Árachais a bhí á oibriú acu, fuair an Biúró orduithe faoi alt 2, alt 3 agus alt 4A den Acht um FC i dtaca le breis is €21,940 san airgead tirim, uaireadóir Tag Heuer dar luach €2,900 agus €62,136 a bhí taiscthe i gCuntas Gealltóireachta in Ladbrokes.

## *Cás 5*

In 2019, fuair an Biúró ordú faoi alt 4 den Acht um FC i dtaca le breis is €31,889.73 a bhí taiscthe i gcuntas bainc amháin agus i dtaca le €19,850 a bhí taiscthe i gcuntas bainc eile a bhí in ainm le duine ar dúnmharaíodh é in 2006.

Fuarthas ordú faoi alt 3 den Acht um FC i dtaca leis na cuntais bhainc seo in 2010. Tugadh cás an Bhiúró chun críche nuair a rinneadh an t-ordú faoi alt 4 den Acht um FC a dheonú.

## *Cás 6*

Rinne an Biúró oibríocht chuardaigh, le cúnamh ón cúnamh ón Aonad Freagartha Éigeandála (ERU), Biúró Náisiúnta na nGardaí um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (GNDOCB) i gContaetha Bhaile Átha Cliath agus Chill Dara ina raibh siad dírithe ar shócmhainní aon bhall amháin de chuid Ghrúpa Coireachta Eagraithe mhuintir Kinahan a bhfuil baint aige leis an díol agus soláthar drugaí rialaithe.

Ocht gcuardach déag a rinneadh san iomlán. Urghabhadh dhá fheithicil ardluacha, dhá cheann déag de Uaireadóirí Rolex, éadaí dearthóra éagsúla, airgead tirim dar luach €1,000, fóin phóca, gléasanna stórála leictreonacha, cáipéisí airgeadais agus cáipéisí maidir le húinéireacht aonaid réadmhaoine. Rinneadh breis is €70,000 in institiúidí

airgeadais a chalcadh. Tá an chaingean um fháltais coireachta i gcoinne an duine seo fós ar siúl.

## *Cás 7*

Rinne an Biúró oibríocht chuardaigh, le cúnamh ón Aonad Freagartha Éigeandála (ERU), ón Aonad Imscrúdaithe ar Ghoid Mótarfheithiclí an Gharda Síochána (SMVIU) agus ó Aonad Gadhar Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim a bhí dírithe ar shócmhainní agus ghníomhaíochtaí grúpa coireachta eagraithe a bhfuil baint acu le goid ATManna ar fud Chontae na Mí, Chontae an Chabháin agus Chontae Muineacháin in 2019. Rinneadh cuardach ar dheich láithreán san iomlán agus gabhadh roinnt feithiclí, lena n-áirítear gléasra agus innealra, agus breis is €410,000 san airgead tirim. Rinneadh breis is €200,000 a bhí taiscthe in institiúidí airgeadais a chalcadh freisin.

Tá gníomhartha um Fháltais na Coireachta, chomh maith le gníomhartha Ioncaim agus Leasa Shóisialaigh i gcoinne baill den ghrúpa coireachta eagraithe seo fós ar siúl.



## *Cás 8*

Agus aird an Bhiúró dírithe ar shócmhainní agus ar ghníomhaíochtaí grúpa coireachta eagraithe gur ionann é agus baill de theaghlach sínte a bhfuil baint acu leis an ngoid, an chalaois, an sracaireacht, an mheabhlaireacht agus eagla a chur ar dhaoine scothaosta i Réigiún na Mumhan, fuair an Biúró orduithe faoi alt 2, 3 agus 4A den Acht um FC thar Volkswagen Passat 151 ar luach €30,900, BMW 520 161 ar luach €25,000, Mercedes E-Class 171 dar luach €49,500, €15,500 a bhí taiscthe in institiúidí airgeadais agus €98,660 mar airgead tirim.

## *Cás 9*

Agus aird an Bhiúró dírithe ar shócmhainní agus ar ghníomhaíochtaí aon duine aonair amháil a bhfuil baint aige le díol agus soláthar drugaí rialaithe i gceantar Bhaile Átha Cliath, fuair an Biúró orduithe faoi alt 3 agus 4A den Acht um FC ar bhreis is €33,705 den airgead tirim, ar €25,973 a bhí taiscthe in institiúidí airgeadais, ar Volkswagen Passat 2012 dar luach €10,000, ar BMW X5 2005 dar luach €4,000, ar uaireadóir Breitling dar luach €13,800 agus ar theach soghluaiste suite i gContae Loch Garman dar luach €24,000.



## *Cás 10*

D'éirigh leis an mBiúró dul i gcoinne iarratais a rinne freagróir san Ard-Chúírt an 25 Eanáir 2019 chun suim airgid a fháil ar ais ón mBiúró.

Rinneadh cinneadh san Ard-Chúirt, an 2 Nollaig 2011, gur ionann an t-airgead sa chás agus fáltais ó choireacht de réir alt 3 den Acht um FC. Bhí suim de thart ar €4.65 milliún a gineadh i scéim Ponzi* faoi chaibidil sa chás seo.

*Is éard is scéim Ponzi ann ná camscéim calaoiseach infheistíochta ina ngealltar rátaí arda toraidh do na hinfheisteoirí. Gintear torthaí do na hinfheisteoirí luatha i scéimeanna Ponzi trí infheisteoirí nua a thabhairt isteach ann. Tá sé seo cosúil le scéim pirimid.

Tharraing an freagróir an t-iarratas a bhí tugtha ag duine de na freagróirí faoi alt 3(3) den Acht um FC, inar lorg sé thart ar €556,000 a fháil ar ais, tar éis 2½ lá éisteachta san Ard-Chúirt.

San éisteacht dlí, a mhair 2½ lá, bhí argóint dlí agus ina dhiaidh sin rinneadh croscheistiú ar an gcuntasóir fóiréinseach a d'fhostaigh an freagróir. Rinneadh ordú go dtomhaisfear na costais ar luach €15,000 i gcoinne an fhreagróra.

In imeachtaí a bhí gaolmhar leis, ceapadh leachtaitheoir do na cuideachtaí agus rinneadh iarratas freisin chun airgead a bhí calctha ag an mBiúró a íocadh amach agus an tsuim a dháileadh leis na creidiúnaithe. Níor chuir an Biúró i gcoinne an iarratais seo a agus d'fhormheas sé an gníomh chun cuid de na cistí siúd a bhí gafa leis an scéim Ponzi a chúiteamh.

Léiríonn an gníomh seo cumas an Bhiúró chun fáltais na coireachta a dhiúltú agus a bhaint de dhaoine.

## Oibríocht Thor

Thionscain an Garda Síochána Oibríocht Thor an 2 Samhain 2015 mar straitéis frith-choireachta. Is ar an mbuirgléireacht a chosc, mar aon le coireanna gaolmhara ar fud na hÉireann, atá Oibríocht Thor dírithe, trí úsáid a bhaint as straitéisí curtha in oiriúint do láithreacha uirbeacha agus tuaithe araon.

Tá Oifig Faisnéise agus Measúnaithe an Bhiúró ainmnithe mar an phointe idirchaidrimh d'Oibríocht Thor.

Le linn 2019 lean an Biúró lena ghníomhaíochtaí trí shócmhainní a bhfuil amhras ann gur ón ngníomhaíocht choiriúil a thagann siad a aithint agus a ghabháil, chomh maith le caingne a dhéanamh de bhun na reachtaíochta Cánachais agus Leasa Shóisialaigh.

# Cuid a Seacht
## *Breithiúnais Chúirte Shuntasacha le linn 2019*

Le linn 2019, sheachaid na cúirteanna breithiúnais scríofa sna cásanna seo a leanas:

1. An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. Daragh Ó hEidirsceoil, David Reilly & Tara Kershaw
2. An Biúró um Shócmhainní Coiriúla –v- John Power (nó John Boylan, mar is fearr aithne air) agus Leonie Kinsella
3. Timothy Cunningham v. Coimisinéir an Gharda Síochána, An Biúró um Shócmhainní Coiriúla, An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (Fógra-Pháirtí) agus Danske Bank (Fógra-Pháirtí)
4. Komisia za protivodeystvie na korputsiyata I za otnemane na nezakonno pridobitoto imushtesto v. BP & Cuid Eile

### An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. Daragh Ó hEidirsceoil, David Reilly & Tara Kershaw

Uimh. Thaifid na hArd-Chúirte 2018 30 CAB

Breithiúnas Ard-Chúirte Ex Tempore arna tugadh ag an mBreitheamh Stewart Uasal an 8 Deireadh Fómhair 2019.

**Achoimre**

Chuimsigh na himeachtaí trí iarratas comhdhlúite ar fhaoiseamh de bhun alt 3 den Acht um FC i leith sé shócmhainn san iomlán a bhí i seilbh na bhfreagróirí, nó faoina smacht, eadhon bosca capall, teach soghluaiste agus an t-iarmhéid a bhí á coimeád i gceithre chuntas bainc in ainm na bhfreagróirí, thart ar €272,852 san iomlán. Mhaígh an Biúró go raibh baint ag an gcéad agus an tríú freagróir ainmnithe, ar feadh tréimhse suntasach ama, leis an gcoireacht eagraithe, go háirithe le soláthar drugaí rialaithe i mBaile Formaid agus i gceantar Bhaile Átha Cliath níos leithne. Mhaígh an Biúró go bhfuarthas na sócmhainní, an t-ábhar a bhí faoi chaibidil san iarratas, de bhun na gníomhaireachta coiriúlacht sin agus, go háirithe, gur fáltais ó sracaireacht a rinneadh i dtaobh conarthóirí foirgneamh a bhí sna hiarmhéideanna a bhí á gcoinneáil sna ceithre chuntas bainc, ábhar eile a bhí faoi chaibidil san iarratas, agus na conarthóirí sin ag obair ar thrí láithreán forbraíochta ar aonaid cónaithe mBaile Formaid agus in Úllord na Silíní.

**An Cinneadh:**

Luadh an chúirt, agus an t-ordú substainteach á dheonú aici de bhun alt 3 den Acht um FC, an méid seo a leanas:

*"… níl amhras ar bith ar an gCúirt seo ach go raibh an choiriúlacht mar bhonn leis an modh inar tharla sé gur cuireadh an t-airgead sin ar fáil, agus go raibh sé mar bhonn leis an chúis ar tharla sé sin, sa bhealach nach raibh aon rogha ag na cuideachtaí i gceist gan na suimeanna sin a íoc d'fhonn cosaint, sábháilteacht, agus slándáil na láithreán a dhearbhú ionas go mbeadh siad in ann leanúint ar aghaidh ag déanamh na hoibre dlisteanaí a raibh conradh acu í a dhéanamh. Táim sásta nach bealach iomchuí nó bailí nó dleathach é an bealach inar iarradh ar na cuideachtaí sin ar íocaíocht a dhéanamh."*

Maidir leis an iarratas a rinneadh thar ceann an chéad agus an tríú freagróra ainmnithe chun a ndliteanais Ioncaim a fhritháireamh de bhun alt 6 nó alt 4A den Acht um FC, luaigh an chúirt agus na hiarratais á ndiúltú aici:

*"… go ndealraíonn sé don chúirt gur bheag nach gníomhaíocht fhiúntach atá ann, agus an chúirt sásta leis gur ionann an ghníomhaíocht sin agus fáltais ó choireacht, bíodh siad faighte ar bhonn díreach nó ar*

*bhonn indíreach, agus go bhfhéadfadh siad a bheith curtha chun feidhme le bheith curtha i gcoinne fiachas cánach a bheadh fós dlite agus seasmhach murach sin..."* .

## An Biúró um Shócmhainní Coiriúla –v- John Power (nó John Boylan, mar is fearr aithne air) agus Leonie Kinsella

2018 Uimh. 11 CAB agus 2018 Uimh. 1929P

Breithiúnas Ard-Chúirte Scríofa - Arna tugadh ag an mBreitheamh Stewart Uasal an 25 Deireadh Fómhair 2019.

**Achoimre**
Is éard a bhí san iarratas ná comhdhlúthú trí iarratas ar leith ar *inter alia* orduithe de bhun alt 3 den Acht um FC i leith cúig shócmhainn san iomlán, eadhon an capall rása Labaik, an t-iarmhéid a bhí i dtaisce i gcuntas bainc le Rásaíocht Capall na hÉireann, mótarfheithicil Mercedes, teach soghluaiste agus aonad maoine chónaithe i Ráth Cúil, Co. Bhaile Átha Cliath mar aon le himeachtaí iomlánacha a d'eisigh John Power iad i gcoinne an Bhiúró i ndáil le damáistí a tharla mar thoradh ar dhíobháil a d'fhulaing an capall rása sin i rás tar éis don ordú alt 2 a bheith déanta ina leith.

Mhaígh an Biúró go raibh John Power (nó Boylan, mar is fearr aithne air) ina bhall ceannródaíoch agus stiúrtha de ghrúpa coireachta eagraithe atá lonnaithe i gceantar Iarthar Bhaile Átha Cliath a bhfuil baint shonrach aige leis an robáil armtha agus le díol agus soláthar drugaí rialaithe sa dá cheantar Fothair an tSionnaigh agus Baile Néill i mBaile Átha Cliath.

Lean an cás ar aghaidh an 1 Aibreán 2019 agus éisteadh leis thar thréimhse ceithre lá. Tar éis don Bhiúró a chás a thionscain, rinne Abhcóide John Power (nó Boylan, mar is fearr aithne air) croscheistiú ar an mBleachtaire Garda McHugh, ar an mBleachtaire Garda Petrie agus ar an mBleachtaire Ard-Cheannfort Clavin atá leis an mBhiúró. Ansin, rinneadh croscheistiú ar John Power (nó Boylan, mar is fearr aithne air) agus ar Leonie Kinsella agus sa deireadh ghair an Biúró ar an traenálaí capall rása Gordon Elliot, rinne Abhcóidí an fhreagróra é a chroscheistiú agus ansin rinne Abhcóide an Bhiúró é a athcheistiú.

**An Cinneadh:**
Rinne an chúirt, tar éis cinneadh a dhéanamh ar dtús go raibh ciall le barúil Phríomhoifigeach an Bhiúró go raibh bunús réasúnach leis an fhiannaise, an t-ordú substainteach de bhun alt 3 den Acht um FC a bhronnadh, agus luadh an méid seo:

*"… Is beag teagmháil a bhí ann, sa mhéid nach ndearna na freagróirí aon teagmháil shubstaintiúil i dtaca le sonraí airgeadais an cháis seo, agus nach ndearnadh a leithéid de theagmháil thar a gceann. Is beag nach séanadh amach is amach atá ann. Bhí an t-ioncam dlisteanach, a oiread is atá ann dó, curtha san áireamh go huile is go hiomlán san anailís a rinne an Bleachtaire Garda Nigel Petrie. Tá easnamh suntasach fós ann agus mar gheall air sin, níl rogha ag an gcúirt seo ach an tuairim a dhéanamh go ndearnadh na sócmhainní is ábhar do na himeachtaí seo, go hiomlán nó go páirteach, a cheannach le maoin gur fáltais ó choireacht í, nó a bhí gaolmhar leis na fáltais ó choireacht, go díreach nó go hindíreach, agus thairis sin gur ionann an mhaoin sin agus fáltais na coireachta, go díreach nó go hindíreach. Nílim sásta gur chomhlíon na freagróirí an dualgas cruthúnais a luíonn orthu agus, ina theannta sin, táim sásta nach mbeidh aon bhaol mór ann go ndéanfar éagóir dá dtabharfadh an chúirt na horduithe atá á lorg ag an mBiúró."*

Maidir leis na himeachtaí iomlánacha i leith damáistí a rinneadh thar ceann an chéad fhreagróra ainmnithe, dúirt an chúirt agus an t-éileamh á dhiúltú aici:

*"Maidir leis na himeachtaí iomlánacha, tugann an Chúirt faoi deara ag an bpointe seo gurbh fhéidir nach mbeadh an t-ábhar seo curtha ar aghaidh ar an modh a ndearnadh é a chur ar aghaidh, agus nach gcuirfí ar aghaidh é an oiread sin is a ndearnadh más rud é go raibh faisnéis ar fáil don chúirt níos luaithe ná mar a bhí maidir leis an gcinneadh a bhí déanta chun "Labaik" a chur isteach san iomaíocht i gcruinniú rásaí i mBaile Phuinse ar an 28 Aibreán, 2017. Ní go dtí go ndearnadh na finnéithe a chroscheistiú a raibh sé curtha ina mbun leis an fhianaise os comhair na cúirte seo gurb é an traenálaí an tUasal Elliott a rinne an cinneadh chun an capall a chur isteach sa rás, san fhírinne, agus gur ghlac baill de chuid an Bhiúró leis an gcinneadh sin ina dhiaidh, ón méid a bhí sa chaidreamh idir an mBleachtaire Garda McHugh agus a chuid comhghleacaithe sa seomra foirne ó thaobh an baint a bhí ag Príomhoifigeach an Bhiúró leis. Fuaras gur finné macánta an tUasal Elliott a d'inis an fhírinne. Dúirt sé ina fhianaise, ina cháilíocht mar thraenálaí an chapaill, agus an fhreagracht sin sannta air an chapall sin a thraenáil amhlaidh, gurb eisean a ndéanfadh an cinneadh maidir le hoiriúnacht chruinnithe rása ar leith a roghnú. Rása oiriúnach a bhí ann ar an 28 Aibreán 2017, ina thuairim. Glacaim freisin le fianaise Phríomhoifigeach an Bhiúró maidir leis an gcleachtadh cothromaíochta a raibh sé de cheangal air tabhairt faoi chun cinneadh a dhéanamh ar cheart an pas a thabhairt ar ais don Uasal Elliott chun ligean don chapall a rith i rás ag an gcruinniú i mBaile Phoinse, nó nár cheart.*

*… Ba chúis imní don chúirt é nuair a aistríodh an iarratas faoi alt 2 i leith an chuntais HRI an 3 Bealtaine, 2017, nach ndearnadh tagairt ar bith don fhíoras gur ghlac an capall páirt i rás an tseachtain roimhe sin agus gur ghortaíodh é sa rás sin, agus nár cuireadh aon fhaisnéis os comhair na cúirte maidir leis sin. Mar sin féin, táim sásta leis an míniú a thug an Biúró ina leith sin chomh maith leis an míniú ar tugadh thar a cheann ina leith. Táim sásta leis nach raibh sé i gceist aon dímheas a léiriú ar an gcúirt seo. Táim sásta gur ar mhaithe le leas an Bhiúró agus ar mhaithe le luach na sócmhainne a chosaint agus a chaomhnú ar gearradh í ina leith de bhun an orduithe alt 2 a ghníomhaigh na hoifigigh, go háirithe Príomhoifigeach an Bhiúró, i gcónaí."*



Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil achomharc déanta chun na Cúirte Achomhairc i ndáil leis na horduithe atá déanta sa bhreithiúnas seo agus go bhfuil an t-achomharc sin fós le héisteacht.

## Timothy Cunningham v. Coimisinéir an Gharda Síochána, An Biúró um Shócmhainní Coiriúla, An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (Fógra-Pháirtí) agus Danske Bank (Fógra-Pháirtí)

Uimh. Thaifid na hArd-Chúirte 2018 28 JR

Breithiúnas Ard-Chúirte Scríofa - tugtha an 14 Feabhra 2019 ag an mBreitheamh O'Regan, Uasal

Lua Neodrach: [2019] IEHC 104

**Achoimre**

Ar an 16 Feabhra 2005, rinneadh cuardach ar theach an iarratasóra faoi alt 29 den Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit 1939 ar gabhadh STG £2.4 milliún dá bhun. Ciontaíodh an t-iarratasóir an 27 Márta 2009 i ndeich gcúiseamh a bhain le Gadaíocht Bhanc an Tuaiscirt, mar a ghairtear dó go coitianta. An 23 Feabhra 2012, chinn an Chúirt Uachtarach go raibh barántais alt 29 in aghaidh an Bhunreachta agus rinne an t-iarratasóir iarratas ar éirigh leis chun an ciontú a rinneadh in 2009 a chur ar neamhní.

An 18 Feabhra 2014, cuireadh triail ar an iarratasóir den athuair ar naoi gcomhaireamh a bhí fós ag seasamh amach agus inar phléadáil sé ciontach i dhá chomhaireamh dóibh, agus an 27 Feabhra 2014 gearradh pianbhreith air agus rinneadh ordú an t-airgead sin a choigistiú agus / nó a fhorghéilleadh de bhun alt 61 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994 nár tugadh don iarratasóir é go dtí an 14 Bealtaine 2018.

San iarratas a rinne sé ar athbhreithniú breithiúnach, lorg an t-iarratasóir ordú mandamus chun iallach a chur ar an gcéad fhreagróir ainmnithe tuarascáil mhionsonraithe chuimsitheach a sholáthar agus leagtha amach ann na forála reachtúla agus gach uile ordú ón gcúirt faoina ndearnadh a chuid maoine a ghabháil, a choinneáil agus a leithdháileadh mar aon le horduithe a mbraitheann an chéad fhreagróir ainmnithe air chun an mhaoin sin a chuardach, a choinneáil, a fhorghéilleadh agus a dháileadh, is é sin le rá na cáipéisí ar cuireadh i láthair iad sa litir réamhghníomhaíochta dar dáta an 4 Lúnasa 2017.

Ina theannta sin, lorg sé ordú mandamus chun iallach a chur ar an dara freagróir ainmnithe tuarascáil a ullmhú agus leagtha amach ann na forálacha reachtúla faoina ndearnadh a chuid maoine a ghabháil, a choinneáil agus a leithdháileadh de réir mar atá leagtha amach i litir réamhghníomhaíochta dar dáta an 21 Iúil 2017. Ina theannta sin, rinneadh iarratas ar dhearbhú gur ghabh an chéad fhreagróir ainmnithe airgead de chuid an iarratasóra go neamhdhleathach, mar aon le dearbhú gur sáraíodh cearta maoine an iarratasóra faoi Airteagal 40.3 an Bhunreachta.

**An Cinneadh:**

Theip ar an iarratasóir aon bhunús a chruthú chun síneadh ama a fháil chun na himeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh a chothabháil agus go deimhin ní dhearnadh aon iarratas foirmiúil chun na cúirte ina leith sin. Ina theannta sin, theip ar an iarratas chun an dualgas atá air a chomhlíonadh chun a chruthú gur leisean an t-airgead faoi chaibidil - go háirithe tar éis don ordú forghéillte a bheith déanta agus, sna himthosca sin, rinneadh na faoisimh uile a d'éiligh an t-iarratasóir a dhiúltú.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go ndearnadh achomharc ina dhiaidh sin ar na horduithe a rinneadh agus a bhí ag gabháil leis an mbreithiúnas seo agus rinne an Chúirt Achomhairc an t-achomharc sin a dhíbhe i mbreithiúnas dar dháta an 5 Meitheamh

2019 a thug an tUachtarán Bermingham, an Breitheamh Edwards agus an Breitheamh Baker.

Lorgaíodh an cead chun achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí ina dhiaidh sin, agus rinneadh an iarratas sin a dhiúltú i gcinneadh a thug an Príomh-Bhreitheamh, O'Malley B. agus Irvine B. an 14 Deireadh Fómhair 2019.

## Komisia za protivodeystvie na korputsiyata I za otnemane na nezakonno pridobitoto imushtesto v. BP & Cuid Eile

Cás C234/18 - Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Barúil an Abhcóide Ghinearálta Sharpston a tugadh an 31 Deireadh Fómhair 2019

**Achoimre:**
Bhí BP, Cathaoirleach bhord maoirseachta bainc sa Bhulgáir faoi réir imeachtaí coiriúla toisc gur ghríosaigh sé daoine eile, idir Nollaig 2011 agus Meitheamh 2014, chun seilbh mí-oiriúnach a ghlacadh ar chistí a bhain leis an mbanc sin de thart ar €105 milliún. Cé go raibh na himeachtaí coiriúla ar feitheamh, thóg Coimisiún na Bulgáire imeachtaí sibhialta neamhspleácha chun éilliú a chomhrac agus chun sócmhainní a choigistiú (an coibhéis Bulgáiris de CAB) os comhair Chúirt Chathair Sóifia sa Bhulgáir.

Is éard a bhí sa chás seo ná iarratas ar réamhrialú ón gcúirt sin chun Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa ag lorg treorach maidir le conas roinnt forálacha de dhlí an AE a léirmhíniú maidir le fáltais a bhaineann le coireacht a choigistiú, leis na bealaí trína ndéantar cionta ('an ionstraimeacht') agus le maoin. Is é comhthéacs an cháis seo ná imeachtaí coigistíochta faoin dlí náisiúnta os comhair cúirte sibhialta nach bhfuil baint acu le ciontú coiriúil agus cibé an bhfuil imeachtaí dá leithéid comhoiriúnach le Dlí an AE. Bhí impleachtaí suntasacha ag an gceist áirithe a cuireadh ar Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa maidir le comhoiriúnacht leanúnach na bhforálacha forghéillte bunaithe ar chiontú mar a fhoráiltear san Acht um FC. Ag seo thíos, an breac-chuntas air:

- An léirmhínítear in Airteagal 1(1) de Threoir 2014/42…, lena ndéantar foráil maidir le *"rialacha íosta maidir le calcadh maoine d'fhonn coigistiú a d'fhéadfadh a bheith déanta ina dhiaidh sin"*, ar bhealach lena gceadaíonn sé do Bhallstáit forálacha a ghlacadh maidir le coigistiú faoin dlí sibhialta nach bhfuil bunaithe ar chiontú?

- I bhfianaise chomhthéacs agus scóip na treorach a bhí á lorg ag Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa, bhí sé de chumas ag toradh codarsnach cuir isteach go mór ar bhonn dlíthiúil an Achta um FC faoina bhfeidhmíonn an Biúró.

Agus an cheist seo á fhreagairt aige fuair an tAbhcóide Ginearálta gurb é an Creat-Chinneadh 2005/212/JHA seachas Treoir 2014/42 an creat dlí de chuid an AE is infheidhme ar cheart go mbeadh feidhm aige maidir leis an gcás idir lámha.

Mar fhocal scoir, mhol an tAbhcóide Ginearálta gur cheart do Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa na ceisteanna a fhreagairt mar seo a leanas:

*"Le Creat-Chinneadh 2005/212/JHA an 24 Feabhra 2005 maidir le Fáltais ó Choireacht, an Ionstraimeacht agus Maoin a Bhaineann le Coireacht, ní déantar imeachtaí coigistíochta mar iad siúd atá ar feitheamh os comhair na cúirte náisiúnta a choisceadh,*

*i gcás nach bhfuil na himeachtaí sin 'ag baint le cion coiriúil' agus níl a n-eisiúint ag brath ar chiontú coiriúil."*

# Cuid a hOcht
## *Forbairtí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta*

### An Ghné Idirnáisiúnta

Agus é ina ghníomhaireacht líne thosaigh sa chomhrac in aghaidh na coiriúlachta, tá cumas an Bhiúró chun an fheidhm sin a chomhlíonadh, agus an rath atá bainte amach aige go dtí seo bunaithe go mór ar an gcur chuige ilghníomhaireachta agus ildisciplíneach lena nglacann sé, agus tacaíocht aige ó shraith uathúil de phrionsabail dlí. Leanann an Biúró ar aghaidh le ról tábhachtach a imirt i bhforfheidhmiú an dlí ar an mbonn idirnáisiúnta.

### An Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (OAS)

Mar atá luaite i dtuarascálacha roimhe seo, is é an Biúró an Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (OAS) ainmnithe in Éirinn. Tar éis Cinneadh ón gComhairle Eorpach i 2007, bunaíodh Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní ar fud an Aontais Eorpaigh chun éascaíocht a dhéanamh don mhalartú faisnéise idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a bhí páirteach in imscrúdú, sainaithint agus coigistiú sócmhainní a mheastar gur fáltais ón iompar coiriúil iad.

Mar chuid dá chuid dualgas mar Oifig um Aisghabháil Sócmhainní, d'fhreastail an Biúró ar chruinniú a tionóladh sa Bhruiséil chun plé a dhéanamh ar an obair agus an comhoibriú a dhéantar sna hOifigí um Aisghabháil Sócmhainní.

Le linn 2019, fuair an Biúró naoi n-iarratas is nócha ar chúnamh. Bhí an Biúró in ann faisnéis a chur ar fáil ansin i dtaca leis na hiarratais sin. Fuarthas na hiarratais ó sheacht dtír déag éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh. Chuir an Biúró é féin caoga a haon iarratas chuig sé thír is tríocha éagsúla ar fud an domhain a bhfuil freagra faighte aige ina leith.

### Oibríochtaí Idirnáisiúnta

Ó thaobh oibríochtaí de, leanann an Biúró le bheith páirteach i roinnt oibríochtaí idirnáisiúnta. Bíonn rannpháirtíocht an Bhiúró in oibríochtaí dá leithéid ag brath ar imthosca an cháis ar leith atá i gceist. Mar shampla, d'fhéadfadh sé a bheith i gceist go dtugann an Biúró faisnéis leanúnach ar fáil chun cabhrú le himscrúdú atá á dhéanamh i ndlínse eile. I bhformhór na gcásanna sin, bíonn sé i gceist go nglacann an Biúró le ról gníomhach i dtargaidí coiriúla aonair, agus sócmhainní na dtargaidí sin, a rianú i gcomhar le gníomhaireachtaí den chineál céanna i ndlínsí eile.

### Europol

Tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh leis an ról atá aige mar an phríomhghníomhaireacht um fhorfheihmiú an dlí in Éirinn, agus é páirteach i roinnt oibríochtaí idirnáisiúnta leanúnacha a bhfuil Europol á mbainistiú. Bíonn na hoibríochtaí sin ag díriú ar ghníomhaíochtaí na ngrúpaí coireachta eagraithe a oibríonn trasna teorainneacha agus a fhéachann le leas a bhaint as na deiseanna a ghabhann le saorghluaiseacht trasna teorainneacha idirnáisiúnta a úsáid ar mhaithe lena gcuid gníomhaíocht choiriúil nó ar mhaithe le gníomhaíocht den sórt sin a éascú.

### Interpol

Is éard is Interpol ann ná gníomhaireacht atá comhdhéanta de bhallraíocht na n-eagraíochtaí póilíneachta i gcéad is nócha tír ar fud an domhain. Is é príomhfheidhm na gníomhaireachta ná imscrúduithe intíre a théann thar theorainneacha náisiúnta agus idirnáisiúnta a éascú. Bhain an Biúró leas as an ngníomhaireacht sin i roinnt imscrúduithe a rinneadh sa bhliain 2019.

## CARIN

In 2002, d'óstáil an Biúró agus Europol comhdháil le chéile i mBaile Átha Cliath in Óstán Chúirt Camden. Bhí cleachtóirí i bhfhorfheidhmiú an dlí agus cleachtóirí dlí i measc na rannpháirtithe a bhí ag an gcomhdháil.

Lógó CARIN

Ba é cuspóir na comhdhála ná moltaí a chur i láthair a bhain le fáltais ó choireacht a aithint, a rianú agus a urghabháil. Bhí sé ar cheann de na moltaí a rinneadh sna ceardlanna ná go bhféachfar ar an fhéidearthacht atá ann gréasán neamhfhoirmiúil teagmhálaithe agus grúpa comhoibríoch a chur i mbun sa réimse a bhaineann le haitheantas agus aisghabháil sócmhainní coiriúla. Cuireadh an Gréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN) ar bun ina dhiaidh mar thoradh air sin.

Is é an aidhm atá le CARIN ná feabhas a chur ar a éifeachtaí a bhíonn na hiarrachtaí chun an brabús aindleathach a bhaint de choirpigh.

Rinneadh Gréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní a sheoladh go hoifigiúil le linn Chomhdháil Bunaithe CARIN sa Háig i mí Mheán Fómhair 2004.

Tá rúnaíocht bhuan CARIN lonnaithe i gceanncheathrú Europol sa Háig. Tá an eagraíocht á rialú ag Coiste Stiúrtha ar a bhfuil naonúr comhaltaí agus a bhfuil Uachtaránacht sealaíochta aige.

Le linn 2019, d'fhan an Biúró mar bhall den Ghrúpa Stiúrtha agus d'fhreastail sé ar an gCruinniú Ginearálta Bliantúil a reáchtáladh i mBúcairist idir an 4 agus an 7 Samhain 2019.

## ALEFA

(Cumann na gCuntasóirí Fóiréinseacha um Fhorfheidhmithe an Dlí)

Is éard is Líonra ALEFA ann ná tionscadal arna chistiú ag an Eoraip é a bunaíodh chun cáilíocht agus tionchar na cuntasaíochta fóiréinsí ar fud gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a fhorbairt ionas go dtabharfar cabhair níos fearr do na cúirteanna, d'íospartaigh, d'fhinnéithe, d'amhrastaigh, do chosantóirí agus dá n-ionadaithe dlíthiúla i dtaca le calaois líomhnaithe, leis an gcoireacht fhioscach, leis an gcoireacht airgeadais agus leis an tromchoireacht eagraithe.

Lógó ALEFA

Tá baint ag Ballstáit uile an AE leis an Líonra ALEFA agus tugann sé cuireadh do rannpháirtíocht ó na Stáit Aontaithe, ó Cheanada agus ón Astráil.

I mí an Mhárta 2019, d'fhoilsigh Líonra an ALEFA a "*Láimleabhar ar Gháinneáil ar Dhaoine, Imscrúdú Airgeadais*", agus ar an gcaoi sin chuir siad an tionscadal *"Imscrúdú Airgeadais mar bhealach chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac"*, arna mhaoiniú ag Slándáil Inmheánach an AE 2017 - 2019, i

gcrích. Cuireadh an tuarascáil deiridh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, agus mheas an Coimisiún go raibh cur chun feidhme an tionscadail ar fheabhas.

I rith an dara leath den bhliain 2019, bhí baint ag an nGrúpa Stiúrtha, a bhfuil an Biúró ina bhall air, le comhdháil féin-mhaoinithe a ullmhú ar "Úsáid Teicnící Cuntasaíochta Fóiréinsí chun Calaois agus Éilliú a imscrúdú" agus a bhí le hóstáil ag an Policia Judiciara i Liospóin i mí Aibreáin 2020.

## Caidreamh le Gníomhaireachtaí Forfheidhmithe Dlí Seachtracha

Tá caidreamh uathúil ag an mBiúró leis na húdaráis sa Ríocht Aontaithe, toisc gurb í an t-aon tír amháin lena gcomhroinnimid teorainn talún agus toisc go bhfuil an caidreamh idir an dá dhlínse á fhorbairt le blianta fada.

### An Chomhdháil um Choireacht Eagraithe Trasteorann

Ag an gComhdháil um Choireacht Eagraithe Trasteorann, tugtar deis do gach gníomhaireacht um fhorfheidhmiú an dlí ar an dá thaobh den teorainn teacht le chéile agus athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a tharla sa bhliain atá díreach imithe siar, agus pleanáil a dhéanamh don bhliain atá le teacht. Tugtar deis lena linn eolas agus taithí a mhalartú agus an dea-chleachtas a aithint sna réimsí éagsúla a bhaineann leis an gcomhoibriú.

In 2019, d'fhreastail Oifigigh Shinsearacha de chuid an Bhiúró ar an gComhdháil um Choireacht Eagraithe Trasteorann a reáchtáladh i gCo. an Chabháin.

Mar chuid den chomhoibriú Trasteorann, thug Oifigigh Sinsearacha ón National Crime Agency (NCA) cuairt ar an mBiúró in 2019. Ar an mbealach céanna, thug Oifigigh Shinsearacha de chuid an Bhiúró cuairt ar oifigí an National Crime Agency i mBéal Feirste i mí na Nollag 2019.

### Comhdháil Bhliantúil Oifigeach Idirchaidrimh Coireachta Fioscach an HMRC, Northampton

An 3 Bealtaine 2019, tar éis dóibh cuireadh a fháil ó Her Majesty's Revenue & Customs (HMRC), d'fhreastail Príomhoifigeach an Bhiúró agus Oifigigh Shinsearacha de chuid an Bhiúró ar "Chomhdháil Bhliantúil an Oifigigh Idirchaidrimh Coireachta Fioscach (FCLO)" in Northampton, an Ríocht Aontaithe.

Tá daichead a seacht FCLO imlonnaithe ar fud an domhain ag HMRC agus tugadh cuireadh don Phríomhoifigeach Biúró aghaidh a thabhairt ar an líonra domhanda seo d'oifigigh forfheidhmithe sinsearacha ar ábhar fheidhmeanna agus chuspóirí reachtúla an Bhiúró, chomh maith le treochtaí agus cásanna comhleasa. Tá caidreamh oibre láidir táirgiúil ann idir an Biúró agus Oifigeach Idirchaidrimh an HMRC um an gCoireacht Fioscach atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath.



Cuid a hOcht
*Forbairtí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta*

## HMRC, Comhdháil ar Fháltais ó Oibríochtaí Coireachta, Birmingham

An 24 Meán Fómhair 2019, tar éis dóibh cuireadh a fháil ó Her Majesty's Revenue & Customs (HMRC), d'fhreastail Príomhoifigeach an Bhiúró agus Oifigigh Shinsearacha de chuid an Bhiúró ar *"Comhdháil 2019 ar Fháltais ó Oibríochtaí Coireachta"* in Birmingham, an Ríocht Aontaithe. Thug Príomhoifigeach an Bhiúró an spreagaitheasc d'fhóram de bhreis is 300 oifigeach sinsearach ar an ábhar fáltais an iompair choiriúil a choigistiú agus an stíl mhaireachtála agus an saibhreas a bhaint de choirpigh.

## An Tascfhórsa Comh-Ghníomhaireachta Trasteorann (JATF)

Rinne Rialtais na hÉireann agus na Rialtas Breataine gealltanas go mbunófar an Tascfhórsa Comh-Ghníomhaireachta Trasteorann sa 'Chomhaontú um Thosach as an Nua' 2015 agus tá an Tascfhórsa ag feidhmiú ó 2016 i leith.

Is éard atá sa JATF ná Grúpa Maoirseachta Straitéisí a aithníonn agus a bhainistíonn na tosaíochtaí straitéiseacha maidir leis an gcomhrac i gcoinne coireachta eagraithe tras-dlínse agus Grúpa um Chomhordú Oibríochtaí a chomhordaíonn oibríochtaí comhpháirteacha agus a bhainistíonn na hacmhainní ilghníomhaireachta atá riachtanach do na hoibríochtaí sin.

Leis an JATF Trasteorann, tugtar le chéile na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ábhartha sa dá dhlínse chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí straitéiseacha agus oibríochtúla i gcoinne na ngrúpaí coireachta eagraithe trasteorann. Is éard atá mar bhaill ar an Tascfhórsa ná Oifigigh Shinsearacha ón nGarda Síochána, an SPTÉ, Her Majesty's Revenue & Customs (HMRC), an Biúró agus an National Crime Agency (NCA) (a bhfuil an príomhról acu maidir le sócmhainní coiriúla a aisghabháil).

Uaireanta, áirítear seirbhísí cuí eile um fhorfheidhmiú an dlí, (mar shampla gníomhaireachtaí cosanta comhshaoil agus seirbhísí inimirce) nuair a éilítear orthu le hoibríochtaí an Tascfhórsa.

D'fhreastail an Biúró ar dhá chruinniú oibríochtúla in 2019 maidir leis an JAFT agus tá baint acu le roinnt oibríochtaí atá á ndéanamh faoi láthair faoin JAFT.

## Clár Comhoibrithe an AE um Fiscalis 2020, Ceardlann um Shaincheisteanna faoin gCónaitheacht Chánach, Barcelona, an Spáinn

I mí an Mhárta 2019, ghlac an Biúró páirt i gceardlann idirnáisiúnta ar *'Shaincheisteanna faoin gCónaitheacht Chánach'* in Barcelona na Spáinne.

Bhí an cheardlann mar chuid de chlár comhoibrithe an AE um Fiscalis 2020. Is iad cuspóirí agus tosaíochtaí an chláir tacaíocht a thabhairt don chomhrac i gcoinne na calaoise cánaí, na himghabhála cánaí agus na pleanála cánaí mailísí. Leis an gceardlann seo, tugadh deis d'oifigigh náisiúnta ó gach cearn den Eoraip líonraí a bhunú agus faisnéis agus saineolas a mhalartú lena chéile.

Lógó Fiscalis

### An Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha (IIEA)

Thug Príomhoifigeach an Bhiúró cur i láthair do Ghrúpa Dlí agus Cirt an IIEA an 18 Deireadh Fómhair 2019 faoin teideal *"Gnótachain na gCoirpeach áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta a Bhaint Díobh".*



Príomhoifigeach an Bhiúró, Pat Clavin, i gcuideachta le Nora Owen, Leas-Uachtarán an IIEA agus iar-Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

### An Phóilíneacht Comhfhoirne Imscrúdaithe (JITS)

In 2019, cuireadh an Biúró san áireamh mar bhall in dhá Chomhfhoireann Imscrúdaithe (JITanna) ar leith a bhí curtha i mbun de réir Airteagal 20 den Dara Prótacal Breise den Coinbhinsiún Eorpach maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla an 20 Aibreán 1959.

### Cás 1

Tá an Biúró ina bhall d'Fhoireann Comh-Imscrúdaithe a bunaíodh chun imscrúduithe sa Ríocht Aontaithe, sa Bheilg, sa Fhrainc agus i bPoblacht na hÉireann a éascú ar an eachtra ina bhfuarthas tríocha a naoi gcorpán i leoraí in Essex, an Ríocht Aontaithe, an 23 Deireadh Fómhair 2019.

Tá an Biúró ag déanamh imscrúdú ar shócmhainní beirt daoine a bhfuil amhras ann go bhfuil baint acu le héascaíocht a bheith déanta ar an inimirce neamhdhleathach agus ar an sciúradh airgid atá gaolmhar leis.



### Cás 2

Tá an Biúró ina bhall de chuid Fhoireann Comh-Imscrúdaithe a bunaíodh chun imscrúduithe i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann a éascú a bhaineann le himeachtaí a mbíonn an damáiste coiriúil ag gabháil leo, chomh maith leis an ionsaí a dhéanann díobháil, an phríosúnacht bhréagach, an dúmhál agus an sracaireacht i gcoinne stiúrthóirí cuideachta a bhfuil leasanna gnó acu ar an dá thaobh na teorann.

Tá an Biúró ag déanamh imscrúdaithe ar shócmhainní na ndaoine aonair atá i gceist, chun tacú leis an imscrúdú coiriúil atá á dhéanamh ag an nGarda Síochána agus ag Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI).

### EMPACT (An tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla)

Is rannpháirtí é an Biúró i Timthriall Beartais an AE ar a dtugtar EMPACT faoin tosaíocht coireachta An tAirgeadas Coiriúil, An Sciúradh Airgid agus An Aisghabháil Sócmhainní.

Le linn 2019, ba é an Biúró an phríomh-eagraíocht d'Acht Oibríochta 6.2. Bhí an gníomh oibríochta seo freagrach as cáipéis a dhearadh agus a dhréachtú dar teideal

## Cuid a hOcht
*Forbairtí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta*

*"Gach teimpléad / seicliosta atá ann cheana agus a úsáideann na Ballstáit a bhailiú agus a chomhghaolú chun críche seicliosta cuimsitheach / máistir-liosta a chruthú le haghaidh imscrúdaitheoirí neamhairgeadais na mBallstát le húsáid / mar thagairt".*

Thar an dá mhí dhéag de 2019, bhailigh an Biúró faisnéis ó na tíortha rannpháirteacha uile i ndáil leis an ngníomh oibríochta seo. Rinneadh doiciméad treorach a dhréachtú agus a scaoileadh ar fud na hEorpa chun cabhrú le himscrúdaitheoirí neamhairgeadais agus iad ag teacht ar choireanna airgeadais. Forbraíodh an beart seo chun cuidiú agus neartú a dhéanamh ar an gcomhoibriú a bhíonn ann idir na Ballstáit, na hoifigigh forfheidhmithe dlí agus na gníomhaireachtaí laistigh de gach aon Stát. Tríd an cháipéis seo a dhearadh agus a fhoilsiú, samhlaítear go neartófar na gníomhaíochtaí a rinne an chéad fhreagróir i leith choireanna airgeadais, nó i dtaca le haon choir eile ina bhfuil gné airgeadais i gceist, agus go bhfeabhsófar an t-eolas a bheidh ann maidir le coireanna dá leithéid.

Tá an cháipéis seo anois tar éis a bheith curtha ar fáil i dtrí thír is fiche le bheith úsáidte, agus le Coimisiún an AE, le Europol agus le CEPOL chomh maith.

In 2019, d'fhreastail an Biúró ar cheithre chruinniú oibríochta de chuid EMPACT faoin Tosaíocht Airgeadais Choiriúil, faoin Sciúradh Airgid agus faoin Aisghabháil Sócmhainní.

## Cuairteanna ar tugadh chuig an mBiúró

Leanann leis go bhfuil aird tarraingthe ar an mBiúró ar an mbonn idirnáisiúnta mar gheall ar an rath atá bainte amach aige. Le linn na bliana 2019, d'éascaigh an Biúró cuairteanna ó thoscaireachtaí eachtracha maidir le raon disciplíní éagsúla náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tugann rannpháirtíocht leantach an Bhiúró in imscrúduithe ag a bhfuil gné idirnáisiúnta deis le cur leis an bhfreagairt idirnáisiúnta forfheidhmithe dlí don bhagairt leanúnach a bhaineann le gníomhaíocht choiriúil eagraithe thrasnáisiúnta agus le heolas a dhéanamh don fhreagairt sin. Anuas air sin, tugann an rannpháirtíocht sin deis don Bhiúró an taithí atá aige a chomhroinnt le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta ar comhpháirtithe dá chuid iad.

Chuir an Biúró fáilte roimh ghníomhaireachtaí agus d'fhreastail sé ar chomhdháil / ghníomhaireachtaí, inar chuir sé cur i láthair éagsúla ar fáil mar seo a leanas:

- Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní (OAS) an AE sa Bhruiséil an 16 Eanáir 2019
- Oiliúint d'Oifigigh ó 14 tír ó Réigiún Dheisceart na hAfraice, Cape Town ar an 28 Márta 2019
- Parlaimint na hEorpa ar eispéiris an Bhiúró agus í ag dul i ngleic leis an gcoireacht an 3 Aibreán 2019
- Fóram Gnó Lár Chathair Bhaile Átha Cliath an 9 Bealtaine 2019
- An Coimisiún um Thuairisciú Neamhspleách an 14 Meitheamh 2019
- Cigireacht an Gharda Síochána an 4 Iúil 2019
- Comhdháil um an gComhlíonadh in Éirinn ar an 27 Iúil 2019
- Comhdháil um Fháltais ó Choireacht i gClub Sacair Aston Villa an 24 Meán Fómhair 2019
- Cruinniú Mullaigh A&L Goodbody um Choireacht agus Rialú Corparáideach an 27 Samhain 2019

- Cumann Idirnáisiúnta Cheannairí Póilíní (IACP) an 13 Nollaig 2019

## Cuairt ar Aireacht Dlí agus Cirt agus Slándála Poiblí na hIorua an 26 Meán Fómhair 2019

Déardaoin 26 Meán Fómhair 2019, chuir an Biúró fáilte roimh thoscaireacht ó Aireacht Dlí agus Cirt agus Slándála Poiblí na hIorua agus Aire Dlí agus Cirt agus Inimirce na hIorua, an tUasal Jøran Kallmyr, ina measc.

Fuair an toscaireacht faisnéisiú Phríomhoifigeach an Bhiúró agus ó Oifigeach Dlí an Bhiúró maidir le hoibriúcháin an Bhiúró, faoi ghné idirghníomhaireachta an Bhiúró agus ar an reachtaíocht a bhaineann leis.

Tháinig an príomhchlár nuachta teilifíse san Iorua, "Dagsrevyen", in éineacht le toscaireacht na hIorua. Tá an scéal nuachta seo, ina bhfuil trácht ar Phríomhoifigeach an Bhiúró agus ar an Uasal Kallmyr, le feiceáil ag https://tv.nrk.no/serie/dagsrevyen/201909/NNFA03092919/avspiller.



Príomhoifigeach an Bhiúró, Pat Clavin; Oifigeach Dlí an Bhiúró, Kevin McMeel agus Bleachtaire Chigire Barry Butler in éineacht le hAire Dlí agus Cirt agus Inimirce na hIorua, an tUasal Jøran Kallmyr

## An chuairt a thug Ard-Rúnaí agus Leas-Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais an 13 Samhain 2019.

Dé Céadaoin an 13 Samhain 2019, thug Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tUasal Aidan O 'Driscoll agus an Leas-Rúnaí, Oonagh McPhillips Uasal, cuairt ar oifigí an Bhiúró.

Bhuail an tUasal O'Driscoll agus bean McPhillips le Príomhoifigeach an Bhiúró, le hOifigeach Dlí an Bhiúró, le hOifigigh de chuid an Bhiúró, le foireann an Bhiúró agus leis na baill de chuid fhoireann Oifig an Phríomh-Aturnaetha Stáit atá lonnaithe in oifigí an Bhiúró.

Cuireadh an tArd-Rúnaí agus an Leas-Ard-Rúnaí ar an eolas faoi oibriúcháin an Bhiúró agus iad ag siúl timpeall na hoifigí agus iad ag dul i mbun caidrimh leis na hoifigigh go léir agus leis an fhoireann go léir.




Príomhoifigeach an Bhiúró, Pat Clavin; Oifigeach Dlí an Bhiúró, Kevin McMeel i gcuideachta leis an Ard-Rúnaí, Aidan O'Driscoll, agus an Leas-Ard-Rúnaí, Oonagh McPhillips

## Agallaimh leis na Meáin

Chun breis aird a tharraingt ar an bpróifíl atá ag an mBiúró, rinne Príomh-Oifigeach an Bhiúró, Pat Clavin, roinnt agallamh ar an raidió agus ar an teilifís.

### Claire Byrne Live

An 1 Aibreán 2019, thug an Príomhoifigeach Biúró agallamh ar an Claire Byrne Live Show ar RTE 1 agus thug sé roinnt uaireadóirí, seodra agus málaí láimhe dearthóra ardluacha leis chun lucht féachana a thaispeáint.

Dúirt Príomhoifigeach an Bhiúró *"táimid ag fáil amach go bhfuil feithiclí ardluacha ag go leor coirpeach, táimid ag fáil amach go bhfuil cuid den earnáil trádála mhótar faoi smacht coirpeach… tá gean ag go leor coirpeach dá gcuid gcarranna, is maith leo a gcuid SUVanna galánta agus a gcuid carranna ardchumhachta, tá tuiscint acu ar ghluaisteáin agus mar gheall air sin taitníonn sé leo más féidir lena gcéile nó lena gcailín carr breá deas a bheith aici chun na leanaí a thabhairt ar scoil. I roinnt cásanna, faighimid amach go bhfuil coirpigh ag malartú carranna ionas nach mbeidh aon airgead tirim ag athrú lámha ar chor ar bith agus mar sin, má tá duine ag díol drugaí, cur i gcás, féadfar sé a tharlú go dtabharfar carr ardluacha dóibh ar fhiach €60,000 - is bealach chun saibhreas a aistriú atá i gceist…"*

*"Daoine a bhfuil an iomarca airgid acu agus a chaitheann é ar shócmhainní cosúil le huaireadóirí agus seodra agus málaí agus rudaí eile den chineál sin... toisc go d'fhéadfaí amhras a bheith tarraingthe orthu dá rachaidís isteach i mbanc chun é a thaisceadh i gcuntas, nó b'fhéidir go mbeadh sé níos sábháilte é a chaitheamh ar earraí dá leithéid [uaireadóirí, seodra srl]… "*

Tá an t-agallamh seo ar fáil ina iomláine ar leathanaigh meán sóisialta an Bhiúró (Facebook: @criminalassetsbureau) agus (Twitter: @criminalassets).

### Richard Curran, The Business ar RTÉ Raidió 1

Ar an 22 Meitheamh 2019, chuir Richard Curran ó The Business ar RTE ar RTÉ Raidió 1 agallamh ar Phríomhoifigeach an Bhiúró. I measc na n-ábhar a pléadh san agallamh, rinneadh léirgeas ginearálta ar na sócmhainní a ghabh an Biúró, lena n-áirítear an t-airgead tirim, an t-airgead i gcoimeád in institiúidí airgeadais, an criptea-airgead, seodra, uaireadóirí, feithiclí, aonaid réadmhaoine agus só-earraí dála málaí láimhe ardluacha agus éadaí ardluacha. Lean sé ar aghaidh ag míniú cad é an criptea-airgeadra, gur ionann é agus an t-airgeadra fíorúil, agus ag míniú dó faoi conas a chuir an Biúró oiliúint ar speisialtóirí digiteacha a bhfuil sé de chumas acu an criptea-airgeadra a ghabháil agus smacht a fháil air.

Luadh san agallamh freisin go bhfuil an Biúró aitheanta mar cheann de na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí is tábhachtaí i ndáil lena chumas chun imscrúdú a dhéanamh i ndáil leis an gcriptea-airgeadra, agus chun é a urghabháil, a choinneáil agus a dhiúscairt. Iarradh ar na speisialtóirí digiteacha oilte atá ag an mBiúró cabhrú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí eile ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin fiú.

Mhínigh Príomhoifigeach an Bhiúró cad ba cheart a bheith ag faire air agus chun na daoine sin a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith ag baint leasa as fáltais ó choireachta,

m.sh. daoine a bhfuil gnáth-thithe acu ar a bhfuil fuinneoga agus doirse piléar-phromhaidh orthu, córas CTI agus aláraim feistithe orthu, nó feithiclí só, nó a thógann laethanta saoire ardluacha srl. Cuireadh faisnéis ar fáil faoin gcaoi ar féidir leis an bpobal faisnéis den sórt sin a thuairisciú don Bhiúró.

Le haghaidh sonraí iomlána an agallaimh seo, féach leathanaigh mheán sóisialta an Bhiúró ar Twitter agus Facebook.

### Pat Kenny, Newstalk

An 20 Meán Fómhair 2019, labhair Príomhoifigeach an Bhiúró beo ar an Pat Kenny Show, ar Newstalk.

Thug sé breac-chuntas ar bhunú an Bhiúró in 1996 agus phlé sé sonraí faoin soláthar foirne údaraithe laistigh den Bhiúró.

Ar labhairt dó faoi reachtaíocht 2016 a ligeann don Bhiúró díriú ar thairseach níos ísle, mhínigh Príomhoifigeach an Bhiúró an chaoi a gceadaíonn an reachtaíocht nua don Bhiúró díriú ar choirpigh ar rangú níos ísle mar iarracht a dhéanamh cosc a chur ar a ndul chun cinn sa domhan coiriúil.

Labhair sé freisin ar an gcaoi a ndíríonn an Biúró ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí eagraithe a bhfuil baint acu le hiompar coiriúil mar chuid den fheidhm atá aige chun sócmhainní coirpeach a dhiúltú agus a bhaint díobh.

Chun teacht ar an agallamh iomláin, féach https://newstalk.com/podcasts/highlights-from-the-pat-kenny-show/discussing-role-criminal-assets-bureau

### Na Nuachtáin Náisiúnta

Thug Príomhoifigeach an Bhiúró agallaimh d’iriseoirí de chuid na Nuachtán Náisiúnta lena n-áirítear an Irish Independent, Sunday Independent, Irish Times, Irish Examiner agus an Journal.

Cuid a hOcht

*Forbairtí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta*

*Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó*

# Cuid a Naoi

## *An Tuarascáil Bhliantúil um an Nochtadh Cosanta*

### An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Éilítear le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí tuarascáil maidir leis an nochtadh cosanta a ullmhú agus a fhoilsiú don bhliain atá imithe siar díreach roimhe sin, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh.

Ní bhfuair an Biúró aon nochtadh cosanta sa tréimhse tuairiscithe suas go dtí an 31 Nollaig 2019.

Cuid a Naoi
*An Tuarascáil Bhliantúil um an Nochtadh Cosanta*

*Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó*

# Cuid a Deich
## *Conclúidí*

In 2019, d'fheidhmigh an Biúró an dualgas reachtúil neamhspleách atá aige chun dul sa tóir ar fháltais iompair choiriúil. D'fhonn an sainchúram reachtúil neamhspleách sin a chomhlíonadh, bhain an Biúró leas as forálacha an Achta um Fháltais ó Choireacht, 1996 (arna leasú), agus as an reachtaíocht um Ioncam agus Cosaint Shóisialta.

Lean an Biúró de bheith ag díriú ar shócmhainní a tháinig ó chineálacha éagsúla iompair amhrasta choiriúil, lena n-áirítear gáinneáil ar dhrugaí, calaois, gadaíocht, sciúradh agus smuigleáil de dhaoine daonna.

Tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh le bheith dírithe ar threochtaí atá ag teacht chun cinn ar nós úsáid a bhaint as ngó mótair chun sócmhainní coiriúla a cheilt agus úsáid a bhaint as criptea-airgeadra chun sócmhainní a aistriú agus calaois idirnáisiúnta.

I rith 2019, leag an Biúró béim ar leith ar a bheith dírithe ar na grúpaí coiriúla atá páirteach sa choireacht thromchúiseach agus eagraithe, chomh maith le coireacht réadmhaoine, amhail an bhuirgléireacht agus robálacha. Tá béim ar leith curtha ag an mBiúró ina chuid gníomhaíochtaí ar an gcoireacht tuaithe agus bhí roinnt dhá chuid gníomhartha dírithe ar fhorfheidhmiú an dlí in áiteanna réigiúnacha.

De bharr imscrúduithe a rinne an Biúró agus de thoradh na n-imeachtaí agus na ngníomhartha a tháinig as na himscrúduithe sin, cuireadh níos mó ná €3.9 milliún ar aghaidh chuig an bPríomh-Chiste:

- €1.559 milliún faoin reachtaíocht um Fháltais ó Choireacht.
- Bailíodh €2.026 milliún den Cháin agus
- €324,000 in gnóthachain Leasa Shóisialaigh.

Ar leibhéal idirnáisiúnta, choinnigh an Biúró naisc láidre ar bun le húdaráis forfheidhmithe dlí agus le húdaráis bhreithiúnacha ar fud na hEorpa agus an domhain.

Le linn 2019, bhí baint ag an mBiúró le roinnt imscrúduithe a bhain le hiompar coiriúil arna dhéanamh ag grúpaí coireachta eagraithe timpeall na teorann le Tuaisceart Éireann.

Lean an Biúró le forbairt a dhéanamh ar an gcaidreamh atá aige le roinnt gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ag a bhfuil naisc trasdlínse, go háirithe Interpol, Europol, Her Majesty's Revenue & Customs (HMRC) agus an National Crime Agency sa Ríocht Aontaithe, agus Gréasán CARIN.

Ós rud é gurb é an Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (OAS) ainmnithe in Éirinn, leanann an Biúró ar aghaidh ag déanamh tuilleadh forbartha ar naisc fheabhsaithe forfheidhmithe dlí le Ballstáit eile den AE.

Agus é ag féachaint lena chuid cuspóirí a bhaint amach, leanann an Biúró ar aghaidh le dul i ndlúth-theagmháil leis an nGarda Síochána, leis na Coimisinéirí Ioncaim, leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar mhaithe le straitéis chomhtháite a fhorbairt trína ndíreofar ar na sócmhainní agus ar an mbrabús a thagann ó iompar coiriúil. Meastar gur uirlis éifeachtach í an straitéis sin sa chomhrac foriomlán in aghaidh na coireachta eagraithe.

Le linn 2019, rinneadh tuilleadh forbartha ar an Oifig Faisnéise agus Measúnaithe (IAO) trí Ghrúpa Iontrála foirmiúil a bheith bunaithe a thugann comhairle do Phríomhoifigeach an Bhiúró chun spriocanna a roghnú le haghaidh imscrúdú iomlán. Tá an fhoireann

ildisciplíneach fós ag croílár an tsamhail CAB ina n-oibríonn gairmithe le chéile chun críche coitianta chun na gnóthais a fuair na coirpigh go míchuí a dhiúltú agus a bhaint astu.

Tá an Oifig Bainistíochta Sócmhainní (AMO) ag athrú de réir a chéile i gcónaí agus le linn 2019 fuarthas Córas Bainistíochta Airgeadais um Shócmhainní (AFMS) ríomhairithe.

Tá sé ar cheann de na láidreachtaí is mó tábhachtach atá ag an mBiúró an cumas atá aige teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí eile agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Ní fhéadfadh an leis an mBiúró tabhairt faoi a chuid gníomhaíochtaí gan tacaíocht ó go leor de rannóga na nGardaí Síochána, an Oibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta san áireamh, an tAonad Práinnfhreagartha, an tAonad Tacaíocht faoi Airm Réigiúnach agus pearsanra roinne áitiúil.

Anuas air sin, faigheann an Biúró cuidiú thar barr ó na rannóga éagsúla in Oifig na gCoimisinéirí Ioncam, an Oifig Faisnéise agus Aonaid Custaim. Cuidíonn oifigigh ó rannóga éagsúla sa Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí leis an mBiúró obair a dhéanamh ar ábhair a bhfuil leas ag an dá chomhlacht iontu. Ar an gcúis seo, tá raon feidhme an Bhiúró á leathnú amach aige.

Tugann oifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais comhairle agus tacaíocht den scoth don mBiúró maidir le airgeadas, rialachas agus iniúchadh agus riosca. Déanann an Roinn machnamh ar mholtaí i dtaca le hathruithe reachtaíochta agus beartais a thacaíonn le sainchúram reachtúil an Bhiúró. Is mian leis an mBiúró aitheantas a thabhairt don saineolas agus don treoir a sholáthraíonn oifigigh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais d'Oifigigh an Bhiúró agus don fhoireann i rith na bliana.

In 2019, tháinig athrú fairsing eagraíochta ar an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar fhreagairt ar mholtaí an Ghrúpa um Éifeachtacht agus Athnuachan Neamhspleách (ERG) ar bhunaigh an Rialtas é i mí Eanáir 2018 chun na hathruithe is gá a shainaithint chun freastal ar na héilimh athraithe atá tar éis teacht ar an timpeallacht. Ba mhaith leis an mBiúró an deis seo a thapú chun gach rath a ghuí ar an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais leis an gcomhlacht nua seo atá le bheith curtha i mbun agus leanfaidh sé ag obair i gcomhar leis an Roinn sna blianta beaga atá amach romhainn.

# Aguisín A
## *Cuspóirí & feidhmeanna an Bhiúró*

### Cuspóirí an Bhiúró: Alt 4 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005

4.—Faoi réir fhorálacha an Achta seo, is iad seo na cuspóirí a bheidh ag an mBiúró—

(a) sócmhainní a aithint, cibé áit a bhfuil siad, a bhaineann le daoine, a thagann nó a mheastar go dtagann, go díreach nó go hindíreach, ó ghníomhaíocht choiriúil,

(b) beart iomchuí a ghlacadh faoin dlí leis na sócmhainní sin, ina n-iomláine, nó i bpáirt, mar a d'fhéadfadh a bheith iomchuí, a choimeád ó na daoine sin nó a dhiúltú orthu, agus

(c) tabhairt faoi aon imscrúdú nó aon réamhobair eile i dtaca le himeachtaí ar bith a éiríonn ó na cuspóirí a luaitear in ailt (a) agus (b).

### Feidhmeanna an Bhiúró: Alt 5 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005

5—(1) Gan dochar d'fhairsinge Alt 4, is iad na feidhmeanna a bheidh ag an mBiúró, ag oibriú trína n-oifigigh, ná gach beart riachtanach a dhéanamh—

(a) de réir fheidhmeanna an Gharda Síochána, chun críocha, coigistiú, srianadh, úsáide, calcadh, caomhnú nó urghabháil sócmhainní a aithnítear mar shócmhainní a thagann nó a mheastar go dtagann, go díreach nó go hindíreach, ó ghníomhaíocht choiriúil

(b) faoi na hAchtanna Ioncaim nó aon fhoráil d'aon achtú eile, cibé acu ar achtaíodh é roimh nó tar éis achtú an Achta seo, a bhaineann le hioncam, le cinntiú go dtagann fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil amhrasta faoi réir cánach agus go gcuirtear na hAchtanna Ioncaim, nuair is iomchuí, i bhfeidhm go hiomlán ar fháltais nó ar ghníomhaíochtaí mar iad, de réir mar a bheidh,

(c) faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh le haghaidh imscrúdú agus cinneadh, de réir mar is iomchuí, aon éilimh ar nó i dtaca le sochar (laistigh de bhrí Alt 204 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993 ag duine ar bith atá bainteach le gníomhaíocht choiriúil, agus

(d) ar iarraidh an Aire Leasa Shóisialaigh, imscrúdú nó cinneadh a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar aon éileamh ar nó i dtaca le sochar, laistigh de bhrí Alt 204 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993, nuair a dheimhníonn an tAire Leasa Shóisialaigh go bhfuil forais réasúnta ann a chreidiúint i gcás imscrúdú ar leith, go bhféadfadh oifigigh an Aire Leasa Shóisialaigh a bheith faoi réir bagairtí nó foirmeacha eile imeaglaithe,

agus áirítear ar bhearta den sórt sin, de réir mar is iomchuí aon chomhaontú idirnáisiúnta, comhoibriú le haon fhórsa póilíní, nó aon údarás, ar údarás aisghabhála fáltais ó choireacht, cánach nó slándáil shóisialta é, in aon chríocha nó stát seachas an Stát.

(2) I dtaca le gnéithe a dtagraítear dóibh i bhfo-alt (1), ní fhorléireofar rud ar bith san Acht seo mar ghné a théann i gcion nó a shrianann ar bhealach ar bith—

(a) cumhachtaí nó dualgais an Gharda Síochána, na gCoimisinéirí Ioncaim nó an Aire Leasa Shóisialaigh, nó

(b) feidhmeanna an Ard-Aighne, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí nó an Príomh-Aturnae Stáit.

# Aguisín B
## *Ráiteas maidir leis na Rialacháin Inmheánacha*

### Raon feidhme na freagrachta

Thar ceann an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla aithním an fhreagracht atá ormsa, Príomh-Oifigeach an Bhiúró, as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach ceannais inmheánaigh. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht seo na ceangaltais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Dearbhaím go n-aontaítear plean gnó leis an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí (SMT) uair sa bhliain, agus go gcuirtear é faoi bhráid an Ard-Rúnaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar eolas dó.

Dearbhaím go bhfuil Comhaontú um Dhearbhú an Rialachais Chorparáidigh déanta idir an Biúró agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir leis na blianta 2017 – 2019 socraithe agus faoi réir athbhreithnithe leanúnaigh.

Dearbhaím gur cuireadh an Tuarascáil Bhliantúil agus an Ráiteas um Chomhlíontacht faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun an riosca a bhainistiú go leibhéal infhulaingthe, seachas chun deireadh a chur leis. Dá bharr sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéanfar sócmhainní a chosaint, agus idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéanfar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú in am trátha.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

### An Cumas chun an Riosca a Láimhseáil

Déanann an Biúró um Shócmhainní Coiriúla tuairisc don Aonad Iniúchóireachta agus Riosca Inmheánach sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le hábhair iniúchta agus tá Coiste Iniúchta agus Riosca (CIR) curtha i mbun aige. Tháinig CIR an Bhiúró le cheile ceithre uair le linn 2019.

Tá an CIR tar éis polasaí um bainistiú riosca a fhorbairt lena leagtar amach an dúil sa riosca atá san eagraíocht, an próiseas bainistíochta riosca atá socraithe agus sonraí faoi na dualgais agus na freagrachtaí atá ag an bhfoireann i dtaca leis an riosca. Eisíodh an beartas do na bainisteoirí go léir laistigh den mBiúró agus moladh dóibh an bhainistíocht a chur ar an eolas ar rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá limistéar féin oibre.

### Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an Biúró um Shócmhainní Coiriúla Córas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm lena sainaithnítear agus tuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta arna nglacadh le dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm sa Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla ina sainaithnítear na

príomhrioscaí atá roimh an Biúró agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Coiste an clár a athbhreithniú agus a uasdhátú ar bhonn uair sa ráithe. Úsáidtear torthaí na measúnaithe seo chun pleanáil a dhéanamh agus chun acmhainní a leithdháileadh ar shlí ina ndeimhnítear go ndéantar dóthain bainistíocht orthu. Sonraítear sa Chlár Rioscaí na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a sanntar do chomhaltaí sonracha foirne a mhaolú.

Thar ceann an Bhiúró, dearbhaím go bhfuil comhshaol rialaithe ann ina bhfaightear na gnéithe seo a leanas:

- Rinneadh nósanna imeachta a dhoiciméadú le haghaidh gach príomhphróiseas gnó;
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach;
- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach;
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú;
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní an Bhiúró a chosaint;
- Cuireann Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte párolla na Seirbhísí Comhroinnte ar fáil don Bhiúró

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Le linn an tréimhse atá clúdaithe faoin Ráiteas Airgeadais seo, cuireadh nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun críche monatóireachta agus ceannais. Tuairiscíodh easpa ceannais dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaithe agus do bhainistíocht, más chuí, ar bhealach. Deimhním go bhfuil an córais mhonatóireachta ag seo a leanas i bhfeidhm i ndáil leis an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla:

- tá na príomhrioscaí agus na rialaithe a baineann leo aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriúchán na príomhrialaithe sin agus chun aon lagaithe ar tugadh faoi deara iad a thuairisciú;
- rinne Aonad Iniúchóireachta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh ar na rialuithe airgeadais agus ar rialuithe eile;
- tá socruithe tuairiscithe curtha i mbun ag na leibhéil uile ar a bhfuil freagracht as an mbainistíocht airgeadais sannta;
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/tuartha.

## An Soláthar

Deimhním go bhfuil gnásanna curtha i bhfeidhm ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla chun áirithiú go gcomhlíontar leis na rialacha agus treoracha reatha um an soláthar agus gur chomhlíon an Biúró um Shócmhainní Coiriúla na gnásanna sin i rith 2019.

## Athbhreithniú ar an Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe.

Chuir obair an CIR inmheánach, an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste an Biúró ar an eolas maidir le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta rialaithe. Tá an CIR freagrach as forbairt agus cothabháil an chreat rialaithe inmheánaigh sa Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

Le linn 2019, rinne an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh ag an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla ar na rialuithe airgeadasis agus ar rialuithe eile, ar aon dul lena chlár iniúchóireachta bliantúil, chun cinnteacht a chuir ar fáil don Choiste Iniúchóireachta maidir le Vóta 24 (Dlí agus Cirt).

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor tugadh aon laigí sa rialú inmheánach i faoi deara ndáil le 2019 a éilíonn nochtadh sna Ráitis Airgeadais.

**Patrick Clavin**
**Príomh-Oifigeach an Bhiúró**
**9 Aibreán 2020**

## Aguisín B
*Ráiteas maidir leis na Rialacháin Inmheánacha*

*Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó*

# Nótaí

An Biúró um Shócmhainní
Coiriúla
Cearnóg Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 PT89